

The cover features a scenic photograph of a beach at low tide, with a rainbow visible in the sky. A large, semi-transparent silhouette of a fish is overlaid on the right side of the image. The title is centered in the lower half of the image.

**Iascach Intíre Éireann
Tuarascáil Bhliantúil
2012**



Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Clár Ábhair

Ráiteas Misin	3
Comhaltaí Boird / Foireann Bhainistíochta	4
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	8
Nóta Tráchtá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	10

Tuarascálacha na Rannóga

Oibríochtaí	13
Taighde & Forbairt	27
Forbairt Gnó	41
Acmhainní Daonna	54
Airgeadas & TFC	58
Gluais Téarmaí	64

Aguisíní

1. Léarscáil na gCeantar Abhantraí	66
2. Sceideal na nÁiritheoirí Bradán a bhí á n-oibriú ag IIÉ in 2012	67
3. Daonuaireanta Patróil i gCeantair Abhantraí	68
4. Modhanna Patróil: Tuarascáil 6 Mhí R3 & R4 de 2012	68
5. Measúnuithe Comhshaoil 2012	69
6. Cigireachtaí Comhshaoil 2012	69
7. Cigireachtaí ar Shealbhóirí Ceadanna & Ceadúnas: tuarascáil 6 mhí R3 & R4	70
8. Ionchúiseamh agus Fíneálacha ar an Láthair 2012	70
9. Oibreacha um Fhorbairt na Slatiascaireachta 2012	71
10. Athshlánú Aibhneacha/Sruthanna: tuarascáil 6 mhí R3 & R4 de 2012	71
11. Litreacha Rabhaidh Eisithe um Chosaint an Chomhshaoil	72
12. Tuarascáil ar rialú truaillithe agus ar cháilíocht uisce	72
13. Suirbhéanna um Fhorbairt Iascaigh 2012	73
14. Tuairiscí do Bheolíne Cosanta Iascaigh 24 Uaire IIÉ	73
15: Tionscadail arna gCistiú faoi Láthair	74
16. Fodhlíthe agus Ionstraimí Reachtúla 2012	75
17. Díolachán Ceadúnas um Shlatiascaireacht Bradán agus Breac Geal agus Aischur Turasleabhar	76
18. Díolachán Ceadúnas um Shlatiascaireacht Bradán agus Breac Geal i ngach CA	76
19. Tuairisc um Cheadúnais lascaireachta agus lascaigh faoi bhainistíocht CA 2012	77
20. Tionscadail an Chiste Caomhnaithe Bradán	78

21. Gabhálacha Tráchtála Bradán & Breac Geal de réir abhann ó Thuairiscí Turasleabhar	79
22. Tuairisc Stocála Éisc 2012	80
23. Clibeáil agus Athghabháil Speiceas Mara go dtí an Nollaig	81
24. Leibhéal Foirne IIÉ 2012	82
25. Cláir Oiliúna agus Forbartha 2012	82
26. Íocaíochtaí Prasa 2012	83
27. Ceisteanna Parlaiminte, Iarratais um Shaoráil Faisnéise	83
28. Sceideal na dTáillí agus na Speansais a íocadh le Bord IIÉ in 2012	83
29. Tábla Achoimre ar Urghabhálacha de réir na Míosa 2012	84-85

Ráiteas Misin

“A chinntiú go gcaomhnaítear acmhainní nádúrtha luachmhara na n-iascach intíre agus na duánachta mara, go ndéantar bainistiú orthu, go bhforbraítear iad agus go gcuirtear chun cinn ar a mbonn féin iad chun toradh dearfach don phobal agus don chomhshaol a ghiniúint.”

Príomhfheidhmeanna

Is é Iascach Intíre Éireann (IIÉ) an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as iascaigh intíre in Éirinn. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR).

Leagtar príomhfheidhm Iascach Intíre Éireann amach faoi Alt 7 (2) den Acht um Iascach Intíre, 2010. Is ionann an fheidhm sin agus acmhainn na n-iascach intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. Is iad seo a leanas feidhmeanna ginearálta IIÉ:

- (a) caomhnú, cosaint, bainistiú, margú, forbairt agus feabhsú iascach intíre, lena n-áirítear duánacht mhara, a chur chun cinn, tacú leis na nithe sin, iad a éascú, agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo,
- (b) beartas agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le hiascaigh intíre, lena n-áirítear duánacht mhara, a fhorbairt agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo, agus
- (c) a chinntiú go ndéantar beartas agus straitéisí a fhorbraítear faoi (b) a chur i ngníomh agus a chur i gcrích de réir mar a chomhaontófar leis an Aire.

Iascach Intíre Éireann, Comhaltaí an Bhoird

An tUasal Brendan O'Mahony	(Cathaoirleach) ceaptha le héifeacht ón 1 Iúil, 2010
An tUasal John Carroll	ceaptha le héifeacht ón 3 Samhain, 2010
An tUasal Andrew Duncan	ceaptha le héifeacht ón 1 Iúil, 2010
An tUasal Lal Faherty	ceaptha le héifeacht ón 1 Iúil, 2010
An tUasal John Geary	ceaptha le héifeacht ón 3 Samhain, 2010
An Dr Frances Lucy	ceaptha le héifeacht ón 1 Iúil, 2010
An tUasal Marcus Mac Mahon	ceaptha le héifeacht ón 17 Samhain, 2010
An tUasal Michael McGreal	ceaptha le héifeacht ón 3 Samhain, 2010
Muireann O'Neill Uasal	ceaptha le héifeacht ón 7 Nollaig, 2010
An Dr Ciarán Byrne	comhalta ex-officio le reacht ón 1 Iúil 2010.

Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012

I rith na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012, thionól an Bord aon cheann déag de chruinnithe Boird. D'fhreastail comhaltaí uile an Bhoird ar naoi gcinn de na cruinnithe, agus bhí beirt chomhaltaí nár bhféidir leo freastal ar dhá chruinniú agus beirt chomhaltaí eile nár bhféidir leo freastal ar chruinniú amháin an duine.

An Fhoireann Bhainistíochta

An Dr Ciarán Byrne	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An tUasal Pat Doherty	Ceann Airgeadais agus TFC
An tUasal Kieran Murphy	Ceann Acmhainní Daonna
An Dr Greg Forde	Ceann Oibríochtaí
An Dr Cathal Gallagher	Ceann Taighde & Forbartha
Suzanne Campion Uasal	Ceann na Forbartha Gnó.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2012 Iascach Intíre Éireann (IIÉ) a chur i láthair. Bunaíodh IIÉ go foirmiúil ar an 1 Iúil 2010 tar éis cónasctha ar an bPríomh-Bhord Iascaigh agus na seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha. Leagtar amach príomhfheidhmeanna IIÉ in Alt 7 den Acht um Iascach Intíre, 2010 agus is ionann iad agus cosaint, bainistiú agus caomhnú acmhainn na n-iascach intíre. Ina theannta sin, tá feidhm ghinearálta ag IIÉ i dtaca le caomhnú, cosaint, bainistiú, margú, forbairt agus feabhsú iascach intíre, lena n-áirítear duánacht mhara, a chur chun cinn, tacú leis na nithe sin, iad a éascú, agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo mar atá leagtha amach in Alt 7 (a) den Acht. Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ardleibhéil ar an obair a rinneadh agus ar na seirbhísí a chuir IIÉ ar fáil le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012.



Soláthraítear na cuntais airgeadais d'Iascach Intíre Éireann don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2012 sa tuarascáil Airgeadais & TFC. Tá na cuntais sin leis na hiniúcháirí faoi láthair, agus mar sin cuirtear i láthair iad i bhfoirm dhréachta, gan iniúchadh déanta orthu, sa tuarascáil seo.

De réir alt 13.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009:

- (i) Ba í an t-aon fhorbairt shuntasach amháin ó thaobh na tráchtála in 2012 ná go bhfuarthas suíomh ceanncheathrún nua. Rinneadh tairiscint cheannaigh ar fhoirgneamh nua, ach ní raibh an t-idirbheart dúnta ag deireadh na bliana. Níor bhunaigh an Bord aon fhochuideachtaí, níor ghlac sé páirt i gcomhfhiontair ná ní bhfuair sé scaireanna ar bith;
- (ii) Chomhlíon an Bord gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, soláthar agus diúscairt sócmhainní;
- (iii) Chomhlíon an Bord a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach;
- (iv) Tá ráiteas ar chóras an Bhoird um rialú inmheánach airgeadais ar fáil freisin sa tuarascáil bhliantúil seo;
- (v) Cuireadh i bhfeidhm na Cóid um Iompar sa Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe agus cloíodh leo. Tá na Cóid sin ar fáil ar láithreán Gréasáin IIÉ;
- (vi) Chomhlíon an Bord beartais an Rialtais maidir le pá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus pá na bhfostaithe uile;
- (vii) Chomhlíon an Bord treoirlínte an Rialtais maidir le táillí Stiúrthóra a íoc ón 1 Iúil 2012. Roimhe sin, níor chomhlíon sé na treoirlínte sin. Is saincheist í sin atá fós le réiteach;
- (viii) Amhail an lá inniu, ní ann d'aon imeachtaí suntasacha iar-chláir comhardaithe;
- (ix) Chomhlíon an Bord na Treoirlínte um Measúnú agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitiúil;
- (x) Chomhlíon an Bord gach ceanglas faoi Bheartas an Rialtais um Thaisteal;
- (xi) Rinne comhaltaí uile an Bhoird Nochtadh Leasanna i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009.
- (xii) Ghlac an Bord an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009 agus tá an Bord ag cloí le forálacha an Chóid.

De réir Alt 13.2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, is féidir liom a dhearbhu nach ndearnadh aon fhorbairtí íogaire i dtéarmaí tráchtála sa tréimhse shé mhí roimhe seo. Sa bhliain airgeadais 2012, áfach, chuir IIÉ chun cinn a phleananna maidir lena cheanncheathrú a athlonnú go dtí suíomh nua, chun caiteachas suntasach fadtéarmach ar chíos a sheachaint den chuid ba mhó. Thug an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha cead foirgneamh nua a cheannach agus a fheistiú agus sholáthair sí cistiú caipitil chuige sin. Tar éis cuardach uileghabhálach, aimsíodh foirgneamh nua agus, amhail dheireadh na bliana, ní raibh an idirbheartaíocht faoin gceannach tugtha chun críche.

Mar a bhí amhlaidh in 2011, agus le roinnt blianta roimhe sin, bhí 2012 ina bhliain dhúshlánach don tseirbhís iascach, toisc gur cuireadh laghduithe breise ar leithdháiltí buiséid i bhfeidhm air, mar aon leis an gCosc ar Earcaíocht sa tSeirbhís Phoiblí (a raibh tionchar níos mó aige), dhá rud a chuaigh i bhfeidhm ar a lán Gníomhaireachtaí Stáit eile freisin. D'ainneoin na ndúshlán sin, d'éirigh leis an bhfoireann clár oibríochtaí cuimsitheach, a bhí dírithe ar ghnó, a sheachadadh sna réimsí lárnacha seo a leanas: caomhnú, cosaint, agus bainistiú na n-iascach agus margaíocht agus forbairt a dhéanamh orthu.

Ba é ceann de na príomh-bhuntaistí a bhain le bunú IIÉ in 2010 ná gur soláthraíodh an deis chun oibríochtaí agus riarachán na seirbhíse iascach a chomhchuibhiú, agus leanadh leis an gclár caighdeánaithe i ngach réimse den ghnó i ndáil leis sin in 2012. Seachadadh é sin trí iniúchadh a dhéanamh ar roinnt feidhmeanna agus sócmhainní agus moltaí na n-iniúchtaí a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, lean lucht bainistíochta agus foireann IIÉ ag spreagadh cultúir um luach ar airgead, ní amháin maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, ach freisin maidir le húsáid sócmhainní agus comhroinnt sócmhainní ar fud na heagraíochta. De bharr na laghduithe suntasacha ar an gcistiú ón státchiste, b'éigean díriú níos dlúithe fós ar chaiteachas, agus leanfar leis an gclár reatha maidir le costais a íslíú agus éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach in 2013.

Eagraíocht is ea IIÉ a bhfuil béim aici ar luach daoine, agus is amhlaidh, beagnach gan eisceacht, nach mbeadh an obair a dhéanaimid indéanta murach tiomantas agus díograis na foirne. Ní mór aitheantas a thabhairt dóibh as glacadh leis an iliomad dúshlán atá os ár gcomhair in 2012 agus as a bheith ag obair go dlúth leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí le bealaí nua a fhorbairt chun dul i mbun gnó. Tá moladh tuillte acu chomh maith i ndáil le héifeachtachtaí agus teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach agus tacú leo ar fud na heagraíochta ar fad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtacaíocht i rith 2012. Chuidigh siad leis an ngnó a threorú ar aghaidh agus a chinntiú gur bhain an lucht bainistíocht agus an fhoireann amach na spriocanna dúshlánacha a aithníodh i bPlean Gnó 2012. Bhí ról lárnach ag an mBord i ndáil le tosaíochtaí straitéiseacha a leagan amach i gcomhair na heagraíochta in 2012 agus lena chinntiú go raibh pleananna i bhfeidhm chun na tosaíochtaí straitéiseacha sin a bhaint amach. Níl aon amhras orm go dtabharfaidh siad cúnamh cumasach maidir le hathrú a chur ar earnáil na n-iascach intíre thar shaolré an Bhoird.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Pat Rabbitte, TD agus leis an Aire Stáit sa Roinn sin, Fergus O'Dowd TD, agus le hoifigigh na Roinne sin as ucht a dtréantacaíochta leanúnaí.

Brendan O'Mahony

Brendan O'Mahony

Cathaoirleach

Aibreán 2013

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais

In ullmhú an ráitis seo, bhí mé ag brath ar aighneachtaí a rinne lucht bainistíochta Iascach Intíre Éireann. I rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012, bhí Bord IIÉ freagrach as a chinntiú go raibh córas cuí um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm laistigh den Ghníomhaireacht.

Níor fhéad na córais a bhí i bhfeidhm ag an mBord ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndearnadh na sócmhainní a chosaint, go ndearnadh idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndearnadh earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath i dtréimhse thráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta ar fáil don bhainistíocht, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus ar chóras tarmligthe agus cuntasachta. Áiríodh go háirithe leis:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla a bhí formheasta ag an mBord.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéil lena ndearnadh athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus a ndearnadh athbhreithniú orthu ag cruinnithe Boird agus ag cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta.
- D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus baill na foirne bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear an Ceann Airgeadais, ar na cruinnithe bainistíochta sinsearaí, a reáchtáladh ar bhonn míosúil chun an fheidhmíocht in aghaidh buiséid a scrúdú agus chun saincheistanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht a phlé.
- Feidhm iniúcháireachta inmheánaí lena ndearnadh monatóireacht ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta agus ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm laistigh den eagraíocht. Thuairiscigh an t-iniúcháir inmheánach do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta.
- Coiste Iniúcháireachta ar a raibh ar a laghad triúr comhaltaí Boird agus a thionól cruinniú ceithre huaire sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2012. Áirítear le dualgais an Choiste:
 - a) athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad.
 - b) comhphlé de réir mar is cuí le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
 - c) plé maidir le haon fhadhbanna agus aon amhrais a thagann chun cinn ón iniúchadh inmheánach agus ón iniúchadh seachtrach agus aon nithe a d'fhéadfadh gur mian leis na hiniúcháirí iad a phlé leis an gcoiste (gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair nuair is gá).
 - d) athbhreithniú a dhéanamh ar litir bhainistíochta an iniúchára sheachtraigh agus ar fhreagra an luchta bainistíochta.
 - e) athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus aird ar leith ar chistí AE.
 - f) cinntí móra na bhfiosrúchán inmheánach agus freagra an luchta bainistíochta a bhreithniú.
 - g) ábhair ábhartha eile a bhreithniú de réir mar a shainíonn an Bord iad.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta don Bhord.

Glacann an Bord cinntí móra straitéiseacha agus tionólaíonn sé cruinnithe rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní fheidhmiúnn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach amháin i gcomhréir leis an sainchúram arna

tharmligeann dóibh ag an mBord d'fhonn éifeacht a thabhairt do bheartais agus do shocruithe an Bhoird. Bíonn comhairleoirí gairmiúla an Bhoird ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag an mBord mar is gá. D'fhormheas an Bord an beartas riosca faoi réir athbhreithniú ar scóráil riosca.

I leith na tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig, 2012, rinne na hiniúcháirí inmheánacha athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar son an Bhoird.



Brendan O'Mahony
Cathaoirleach.

Nóta Tráchtá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Dr Ciaran Byrne

Sa tuarascáil seo, leagtar amach ar leibhéal ard an obair a raibh Iascach Intíre Éireann (IIÉ) ina bun i rith na bliana 2012. Ba é fócas lárnach na heagraíochta in 2012 plean gnó cuimsitheach a sheachadadh, lenar cuimsíodh caomhnú, cosaint, bainistiú, margú, forbairt agus feabhsú ár gcuid iascach intíre agus ár gcuid acmhainní duánachta mara, agus, rud is tábhachtach é, bunú IIÉ mar ghníomhaireacht iascach aonair le comhspríocanna agus cultúr eagraíochtúil coiteann a dhaingniú agus tógáil air.

Ghlac IIÉ leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009 agus d'oibrigh sé laistigh de chomhthéacs an Chóid sin. In 2012 fuair IIÉ deontas Stáitchiste €25.448 milliún, ar leithdháileadh €17.665 milliún de i dtreo chostais pá €19.6 milliún. Ghin IIÉ €5.3 milliún ó fhoinsí eile in 2012 chomh maith. Rinneadh an tsuim sin a ath-infheistiú in acmhainn na n-iascach intíre a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint.



Airgeadas & TFC

I rith 2012, dhírigh an Rannóg Airgeadais ar a thuilleadh uasghrádaithe a dhéanamh ar ailtireacht na teicneolaíochta faisnéise agus an airgeadais, agus próisis a chaighdeánú ar fud an ghnó. Maidir le tuairisciú airgeadais, trí mhodúil feabhsaithe a fheidhmiú go céimneach ar phacáiste bogearraí cuntasáíochta IIÉ agus tríd athfhorbairt a dhéanamh ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla, éascaíodh cinnteoireacht airgeadais níos fearr ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, thacaigh an Rannóg Airgeadais le roinnt iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha i rith na bliana, agus ghlac gach ceann díobh méid suntasach acmhainní foirne. Le linn 2012, rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le struchtúir TF IIÉ a chomhdhlúthú i suíomh amháin sa cheanncheathrú i Sord.

Saintréith den bhliain 2012 freisin arbh ea an méid suntasach tuairiscithe neamhchaighdeánaigh maidir le méadracht airgeadais a d'éiligh ár máthair-Roinn (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Roinn Airgeadais. Ina theannta sin, chuir an Rannóg Airgeadais tacaíocht shuntasach ar fáil i bhfoirm na n-áireamh pinsean agus na comhairle um pinsin do bhaill foirne a bhí ag smaoineamh ar dul ar scor faoin Scéim Luathscóir Dhreasaithe a tháinig chun críche i mí Feabhra.

Oibríochtaí

Tá an Rannóg seo dírithe ar na seirbhísí iascach a sheachadadh i bpobail áitiúla, ar ról fíor-riachtanach é, agus tacaíonn gach ceann de na Rannóga eile leis ina leith sin. Déantar an Rannóg Oibríochtaí a bhainistiú ar bhonn na gCeantar Abhantraí (CA). Le linn thréimhse na tuarascála seo, bhí fócas lárnach na Rannóige Oibríochtaí ar sheachadadh an Phlean Gnó a comhaontaíodh i gcomhair 2012 agus ar chur chuige comhsheasmhach a fhorbairt maidir le hacmhainn na n-iascach intíre a bhainistiú, trí dheachleachtas a aithint agus a chur i bhfeidhm i ngach CA.

Maidir le hoibríochtaí IIÉ, bliain ar leith arbh ea 2012 mar go raibh sí ar cheann de na blianta ba fhliche a ndearnadh taifead uirthi. Bhí tionchar ag an aimsir ar an gcaoi agus an áit ar tugadh faoin obair iascach agus ar an gcur chuige ina leith, agus, go deimhin, bhí tionchar aici ar cén obair ar tugadh fúithi. Mar gheall ar an aimsir, cuireadh moill ar roinnt clár forbartha agus feabhsaithe nó cuireadh isteach orthu. I roinnt réimsí, áfach,

laghdaíodh an fócas ar chosaint mar gheall go raibh aibhneacha tuilte agus nach bhféadfaí iascaireacht a dhéanamh orthu, cibé go dleathach nó go neamhdhleathach, ar feadh tréimhsí suntasacha den bhliain. In 2012, tháinig go leor d'fheidhmeanna na Rannóige Lóistíochta faoi chúram na Rannóige Oibríochtaí agus leanadh leis an gclár um laghdú an chabhlaigh agus um chomhdhlúthú saoráidí agus acmhainní. Ina theannta sin, rinneadh comhdhlúthú ar roinnt conarthaí bainistíochta saoráidí do gach príomhoifig de chuid IIÉ le linn na bliana.

Taighde & Forbairt

Rinne eolaithe sa Rannóg Taighde & Forbartha seachadadh ar chlár taighde agus forbartha spriocdhírthe, mar atá leagtha amach i bPlean Gnó 2012. Sa chlár sin, cuimsíodh raon tionscadal, idir chur i ngníomh oibleagáidí reachtúla na hÉireann faoin gCreat-Treoir Uisce agus faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus sholáthar comhairle eolaíoch don Aire i ndáil le bradáin agus le speicis éisc eile. Tréimhse an-rathúil arbh ea é don chomhoibriú eolaíochta le comhghníomhaireachtaí, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, Uiscebhealaí Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Foras na Mara. Ina theannta sin, sholáthar eolaithe de chuid na Rannóige seirbhís chuimsitheach chomhairleach agus tacaíochta don Aire agus don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. Le roinnt blianta anuas, rinneadh sruthlíniú suntasach ar an Rannóg Taighde & Forbartha, agus is é toradh an tsruthlínithe sin go bhfuil Rannóg ina seirbhís eolaíoch fheidhmeach den chuid is mó, agus go ndéantar na riachtanais taighde bhunúsacha a sheachadadh trí chomhoibriú le roinnt Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta.

Acmhainní Daonna

Dhírigh an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) in 2012 ar a chinntiú go raibh dóthain baill foirne ag IIÉ chun a Phríomhphlean Gnó a chur i ngníomh agus é ag cloí freisin le ceanglais dhochta an Chreata Rialaithe Fostaíochta mar atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I measc nithe eile, bhí sé i gceist leis sin bainistiú a dhéanamh ar scéim luathscoir na seirbhíse poiblí a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra.

Ba é an dúshlán ba mhó a bhí le sárú ag an Rannóg Acmhainní Daonna thar thréimhse na tuarascála seo ná oibriú chun cultúr eagrúcháin nua a fhorbairt le haghaidh IIÉ, agus tacaíochtaí agus seirbhísí Acmhainní Daonna / Caidrimh Thionsclaíoch a sholáthar don phobal agus do Rannóga eile laistigh de IIÉ agus an líon foirne á laghdú go dtí na leibhéil atá ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. D'oibrigh baill foirne de chuid na Rannóige go han-dlúth freisin le comhghleacaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha maidir le soláthar raon faisnéise AD a úsáideadh chun cabhrú le bainistiú na hearnála poiblí, go háirithe i gcomhthéacs an laghdaithe ar mhéid na hearnála poiblí go ginearálta.


Forbairt Gnó

Ba bhliain ghnóthach í 2012 don Rannóg Forbartha Gnó, agus bhí rath leanúnach ar roinnt clár tábhachtach, lena n-áirítear an clár 'Something Fishy' a reáchtáladh i gcomhar le hIonaid Oideachais Náisiúnta, agus Seachtain Feasachta na nIascach, tionscnamh a dearadh chun daoine nach slatiascairí iad a spreagadh chun dul i mbun na slatiascaireachta.

Chomh maith leis na cláir um oideachas agus chur chun cinn, tá tacaíocht tugtha ag baill foirne ón Rannóg Forbartha Gnó do líon suntasach iriseoirí slatiascaireachta, agus d'fhreastail siad ar roinnt seónna slatiascaireachta agus stíl mhaireachtála idirnáisiúnta chun an tslatiascaireacht a chur chun cinn in Éirinn. Ceann de na ról lárnacha a tugadh don Rannóg Forbartha Gnó nuair a bunaíodh í is ea feabhas a chur ar an

idirghníomhaíocht idir IIÉ agus clubanna agus cónaidhmeanna slatiascaireachta, chun cuidiú leo ról níos mó a bheith acu i mbainistiú na n-iascach. Maidir leis sin, ba bhliain an-rathúil í 2012, agus thacaigh IIÉ le roinnt de na cláir a reáchtáil na cónaidhmeanna slatiascaireachta. Chuir baill foirne ón Rannóg roinnt treoracha ar líne i dtoll a chéile chomh maith chun cabhrú le clubanna tabhairt faoi obair fhorbartha ar iascaigh áitiúla. Rinneadh tuilleadh sruthlínithe agus comhdhlúthaithe ar fheidhmeanna IIÉ um margú agus chur chun cinn le linn 2012.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chathaoirleach, Brendan O'Mahony, mo chomhaltaí Boird, leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne IIÉ. Murach iad, ní fhéadfaí an obair a dtugtar tuairisc uirthi sa tuarascáil seo a dhéanamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann ár máthair-Roinne (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha) a d'oibrigh go dian dícheallach chun a chinntiú go raibh 2012 ina bhliain rathúil d'earnáil na n-iascach intíre. Ba mhaith liom freisin foireann ar fad IIÉ a mholadh; leanann siad ag déanamh togha na hoibre díograisí i gcomhair na heagraíochta. In ainneoin bliain dheacair eile a bheith curtha dinn in 2012, tá muinín agus dóchas agam go bhfuilimid i riocht maith chun aon chonstaicí a shárú leis an treallús, an tiomantas agus an saineolas a léiríodh i rith na bliana seo caite.



An Dr Ciaran Byrne

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Iascach Intíre Éireann

Oibríochtaí

Oibríochtaí – Buneolas

Bainistíonn an Rannóg Oibríochtaí gníomhaíochtaí allamuigh IIÉ ó lá go lá ar fud na tíre i ndáil le cosaint, forbairt agus forfheidhmiú na n-iascach, agus clúdaítear obair 258 ball foirne. Is é an Dr Greg Forde, atá lonnaithe i nGaillimh, atá i gceannas ar an Rannóg agus cuidíonn seisear Stiúrthóirí Ceantar Abhantraí leis.

Ag teacht le bunspricanna IIÉ, leanann an Rannóg Oibríochtaí ag seachadadh seirbhís ghairmiúil ar fud na bhfeidhmeanna lárnacha, le béim ar chosaint na hacmhainne agus ar fhorbairt agus chur i bhfeidhm nósanna imeachta agus beartas mar bhealach lena chinntiú go bhfuil cur chuige aonfhoirmeach agus comhsheasmhach i bhfeidhm maidir le hiascaigh a bhainistiú ar fud na tíre.

Le 12 mhí anuas, tá roinnt athruithe spreagtha agus curtha i bhfeidhm i réimse na gcleachtas oibre laistigh de IIÉ. Ar na hathruithe is suntasaí díobh, bhí feidhmiú céimneach éide oifigiúil IIÉ i mí Feabhra 2012 i gcás gach baill foirne allamuigh, a raibh tionchar an-dearfach aige maidir le braistint an phobail i leith na Seirbhíse Iascach a athrú.

Bhí cur i bhfeidhm an trealaimh faireachais nua in 2012 an-éifeachtach freisin maidir le dul i ngleic le gníomhaíocht iascaireachta neamhdhleathach. Trí úsáid a bhaint as radhairc oíche, scópanna breicneoireachta agus ceamaraí soghluaiste teilifís ciorcaid iata (CCTV), rinneadh dul chun cinn mór maidir le hoibríochtaí faireachais cheilte a dhéanamh.

Chomh maith leis na feabhsúcháin ar an gcumas faireachais, cuireadh leis an gcumas teileachumarsáide nuair a cuireadh treoirchóras cumarsáide raidió Tetra i bhfeidhm go céimneach i gCeantar Abhantraí an Iardheiscirt.

Rinneadh dhá chinneadh an-tábhachtacha díl le linn na bliana. Ar an gcéad cheann, bhí breithiúnas na hArd-Chúirte a eisíodh i ndáil leis an triail mhodúlach maidir le bainistiú beartaithe IIÉ ar Abhainn Ghaoth Beara i nDún na nGall. Bhain an dara cinneadh le hachomharc i gcoinne theideal IIÉ ar phíosa Chluain Gaoith d'Abhainn na Muaidhe i mBéal an Átha, áit a ndearna bruachúinéir agóid in aghaidh theideal IIÉ; bhuaigh IIÉ an dá chás go cuimsitheach.

Acmhainn ár nIascach a Chosaint

Ginearálta

Tá cosaint acmhainn iascaigh fionnuisce agus chósta na hÉireann ina príomhchuspóir ag an tseirbhís iascaigh. In 2012 thionscain IIÉ 98 ionchúiseamh i leith sáruithe ar na hAchtanna um Iascach. Bhain siad den chuid ba mhó le hiascaireacht neamhdhleathach agus le truailliú uisce.

Leanann póitseáil bradán ar aghaidh ar fud na tíre in ainneoin iarrachtaí fhoireann IIÉ, agus tá béim phóitseála ar leith ar ríbhadráin atá ag dul suas go luath. Chomh maith lena bheith ag obair chun an acmhainn a chosaint go fisiceach, rinne IIÉ iarracht freisin modhanna reachtacha a úsáid trí thabhairt isteach réimse Fodhlíthe i rith na bliana a thabharfaidh cosaint don acmhainn.

Rinne IIÉ iarracht shuntasach maidir le patróil amach ón gcósta Theas chun minicíocht na hiascaireachta neamhdhleathaí doingeana a laghdú. Lean an iarracht sin pléiti leis an Udarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) agus eisiúint barántais 'Doingeana' faoin Acht Iascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006 do bhaill foirne allamuigh IIÉ. Tá roinnt

ionchúiseamh tábhachtach sa réimse sin ar feitheamh. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht mhéadaithe cosanta, tháinig laghdú ar líon na n-eachtraí póitseála doingean le hais blianta roimhe.

Mar thoradh ar an obair cosanta a rinne an fhoireann i leith iascach le linn 2012, urghabhadh 7 mbád agus níos mó ná 24,500 méadar líontáin chomh maith le trealamh eile a bhaineann le líontáin agus leis an tsliatiascaireacht. Tá sonraí na nithe uile a urghabhadh, lena n-áirítear an dáta, an dúiche, suíomh na hurghabhála agus sonraí faoi na nithe a urghabhadh, ar fáil sa Tábla Achomair um Urghabhálacha 2012 in Aguisín 29, agus tá sonraí iomlána ar fáil ag www.fisheriesireland.ie.

Dhírigh IIÉ isteach ar ghníomhaíocht cosanta i 'ndrochspotaí' chun iarracht a dhéanamh an ghnáthphóitseáil a laghdú. Cé gur éirigh leis sin agus go ndearnadh roinnt ionchúiseamh tábhachtach dá bharr, chuidigh aimsir an tsamhraidh, a bhí thar a bheith fliuch, leis na héisc na póitseálaithe a sheachaint, mar gheall go raibh leibhéil an uisce níos airde ná mar a bhí riamh ar feadh tréimhsí fada.

Leithdháileadh acmhainní suntasacha cosanta freisin do mhonatóireacht agus chosaint Iascaigh Eascann agus ar chúnamh a sholáthar do chlár 'Sáinnigh agus Iompar' Bhord Soláthair an Leictreachais um an eascann gheal. Le bliain anuas, scaoileadh 30.5 tonna eascann ó Abhainn na hÉirne agus scaoileadh 24 tonna eascann ó Abhainn na Sionainne; sáinníodh na heascanna sin os cionn an ndambaí hidrileictreacha, iompraíodh tharstu iad agus scaoileadh ar ais isteach san fhiadhúlra iad le haghaidh imirce go dtí Farraige Saragossa.



Fíor 1: Umar nua um scaoileadh eascann gheal ag an tarrae eireabaill ar an Éirne, Béal Átha Seanaidh

Chuir IIÉ patról ar bun ar na hiascaigh oisrí fiáine ar fud na tíre agus chuir sé i bhfeidhm neamh-dhiansaothrú an cheangaltais iascaigh a bhaineann le heisiúint na gceadúnas Oisrí in 2012, a bhaineann leis an easpa Measúnuithe Cuí ar an iascach sin arna ndéanamh faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Táthar ag súil go mbeidh an Measúnú Cuí maidir le Loch Súilí, atá ar cheann de na príomhiascaigh oisrí fiáine, curtha i gcrích in 2013.

Ceann de na nithe ba mhó a bhí ina chúis imní i rith na bliana ba ea an méadú ar mhinicíocht agus dhéine na forrántachta i dtreo bhaill foirne allamuigh IIÉ. Tá monatóireacht á déanamh air sin agus tugadh roinnt cásanna um ionsaí agus bac os comhair na gcúirteanna.

Réimse eile dianghníomhaíochta arbh ea cur i bhfeidhm na rialachán um shliatiascaireacht bradán in aibhneacha le leithdháiltí clibeanna donna. Aibhneacha is ea iad atá oscailte d'iascaireacht bradán ghabhála agus mharaithe, ach a bhfuil barrachas

níos lú iontu agus seans maith go mbeadh an barrachas sin sáraithe ag slatiascairí. Léiríonn líon na gclibeanna donna a eisítear an barrachas ar an abhainn. Tá cosaint bhreise de dhíth ar na haibhneacha sin.

Clocha Míle Dlí

Rinneadh roinnt breithiúnas suntasach dlíthiúil in 2012. Ar an gceann ba shuntasáí, bhí an breithiúnas a eisíodh i ndáil leis an triail mhodúlach maidir le bainistiú beartaithe IIÉ ar Abhainn Ghaoth Beara i nDún na nGall. Bhí ábharthacht náisiúnta ag toradh an cháis sin mar gur dearbhaíodh leis teidlíocht IIÉ maidir le hIascaigh Stáit a bhainistiú agus teidlíocht IIÉ maidir le hiascaigh a bhainistiú (le comhaontú) thar ceann úinéirí príobháideacha. Leis an mbreithiúnas sin a thug an Breitheamh Onórach Laffoy, leagtar amach an bealach chun an plean bainistíochta áitiúla a thabhairt chun cinn, agus tá réiteach ar deireadh ar an tsaincheist seo a bhí ar siúl le 10 mbliana anuas.

Ina breithiúnas, dúirt an Breitheamh Onórach Laffoy nár bhunaigh na cosantóirí aon cheart, idir cheart phoiblí agus cheart eile, chun dul i mbun iascaireachta sa chuid fionnuisce d'Abhainn Ghaoth Beara, lena n-áirítear an chuid di arb í ábhar an mhodúil seo.

I mbeagán focal, d'éirigh le IIÉ maidir le gach saincheist a cuireadh ina haghaidh sa mhodúl sin agus dhiúltaigh an Breitheamh do gach gné d'éileamh na gcosantóirí go raibh cearta iascaireachta faighte acu gan cead na n-úinéirí. Bhí feidhm ag an mbreithiúnas maidir leis an gcuid fíoruisce iomlán d'Abhainn Ghaoth Beara agus ní hamháin an chuid is ábhar don triail mhodúlach.

Tá achomharc i leith an bhreithiúnais déanta ó shin ag na cosantóirí chuig an gCúirt Uachtarach, agus d'fhéadfadh sé a bheith suas go dtí ceithre bliana sula ndéantar é a éisteacht, ach seasann breithiúnas na hArd-Chúirte idir an dá linn.

Bhain an dara cinneadh le hachomharc i gcoinne theideal IIÉ ar phíos Chluain Gaoith d'Abhainn na Muaidhe i mBéal an Átha. Éisteadh an cás, ar cuireadh tús leis in 2007, ar deireadh go luath i mí na Bealtaine i gCúirt Chuarda Chaisleán an Bharraigh. Bhain an cás le héileamh a rinne bruachúinéir talún ar chearta iascaireachta, feadh an chuid d'Iascach Chluain Gaoith (atá faoi úinéireacht IIÉ) atá i gcomharsanacht a chuid talún ar dtús, ach ina dhiaidh sin feadh chuid i bhfad níos fairsinge den iascach. Ag deireadh an cháis, shínigh an Breitheamh Ordú inar dearbhaíodh teideal IIÉ i leith an iascaigh ar fad. Sonraíodh san ordú freisin nach raibh éileamh ar bith ag na bruachúinéirí ar aon chuid d'Abhainn na Muaidhe agus, go háirithe, ar an gcuid di atá i gcomharsanacht a gcuid tailte. Áiríodh leis an Ordú freisin roinnt gealltanais ó na bruachúinéirí gan cur isteach ar IIÉ maidir le hoibriú an iascaigh.

Fíneálacha/Ionchúisimh/Forghéillte

Thionscain IIÉ 98 ionchúisimh (Féach Aguisín 8) i leith sárruithe ar an Acht um Iascach agus ar an Acht um Thruailliú Uisce. Éisteadh 91 díobh sa chúirt le linn 2012 agus tá an chuid eile díobh le teacht os comhair na gcúirteanna in 2013. Maidir le 'Fíneáil ar an Láthair', d'éisigh IIÉ 388 fíneáil dar luach €35,875 san iomlán. An t-airgead a fuarthas ó fhíneálacha in ionad ionchúisimh nó ó fhíneálacha ar an láthair, infheistíonn IIÉ é i gcosaint agus i bhforbairt na hacmhainne slatiascaireachta.

Is iad ionchúisimh maidir le cionta salmainide (bradáin, bric gheala agus bric dhonna) formhór na gcionta a rinneadh i rith na bliana, agus tá líon níos lú díobh i gceist maidir le cionta iascaireachta i leith éisc garbha agus an doingin.

Gach bliain, déantar méid suntasach de líontán neamhdhleathach a urghabháil san fharrage agus san fhionnuisce, ach bíonn méid suntasach póitseála geimhridh ar siúl freisin, ina ndírítear ar iasc 'neamhshéasúrach' ar na leapacha sceite ar thalamh ard le gabhlóga modhnuithe agus réimse trealaimh.

I roinnt de na cásanna ba mheasa, áit ar cruthaíodh go ndearnadh ionsaí ar oifigigh iascaigh, gearradh pianbhreitheanna coimeáda.

Fodhlíthe/Rialacháin/Athbhreithniú ar an reachtaíocht

I gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, thug foireann na Rannóige Oibríochtaí faoi athbhreithniú iomlán ar gach Fodhlí um Iascaigh d'fhonn scagadh a dhéanamh ar liosta na rialachán atá ann faoi láthair agus Fodhlíthe atá as dáta a aisghairm. Táthar ag súil go gcuirfear an obair sin i gcrích in 2014. Ina theannta sin, caitheadh méid suntasach ama ag ullmhú an chreata i leith nuachóiriú na reachtaíochta iascach a hachtófar i rith na bliana seo chugainn.

I gcomhréir leis ceanglas na rialachán bradán agus le stádas athraitheach roinnt de na haibhneacha bradán, ritheadh réimse fodhlíthe chun modhanna slatiascaireachta agus líon na n-iasc is féidir a mharú (mála-theorainneacha iascaigh) a rialú. Tá liosta de na Fodhlíthe ábhartha a achtaíodh le haghaidh 2012 ar fáil in Aguisín 16.

Teicneolaíocht Nua

Tugadh isteach teicneolaíocht fíís oíche agus scópanna breicneoireachta agus ceamaraí faireachais ardchumhachta faoi threoirscéim d'fhonn a n-éifeachtacht a thástáil maidir le cur in aghaidh na póitseála agus na gníomhaíochta iascaireachta neamhdhleathaí. Trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí nuálacha sin, maolaíodh roinnt den tionchar a bhí ag an laghdú ar líon na mball foirne allamuigh mar thoradh ar an lánchosc earcaíochta.

Cuireadh isteach ceamaraí ceilte in áiteanna tábhachtacha ar fud na tíre, agus bhí éifeacht ar leith ag baint leo maidir le gníomhaíocht neamhdhleathach féideartha a bhrath, a thaifeadadh agus Oifigigh Iascaigh a chur ar an eolas ina leith.

Eisíodh ceamaraí CCTV colainne do bhaill foirne cosanta i ndrochréimsí áirithe, agus táthar ag súil go gcuideoidh na ceamaraí sin chun díspreagadh a dhéanamh ar an iompar foréigneach agus ionsaitheach ina leith agus reachtaíocht um iascaigh á forfheidhmiú acu, iompar atá le sonrú níos minice le blianta beaga anuas. Suítear na ceamaraí ar an uchthphóca agus soláthraíonn siad píosaí scannáin ardchaighdeán ar féidir iad a íoslódáil go héasca go dtí ríomhaire chun féachaint orthu, agus a úsáid mar fhianaise más gá.

Cuireadh feabhas ar chúrsaí Teileachumarsáide le tabhairt isteach treoirchórais Tetra cumarsáide raidió i gCeantar Abhantraí an Iardheiscirt (CAID). Tá an córas Tetra láidir agus iontaofa ar muir agus ar talamh araon. Úsáideadh ceamaraí CCTV soghluaiste sna Ceantair Abhantraí chomh maith, rud a chabhraigh go mór le gnáthphatróil agus cúlchoimhead. Níl aon amhras ann gur tháinig méadú ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus gur laghdaíodh costais ar fud na seirbhíse mar gheall ar an dá uirlis sin.



Fíor 2: Oifigeach Iascaigh ag caitheamh éide nua agus ceamara CCTV colainne air

D'éirigh go maith le húsáid Cadhcanna i gcomhair patróil ar aibhneacha agus lochanna. Is féidir patról a dhéanamh anois ar an dá bhuach de chórais abhann iomlána i roinnt uaireanta an chloig, áit a mbíodh cúpla lá i gceist roimhe seo chun patról a dhéanamh orthu mar gheall ar a suíomh iargúlta nó ar dhrochphointí rochtana. Úsáideadh Feithicil Fónais Oibre (*Utility Task Vehicle* nó UTV) chun patról a dhéanamh ar thránna Loch Garman i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach doingeann, agus d'éirigh go maith leis sin. Leis an UTV, déantar méadú suntasach ar an achar a chlúdaítear le linn patróil agus tá an fheithicil ina bac mór ar ghníomhaíocht neamhdhleathach. Cuireadh leis an achar trá a ndearnadh patról air de bharr úsáid na feithicle.



Fíor 3. Patról cadhc ar Abhainn Chonga

An Comhshaol agus Éisc

Slad ar Éisc

Tuairiscíodh 10 slad ar éisc in 2012, agus tá sonraí ina leith ar fáil in Aguisín 12. D'fhreagair IIÉ go tapa do shlad mór ar éisc ar Abhainn Fheartraí i gCo. Chill Mhantáin i mí an Mheithimh. Bhí sé sin ar cheann de na sladanna ba mhó ar éisc sa tír le blianta beaga anuas. Tharla an slad sin ar éisc agus uiscí na habhann i ndálaí tuile, rud is neamhghnách. Mar gheall ar na dálaí tuile agus gurb amhlaidh go bhféadfadh aon ábhar salaithe féideartha a bheith imithe le sruth go han-tapa, ba dheacair foinse an tslada a aimsiú go cinntitheach, in ainneoin imscrúdú uileghabhálach.

Rinne IIÉ imscrúdú freisin ar thuairisc maidir le héisc mharbha san Abhainn Bhán i nDún Léire, Co. Lú ar an 3 Lúnasa. Tugadh faoi deara thart ar 1,000 iasc marbh thar stráice 4 km ó Battsland, Dún Léire síos an abhainn go dtí an cumar leis an Níth. Áiríodh leis na básanna Bradáin agus Bric Gheala, Eascanna, Bodairlínní agus an Chailleach Rua, idir óg agus shean. In ainneoin mionchuardaigh sa cheantar, ní bhfuarthas aon sceitheadh truailliúcháin chuig an abhainn.

Seo a leanas forbhreathnú gairid ar chuid de na saincheistanna tábhachtacha comhshaoil a raibh tionchar acu ar ghnáthóga éisc in 2012, agus cuir síos ar an ról a bhí ag IIÉ maidir lena réiteach:

- D'éirigh le hionchúiseamh a rinne IIÉ i gcás tar éis slada ar éisc ar 5.1km d'Abhainn na Glóire, Co. Cill Chainnigh – tharla sé sin mar thoradh ar eisilteach sadhlais a scaoileadh amach.

- Tar éis teagmhas truaillithe ola ar Abhainn na Daoile i mí Eanáir agus ar Abhainn na Grúda ar lá Fhéile Stiofáin, d'oibrigh IIÉ leis na húdaráis áitiúla agus chuir sé cúnamh ar fáil chun cabhrú leis an nglanadh agus le monatóireacht na suíomhanna.
- Thionscain IIÉ ionchúiseamh rathúil i gcoinne Iarnród Éireann i rith 2012 agus bronnadh fíneálacha agus costais dar luach €14,000 air i ndáil le teagmhas truaillithe ag a chlós in aice le hAbhainn na Bóinne. Bhí obair roinnt blianta i gceist leis an gcás sin.
- Taifeadadh dhá shlad ar éisc i gCeantar Lios Mór i rith 2012, ar Abhainn Chill Aichidh ag Maigh Dhíle agus ar Abhainn na Greadóige i mBaile Mhistéala. Tharla an teagmhas ar Abhainn Chill Aichidh mar thoradh ar dhoirteadh lotnaidicídí agus tá sé ina ábhar gníomhaíochta leanúnaí ag IIÉ. Tharla an teagmhas ar Abhainn na Greadóige inar maraíodh 700 iasc mar thoradh ar scaoileadh amach ó áitreabh ceadúnaithe um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus tá sé faoi réir gníomh forfheidhmiúcháin de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil faoi láthair.
- Rinneadh imscrúdú ar shlad ar éisc ar an Ára, Co. Thiobraid Árann. Maraíodh roinnt breac agus speicis eile feadh stráice 300m de chainéal i mBaile Thiobraid Árann. Níor braitheadh foinse an truailléin.

Cáilíocht an Uisce agus Truailliú

Níor tharla go leor de na fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce nó le truailliú uisce a bhaineann go hiondúil le leibhéil ísle uisce i rith mhíonna an tsamhraidh agus laistigh den fhéilire feirmeoireachta le linn 2012 mar gheall ar leibhéal an-ard báistí agus dálaí tuile a lean ar aghaidh ar fud na tíre ar feadh cuid mhaith den bhliain.

Tugadh ceithre ionchúiseamh comhshaoil chun críche go rathúil in 2012. Bhain siad le teagmhais ar Abhainn na Gráige in aice le Cill Airne, Abhainn Sal in aice le Droichead na Bandan, Abhainn Mullaghnagown in aice leis an Léim, Co. Chorcaí agus Abhainn Airgidín in aice le Cloich na Coillte. Tharla dhá cheann de na cásanna de bharr scaoilte ó oibríochtaí cairéalachta; bhí ceann amháin mar thoradh ar scaoileadh eisilteach sadhlais agus bhain ceann eile le hoibreacha forbartha sa sruth. Ba é an reachtaíocht phríomhúil a úsáideadh sna hionchúisimh Alt 171 agus Alt 173 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959.

Rinneadh imscrúdú ar éalú thart ar 5,000 róiste i bhfo-abhainn den tSiúir. Thuairiscigh slatiascairí áitiúla sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann líon mór iasc beag san fho-abhainn agus tar éis iad a scrúdú fuarthas amach gur róistí iad. Seoladh oibriú mór aisghabhála agus baineadh níos mó ná 5,000 róiste agus cuireadh isteach i loch in aice láimhe iad, a raibh róiste ann roimhe sin.

Tionscadail Bhonneagair

I rith 2012 lean IIÉ ar aghaidh leis an measúnú leanúnach ar a lán tionscadal bonneagar. Ina measc, bhí tógáil baile nua ag an Mhóin Ard, Co. Chorcaí, tógáil Pháirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta ag an gCurraichín, Co. Chorcaí agus tógáil Scéim Faoisimh Tuile na Deargaile.

Caitheadh cuid mhaith ama le saincheisteanna pleanála agus saincheisteanna oibríochtúla maidir le suiteáil píblíne gáis nua a shíneann ó Callainn, Co. Chill Chainnigh go dtí stáisiún cumhachta an Oileáin Mhóir i gContae Loch Garman.

Áiríodh le ról IIÉ maidir leis na tionscadail sin agus tionscadail eile cosúil leo oibríochtaí chun éisc a bhaint d'fhonn oibreacha a éascú, comhairle maidir le hoibreacha insrutha

maolaithe, oibreacha um athchóiriú gnáthóga agus feabhas a chur ar bhealaí éisc nuair a tháinig na deiseanna sin chun cinn, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol le linn na tógála go háirithe maidir le siolta ag rith chun srutha.

Cuireadh roinnt mhaith aighneachtaí i láthair maidir le tograí um Ghléasra Cumhachta Hidrea-Leictreach (*Hydro-Electric Powerplant* nó HEP) lena n-áirítear achomharc chuig an mBord Pleanála maidir le saoráid HEP beartaithe ar an tSláine ag Áth Fhád.

Bhí baint ag foireann IIÉ le céimeanna pleanála agus suiteála roinnt tionscadal feirme gaoithe lena n-áirítear tionscadal mór arna fhorbairt in abhantrach na Bearú uachtair ag Bord na Móna Energy Ltd.

Saincheisteanna Comhshaoil Ginearálta – Dúshlán a bhí le sárú in 2012

Bhí uainiú na ndeisiú droichead thar chainéil íogaire ag údarais áitiúla ar cheann de na saincheisteanna móra comhshaoil a bhí le sárú le linn 2012. Rinneadh deisiú práinneach ar a lán droichead bóthair sa tír. I roinnt cásanna, lorg na hÚdarais Áitiúla cead na hoibreacha a dhéanamh faoi mhaolú i rith na 'tréimhse dúnta' le haghaidh oibreacha, a shíneann ó Dheireadh Fómhair go dtí mí Aibreáin. Is é feidhm na tréimhse dúnta sin éisc sceite a chosaint mar gheall go bhfuil an bradán agus an breac agus a gcuid uibheacha toirchithe an-leochaileach i leith sioltacháin nó scaoilte eile ábhar díobhálach i rith na tréimhse sin. Beidh IIÉ ag obair chun a chinntiú go gcuirfidh Údarais Áitiúla agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta na próisis tairisceana den sórt sin i gcrích, a mhéid is féidir, ionas gur féidir oibreacha riachtanacha a dhéanamh idir Bealtaine agus Meán Fómhair, rud a laghdódh an riosca i leith cainéil íogaire.

In 2012, bhain a lán de na hoibreacha sin le hoibreacha éigeandála, ach bhain roinnt díobh le hoibreacha a d'fhéadfadh a bheith déanta le linn mhíonna an tsamhraidh ach nár thug na hiarratasóirí faoi deara iad, nó níor tháinig an tsaincheist os comhair IIÉ nuair a tháinig fáil ar an gcistiú chun an obair a dhéanamh sa dara chuid den bhliain.

Toradh eile a bhí ar na tuilte le blianta beaga anuas is ea na tograí le haghaidh oibreacha um maolú tuilte ar scála mór ar roinnt aibhneacha lena n-áirítear an Aighlinn, Abhainn na Bandan agus an Fhéil i Co. Chorcaí agus an Dothra agus an Deargail i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin. D'fhéadfadh tionchar diúltach suntasach a bheith ag tograí den sórt sin ar iascaigh.

Todhchaí na nIasc a Dhaingniú

Gnáthóg Éisc a Fhorbairt

Gach bliain, tugann IIÉ faoi shraith oibreacha forbartha iascaigh, cuid acu mar chuid de na gnáthoibreacha a dhéantar ar fud na tíre agus oibreacha eile mar thionscadail forbartha aon uaire. Nuair is féidir, féachann IIÉ chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as cistí forbartha trí chistiú a spreagadh ó fhoinsí neamhspleácha cosúil le clubanna slatiascaireachta, cistiú tionscadail de chuid LEADER (Liason Entre Actions pour le Développement d'Economie Rurale, Clár Forbartha Tuaithe) agus foinsí eile. Seo thíos sampla beag de roinnt de na hoibreacha forbartha a rinneadh in 2012:

Dobharcheantar Loch Coirib

Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ar ghnáthóga éisc ar ceithre chainéal i ndobharcheantar Loch Coirib i rith na bliana. Feabhsaíodh níos mó ná 1,000 méadar de chainéil fhriothálacha in abhantracha Loch Coirib agus Loch Measca in 2012. Áiríodh leis na hoibreacha struchtúir insrutha a chruthú a ceapadh chun cuidiú le táirgeadh agus marthanais salmainide óig. Féadadh na hoibreacha feabhsúcháin a dhéanamh mar gheall

ar chúnamh airgeadais ó Chónaidhm Slatiascaireachta Loch Coirib, ó Fhondúireacht Chlaídí, ó chlubanna slatiascaireachta áitiúla agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tionscadal Athshlánaithe na hAbhann Gairbhe

Clár mór athchóirithe abhann is ea é seo, ag leanúint ó sciorradh talún tromchúiseach. Go dtí seo tá 5,200 méadar de chainéal athchóirithe ar shuíomhanna éagsúla suas le sruth ó dhroichead bóthair an R280 in 2012.

Tionscadal Athshlánaithe Abhainn Loch Uí Fhloinn

Rinne IIÉ athchóiriú ar an bpríomhsruth sceite a ritheann isteach i Loch Uí Fhloinn, Co. Ros Comáin. Tuairiscíodh méadú ar líon na gclaiseanna breac le linn an gheimhridh, lenar deimhníodh gur éirigh leis an tionscadal seo.

An Laoi, Trá Lí

I gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin um ghnáthóga insrutha agus bruacha abhann feadh stráice 1,000 méadar den Laoi (Trá Lí). Áiríodh leis sin bearradh fairsing crann agus tor agus smionagar a bhí tar éis titim a bhaint chun an solas a ligean isteach go dtí leaba na habhann. Ina theannta sin, tugadh isteach sraonairí sa sruth, linnte agus bruacha gairbhéil feadh chuid 200 méadar den Laoi síos an abhainn.

Droichid Chill Mhantáin

I gcomhar le Comhairle Contae Chill Mhantáin agus le Fóram Oidhreacht Chill Mhantáin, chríochnaigh baill foirne an tuarascáil um Thionscadal Droichid Chill Mhantáin, faoina ndearnadh measúnú ar 103 droichead maidir lena dtionchar ar ghluaiseacht speiceas éisc imirceacha. Aicmíodh 58 de na struchtúir mar chinn a chruthaigh 'Ard-Riosca' i ndáil le speiceas salmainide, aicmíodh 12 struchtúr mar chinn 'Riosca Measartha' maidir le gluaiseacht bradán, agus aicmíodh 68 struchtúr as 103 mar chinn 'Ard-Riosca' i ndáil le gluaiseacht Loimpre agus Eascann.

An Iascaigh

Thug foireann IIÉ isteach gairbhéal sceite nua ar an Iascaigh ag Droichead Loch Iascaigh. Cuireadh an obair i gcrích i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Rinne baill foirne ón dá ghníomhaireacht suirbhé forleathan ar an Diúilicín Péarla Fionnuisce sular tosaíodh ar an obair.

Lochanna agus Aibhneacha a bhainistiú

Tá IIÉ fós ag bainistiú a lán aibhneacha agus lochanna ar fud na tíre, idir lochanna beaga garbhiascaireachta sa Chabhán, i Muineachán agus i Liatroim agus aibhneacha suntasacha bradán ar an gcósta thiar amhail Abhainn na Muaidhe agus Abhainn na hOirimhe.

Chuaigh samhradh an-fhliuch na bliana 2012 i bhfeidhm go mór ar iascach Linn Droma agus na hArdeaglaise ar Abhainn na Muaidhe agus ar na hIascaigh a ndéantar bainistiú orthu i nGaillimh. Bhí an t-ioncam ón dá iascach cuid mhaith níos ísle ná mar a bhí in 2011 mar gheall ar na leibhéil arda uisce a sheas ar feadh i bhfad de bharr dhroch-aimsir an tsamhraidh. Bhí séasúr níos fearr ag iascach Abhainn na hOirimhe agus ag iascach Chluain Gaoith ar Abhainn na Muaidhe ná mar a bhí in 2011, mar thoradh ar staid na haimsire i gcás Abhainn na Muaidhe ag Cluain Gaoith agus freisin mar thoradh díreach ar

bhliain slatiascaireachta den scoth in 2011 i gcás Iascach Abhainn na hOirimhe. Bhí méadú 21% ar an ioncam ó cheadanna agus chóiríocht ar iascach Abhainn na hOirimhe le hais ioncam 2011 agus, i gcás iascach Chluain Gaoith ar Abhainn na Muaidhe, taifeadadh an bhliain ab fhearr ó cheannaigh an Stát é; bhí ardú 11% ar an ioncam ó cheadanna le hais ioncam 2011. Bhain iascach Chluain Gaoith ar Abhainn na Muaidhe tairbhe as na leibhéil arda uisce ar na réimsí iascaigh ar an Mhuaidh íochtarach.



Fíor 4. Bradán ag iarraidh dul suas ar Chora na Cora

Lean IIÉ freisin ag bainistiú iascach faoi úinéireacht an Stáit lena n-áirítear an Iascaigh, an Eidhnigh, Abhainn Fhia, Abhainn Chroithlí, an Leacach agus Abhainn Ghleann Bheatha gCo. Dhún na nGall agus tá comhaontuithe bainistíochta i bhfeidhm (ar iascaigh níos lú atá faoi úinéireacht an Stáit) le clubanna áitiúla ionas go mbainistíonn an club an t-iascach de réir choinníollacha an chomhaontaithe. Ina measc siúd tá Abhainn Ráithe agus Abhainn Thulacha Beigile agus Lochanna Dhún Fionnachaidh.

Forbairt an Bhonneagair Slatiascaireachta

Forbairt na Rochtana

Cuireadh tionscadail shuntasacha um bonneagar slatiascaireachta agus rochtain ar iascaigh i gcrích ar uiscí faoi úinéireacht an Stáit, amhail an Iascaigh, Abhainn Fhia agus an Eidhnigh i nDún na nGall. Chuathas i mbun tuilleadh oibreacha um fhorbairt agus fheabhsú iascach, lena n-áirítear cothabháil an bhonneagair slatiascaireachta a raibh damáiste déanta de, agus, nuair ba ghá, é a bhaint nó a athsholáthar, i gcomhar le clubanna slatiascaireachta, ar an Leacach, an Rí agus Abhainn Thulacha Beigile, ag baint úsáide as tionscnaimh chomhchistiúcháin ó Údarás na Gaeltachta, LEADER agus saothar deonach ag obair faoi mhaoirseacht IIÉ.

I gcomhar le cumainn slatiascaireachta áitiúla agus Cumainn Forbartha Turasóireachta agus clubanna slatiascaireachta, thug baill foirne de chuid IIÉ cúnamh d'féilte garbhiascaireachta ag brath ar riachtanais áitiúla. San iomlán glanadh níos mó ná 1,000 'snámh' chun ullmhú i gcomhair comórtais slatiascaireachta i lár na tíre.



Fíor 5. Seastán á tógadh ag Loch an Chláir, Clár Chlainne Mhuiris i gcomhpháirtíocht le Cumann Tráchtála Chlár Chlainne Mhuiris

Abhainn Bhórú (Fo-abhainn den tSláine)

Thug IIÉ faoi shíneadh a chur leis an siúlán slatiascaireachta ar an iascach ina bhfuil a lán breac geal ar Abhainn Bhórú ag Borodale, agus cuireadh i gcrích an obair le tacaíocht chistiúcháin ó Choillte, ar leo an talamh ag an suíomh sin.

Loch Mhucnú

Bhí IIÉ ina chomhpháirtí tionscadail maidir le Tionscadal Forbartha Loch Mhucnú. Faoin tionscadal, iompaíodh cuid den loch ina ionad comórtas garbhiascaireachta den scoth. Tá caighdeán CIPS (Confederation Internationale de la Pêche Sportive) bainte amach ag an ionad agus tá roinnt comórtais iascaireachta idirnáisiúnta meallta aige cheana féin.

Tionscadal Trasteorann um Leas a bhaint as Acmhainní Nádirtha

In 2012 fuair IIÉ cistiú €53,800 i ndáil le forbairt Herons Shore i nDroim Seanbhó, Co. Liatroma. Cuireadh feabhas ar rochtain do shlatiascairí trí 10 spás páirceála bhreise a chur leis, mar aon le rochtain chonaire ar an loch feadh an chladaigh. Mar chuid den tionscadal sin, forbraíodh feabhsuithe rochtana agus seastán iascaireachta ar snámh ar Loch na nAcráí.

Comórtais Idirnáisiúnta

Ba iad seo a leanas na príomhfhéilte garbhiascaireachta a fuair tacaíocht ó IIÉ trí sholáthar tacaíochta foirne agus lóistíochta: Craobh Péirí Domhanda na Lochanna agus na nUiscebhealaí Intíre, *Arvagh King of Clubs*, Féile Idirnáisiúnta Ármhach, *Benelux King of Clubs*, *Seniors Classic*, Féile Mhuinchille, Féile Charraig Álainn, *Loch Gamhna (Jimmy Sloan)*, *Lough Gowna Open*, Féile Chill na Seanrátha, Féile Bhéal Tairbirt agus comórtas náisiúnta garbhiascaireachta chraobh na hÉireann Sóisearach agus Sinsearach Náisiúnta de chuid Chónaidhm Náisiúnta Garbhiascaireachta na hÉireann.

Rochtain Slatiascairí ar Abhainn na hOirimhe

Cuireadh feabhas suntasach ar rochtain slatiascaireachta ar iascach Abhainn na hOirimhe, Co. Mhaigh Eo, áit ar suiteáladh droichead coise nua. Tá an droichead sin ina chuid de Shlí an Iarthair agus bhí sé cistithe ag Forbairt Iardheisceart Mhaigh Eo,

cuideachta LEADER. Leis an droichead, fágfar níos éasca é ag slatiascairí agus siúlóirí araon an abhainn a thrasnú beag beann ar staid an uisce.

An Clár um Áiritheoirí Iasc

Bainistíonn IIÉ 31 áiritheoir bradáin agus breac geal ar fud na tíre. Tá na háiritheoirí sin á n-uasghrádú faoi láthair chun a chinntiú go bhfeidhmeofar iad de réir a mbuaic-chumais. B'éigean tabhairt faoi roinnt oibreacha ar na suíomhanna áiritheoirí iasc níos sine chun fíorú físeán a shuiteáil, agus nuair a bhí gá leis, leathánra plaisteach agus sean-chruaearraí um áireamh iasc a athnuachan. I gcomhar leis na hoibreacha sin, tá forbairt suíomh Gréasáin in-tí le haghaidh na sonraí ar fad ó na háiritheoirí iasc a óstáil ar bun faoi láthair, agus beidh an obair sin críochnaithe in 2013. Tá Sceideal na n-áiritheoirí bradáin a bhí á n-oibriú ag IIÉ in 2012 le fáil in Aguisín 2.

Forbairt Iascach (Comhairle, treoir agus maoirseacht a sholáthar)

Chomh maith leis an gcúram forbartha leathan atá á chomhlíonadh ag IIÉ ar aibhneacha agus lochanna ar fud na tíre, tugann IIÉ cúnamh do chlubanna slatiascaireachta, do ghrúpaí pobail áitiúla agus do scoileanna i ndáil le pleananna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir lena gcuid cúrsaí uisce áitiúla a chosaint agus a fheabhsú. Tugann IIÉ comhairle phraiticiúil maidir le cad é is fearr a dhéanamh le haghaidh na ngnáthóg áitiúil agus na bithéagsúlachta agus freisin cabhraíonn sé le hullmhú pleananna suntasacha ina lorgaítear cistiú ó thríú páirtithe maidir le forbairt na ngnáthóige iascach nó an bhonneagair slatiascaireachta. Ní hí an ghnáthóg insrutha amháin atá i gceist leis sin, ach folaítear freisin an crios bruachánach ar bhruacha na n-aibhneacha. Chuidigh IIÉ le go leor clubanna slatiascaireachta áitiúla maidir le hiarratais eolacha ar chistiú a chur isteach faoi chlár an Chiste Caomhnaithe Bradáin.



Fíor 6. Bradáin ag dul suas thar áiritheoir iasc ar an Eidhnigh, Co. Dhún na nGall

Iascaigh Bhainistithe


Leanann IIÉ de shraith lochanna ar fud na tíre a bhainistiú faoi réir an éilimh ó shlatiascairí. Déantar na hiascaigh sin a stocáil ó acmhainní gorlainne IIÉ féin in Cullion, Co. na hIarmhí nó Ros Cré, Co. Thiobraid Árann. Ina theannta sin, tá roinnt lochanna eile á mbainistiú go díreach ag clubanna slatiascaireachta áitiúla agus sna cásanna sin cuireann foireann IIÉ comhairle ar fáil agus déanann siad maoirsiú ar oibreacha. I gceantair áirithe, cruthaíonn IIÉ iascaigh nua nó cuireann siad le hiascaigh atá ann cheana trí éisc a aistriú ó lochanna eile áit a bhfuil speicis chreiche á mbaint astu. Chomh maith leis na hiascaigh sin, bainistíonn IIÉ na hiascaigh breac donn fiáin is fearr sa tír, lena n-áirítear Loch Coirib, Loch Measca, Loch Ceara, Loch Conn, Loch Cuilinn, Loch Arbhach, Loch Léin, Loch Inse Uí Chuinn, Loch Meilbhe, Loch Síleann, Loch Uail, Loch Ainninn agus Loch Dairbhreach.

Speicis Ionracha a Bhainistiú

Le blianta beaga anuas, tá glactha ag IIÉ leis an bhfreagracht maidir le speicis ionracha uisceacha agus bruachánacha a bhainistiú. Tharla sin tar éis leathnú tapa na bhfiailí ionracha, go háirithe i roinnt lochanna agus aibhneacha agus feadh roinnt bruacha abhann. Mar chuid den chlár bainistíochta foriomlán, thug IIÉ faoi chlár ollmhór um rialú agus baint fiailí ar Loch Coirib, go háirithe, áit a bhfuil an líobhógach Afracach (*Lagarosiphon major*) tar éis é féin a bhunú. Thug an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha Poiblí (a chur tacaíocht shuntasach lóistíochúil ar fáil freisin), Comhairle Contae na Gaillimhe agus an Chomhairle Oidhreachta tacaíocht shuntasach don obair sin. Murach an tacaíocht airgeadais bhliantúil sin, ní fhéadfaí dul ar aghaidh leis an obair.

Lean Tionscadal LIFE+ na Maoilchearna le baint na speiceas ionrach neamhdhúchasach i rith na bliana. Cuimsíodh leis an tionscadal sin baint Lus na Pléisce de láimh ag oibríthe deonacha caomhnúcháin na Maoilchearna, agus spraeáil Feabhrán Capaill ag Comhairle Contae Luimnigh.

Rinne tionscadal LIFE+ Dhúiche Ealla Fhorbairt Tuaithe na hÉireann, i gcomhar le IIÉ, glanadh láimhe fairsing de Lus na Pléisce ó dhobharcheantar Abhainn Ealla, fo-abhainn den Abhainn Mhór i gCo. Chorcaí agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin le linn 2013. Cé go bhfuil príomhchainéal na hAbhann Móire coilínithe go forleathan ag an bplanda ionrach sin, cuirfidh an tionscnamh seo eolas ar fáil faoi indéantacht na hoibre sin maidir le fo-aibhneacha tábhachtacha a bhfuil an speiceas sin forleathan iontu.



Fíor 7. Suíomhanna i Loch Coirib mar a ndearnadh oibríochtaí rialaithe móra um líobhógach Afracach in 2012 (n = 30)

In Abhantrach na Laoi i gCorcaigh, cuireadh clár suntasach oibre ar bun chun dul i ngleic leis an bhFeabhrán Capaill ag roinnt áiteanna feadh Thaiscumar Inis Cara. Thug úinéirí talún áitiúla agus BSL cúnamh freisin maidir le pócaí beaga de na plandaí a bhaint.

Rud a bhfuil suim ar leith ann i gcomhthéacs bainistíochta speiceas ionrach is ea an chuma atá ar an scéal go bhfuil an Tím Uisce Chaol i dTaiscumar Charraig an Droichid, a d'fhás go fairsing roimhe seo, imithe go hiomlán. D'fhéadfadh go bhfuil baint aige sin le tionchar an dianfhuachta a bhí ann i Nollaig 2010 nuair a nocht leibhéil ísle uisce sa taiscumar na plandaí agus an tsubstráit leaba taiscumar do dhálaí reo ar feadh roinnt seachtainí.



Fíor 8. Cathaoirleach Bhord IIÉ, an tUasal Brendan O'Mahony agus an tAire Fergus O'Dowd ag déanamh cigireachta ar na saoráidí nua díghalrúcháin ag Iascach na Gaillimhe

I rith an Chomórtais Slatiascaireachta Péirí Domhanda 2012, rinne foireann theicniúil IIÉ oibríochtaí tumtha agus díghalrúcháin ar an trealamh go léir de chuid na slatiascairí, mar aon le líontáin coimeádta, buataisí agus lapairí. Tionóladh sraith cruinnithe eolais ar fud an réigiúin chun béim a leagan ar an mbaol a bhaineann le speicis ionracha uisceacha agus scaipeadh bróisiúir ábhartha. Cuireadh comharthaí rabhaidh faoin mbaol a bhaineann le leathadh Diúilicíní Riabhacha (*Drissenia polymorpha*) agus an riachtanas báid a nigh in airde ag na hiascaigh mhóra sa cheantar. Tá foireann IIÉ ag leanúint ar aghaidh, le cabhair ó chónaidhmeanna slatiascaireachta amhail Comhaontas Forbartha Slatiascaireachta na hÉireann, ag déanamh iarrachtaí chun a chinntiú go gcuirtear rialacha iomaíochta 'gan tumadh, gan tarraingt' i bhfeidhm ag gach comórtas garbhascaireachta agus gach féile gharbhascaireachta. Tá coistí agus eagraithe á gcur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis na mbeartas sin.

Lóistíocht

Réadmhaoin agus Saoráidí

Rinneadh measúnú ar roinnt ionad réadmhaoin ar fud na gCeantar Abhantraí tar éis gur aithníodh ábhair imní maidir lena n-oiriúnacht mar ionaid oibre. Aithníodh roinnt réimsí mar réimsí tosaíochta maidir le hathsholáthar nó le huasghrádú agus déanfar iad sin a imscrúdú tuilleadh in 2013 nuair a thabharfar faoi thuarascáil chuimsitheach ar gach réadmhaoin a ullmhú.

Ó 2007 i leith, tá áitreabh 2,500 troigh chearnach ar léas ag IIÉ i gCill Mhic Réanáin, Co. Dhún na nGall, a sholáthraíonn bunáit le haghaidh stórála bád agus trealamh sa cheantar. Tar éis cuardach cuimsitheach, d'aithin IIÉ áitreabh oiriúnach lena cheannach i Leitir Ceanainn in 2012 a sholáthróidh bunáit bhuan (4,000 troigh chearnach) i suíomh lárnach le haghaidh na hoifige, agus chun trealamh, feithiclí, agus Báid Righin Inséidte a stóráil. Táthar ag súil go dtabharfar an ceannach chun críche go luath in 2013.

Seirbhísí Soláthair

Lean IIÉ ag baint leasa as na seirbhísí de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus go háirithe an tairseach eTenders. Comhlíonann IIÉ treoirlínte soláthair phoiblí trína Bheartas um Cheannach agus Sholáthar Poiblí.

Feithiclí agus Báid

Cheannaigh IIÉ 20 feithicil nua in 2012 in ionad feithicilí a bhí éirithe sean. Ceannaíodh 12 fheithicil trí chonradh creatlaí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus 8 gcinn trí áis eTenders na Seirbhíse sin. Tá IIÉ fós ag déanamh réasúnú ar an bhflít feithicilí dá chuid agus seirbhís iascach shoghluaiste á soláthar aige ag an am céanna do bhreis is 200 ball foirne allamuigh i bPoblacht na hÉireann.

Thionscain IIÉ suirbhé um Báid Righin Inséidte ag deireadh na bliana 2012, atá le bheith críochnaithe in 2013. Mar chuid den phróiseas sin, lorg IIÉ comhairle agus treoir ó Gharda Cóstá na hÉireann agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile.

Thug foireann lóistíochta IIÉ cúnamh maidir le dhá bhád alúmanaim mhóra a aithint agus a cheannach don tionscadal um Rialú Speiceas Ionracha Uisceacha (CASIE) ar Loch Coirib, atá cistithe ag an AE.

Trealamh Cosanta Pearsanta agus seirbhísí do Cheantair Abhantraí (CA)

In 2012 cheannaigh IIÉ 130 seaicéad tarrthála 375 níutan do bhaill foirne atá ag gabháil d'oibríochtaí farraige. Forbraíodh an seaicéad tarrthála sin do Gharda Cóstá na hÉireann i gcomhar le IIÉ agus is dul chun cinn é maidir le baill foirne IIÉ a choinneáil sábháilte agus iad ar an uisce.

Eisíodh buataisí rubair agus lapairí ardchaighdeán caighdeánaithe do bhaill foirne allamuigh IIÉ agus eisíodh cultacha tirime ardsonraíochta caighdeánaithe chomh maith do 70 ball foirne ar theastaigh cinn nua uathu.

Taighde agus Forbairt

Taighde agus Forbairt – Buneolas

Leanann an Rannóg Taighde agus Forbartha (T&F) d'Iascach Intíre Éireann (IIÉ) ag díriú ar thaighde agus chomhairle ardchaighdeán a sholáthar chun tacú le caomhnú, cosaint agus forbairt inbhuanaithe acmhainn na n-iascach intíre in Éirinn. Le roinnt blianta anuas, tá athstruchtúrú nach beag déanta ar an bhfeidhm chun freastal ar an laghdú atá tagtha ar shain-acmhainní agus ar chistiú. Tá an t-athstruchtúrú sin dírithe ar chomhlíonadh freagrachtaí reachtúla faoin Treoir maidir le Gnáthóga, faoin gCreat-Treoir Uisce, faoi rialachán an Aontais Eorpaigh um Eascanna agus chun tacú le forbairt na reachtaíochta.

Tá bunús na dea-bhainistíochta agus na dea-chinnteoireachta le fáil sa chomhairle ardchaighdeán; mhéadaigh an riachtanas um chomhairle ó shaineolaithe arís in 2012, leis an bhfreastal ar iarratais ón Rialtas, ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, ó lucht bainistíochta IIÉ, ó pháirtithe leasmhara, ó chomhlachtaí idirnáisiúnta agus ó dhaoine aonair. Tá caighdeán agus soláthar na comhairle sin ag brath ar cháilíocht, chainníocht agus aois na sonraí atá ar fáil; seachtadtar na sonraí sin trí roinnt de na tionscadail a dtugtar tuairisc orthu sa tuarascáil seo.

Tá áthas ar Rannóg T&F IIÉ a thuairisciú gur baineadh amach na spriocanna a leagadh amach i bPleananna Gnó 2012 de chuid IIÉ. Bhí bliain rathúil ag gach tionscadal, agus na srianta acmhainne a bhí i bhfeidhm san áireamh. Maolaíodh aon fhadhbanna ó thaobh acmhainní trí thosaíochtaí a shonrú maidir le tionscadail agus tascanna. Mar sin féin, níor éirigh le roinnt tionscadal na cláir iomlána allamuigh a bhí beartaithe a chur i gcrích. Níl sé i gceist na tionscadail ar fad agus na táirgí insoláthartha a cuireadh i gcrích a dhoiciméadú sa tuarascáil seo ach déantar cur síos inti ar roinnt de mhóréachtaí na Rannóige in 2012.

An Chreat-Treoir Uisce (CTU)

In 2007, chuir IIÉ (ar a dtugtaí an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha go dtí an 1 Iúil 2010) tús le clár monatóireachta iasc chun measúnú a dhéanamh ar shláinte aibhneacha, lochanna agus inbhir/murlaigh na hÉireann. Tá an obair sin riachtanach chun cloí le ceangaltais Chreat-Treoir Uisce na gComhphobal Eorpach, a trasúodh i ndlí na hÉireann trí I.R. Uimhir 722 de 2003. Sa chlár rollach cuimsitheach trí bliana um monatóireacht iasc atá forbartha ag IIÉ, cuimsítear os cionn 300 dobharlach, lena n-áirítear 154 suíomh abhann, 78 dobharlach idirthréimhseacha (inbhir agus murlaigh) agus 78 loch. Baintear leas as faisnéis a bhailítear i ngach suirbhé chun 'stádas éiceolaíochta' a shannadh do gach dobharlach, idir stádas ard agus drochstádas.



Fíor 9. Saighean ar dhobharlach idirthréimhseach Abhainn na Bóinne, Deireadh Fómhair 2012

Bhí suirbhéanna iasc CTU a rinneadh le linn 2012 ina gcuid den dara clár rollach trí bliana um monatóireacht iasc idir 2010 agus 2012. Mar gheall ar laghdú ar an leibhéal foirne agus an drochaimsir a bhí ann le linn 2012, rinneadh suirbhé ar líon níos lú dobharlach ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar sin féin, a bhuíochas le dianiarracht a rinne an fhoireann CTU chomh maith le cúnamh óna lán ball foirne Réigiúnacha i Rannóg na nOibríochtaí de chuid IIÉ, cuireadh suirbhéanna i gcrích i 23 dobharlach locha, 58 dobharlach abhann agus 3 dobharlach idirthréimhseacha san iomlán ar fud na tíre.

Rinne foireann monatóireachta iasc CTU de chuid IIÉ agus foireann Ghníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann cleachtas samplála i rith na suirbhéanna uisce idirthréimhseacha agus é ina chuspóir acu prótacail chomhchuibhithe samplála a fhorbairt le haghaidh iasc in uiscí idirthréimhseacha i gcomhair oileán na hÉireann.

Foilsíodh réamhthuarascálacha maidir le gach dobharlach a ndearnadh suirbhé air in 2012 ar shuíomh Gréasáin iasc CTU (www.wfdfish.ie) agus cuirfear tuairiscí níos mionsonraithe ina n-áit nuair a bheidh na sonraí iasc ar fad próiseáilte. Cuirfear tuarascáil achomair chuimsitheach ar chlár monatóireachta faireachais 2012 ar fáil freisin in am trátha.

An Clár Iasc um an Treoir maidir le Gnáthóga agus Leabhar Dearg na Sonraí

Feidhmíonn an clár seo, atá cistithe ón Stáitchiste, chun cúnamh a thabhairt i ndáil le comhlíonadh a dhéanamh ar oibleagáidí an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha i leith stádas na speiceas éisc caomhnúcháin atá liostaithe sa Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach. Leagtar de chúram ar IIÉ monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh, ar thimthriall 6 bliana, ar stádas na speicis iasc atá liostaithe in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach (loimpre abhann, loimpre shrutháin agus loimpre mhara, sead fhallacsach agus sead fhallacsach Chill Airne, pollán agus bradáin Atlantach), i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach sa Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach mar atá trasuite i ndlí na hÉireann faoi I.R. 94 de 1997. Nuair is indéanta é, cuimsítear leis an gclár freisin monatóireacht a dhéanamh ar speicis iasc a gcuimsítear iad i Leabhar Dearg na Sonraí de chuid na hÉireann, amhail an ruabhreac agus an smealt. Tugann IIÉ 'speicis éisc caomhnúcháin' orthu sin. Ó bunaíodh an clár in 2009, táthar ag forbairt bunachar sonraí náisiúnta ina gclúdófar dáileadh na speiceas seide agus loimpre agus an pholláin, d'fhoill tuairisc a thabhairt don AE in 2013 mar chuid den timthriall tuairiscithe 6 bliana (2007-2012) faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga. Faoi dheireadh na bliana 2012, tá cuid mhaith de na dobharcheantair clúdaithe i dtaca le tarlú loimprí óga, lena ndéantar comhlánú ar na tacair sonraí arna dtiomsú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa tréimhse 2003-2007.



Fíor 10. Loimpre óg abhann/shrutháin (ar barr) agus athrú ag teacht uirthi (ar bun), .i. an t-athrú go dtí loimpre fhásta óg

Bhí sé ina chuspóir ag an gclár oibre ar tugadh fúithi in 2012 cur leis an gclúdach samplála do speicis chaomhnúcháin mar aon le forbairt agus beachtú a dhéanamh ar theicnící samplála chun an toradh is fearr is féidir a thabhairt le hacmhainní teoranta. Baineadh leas as teicnící nua-aimseartha chomh maith le teicnící traidisiúnta, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an teiliméadracht chun scrúdú a dhéanamh ar ghluaiseachtaí seada anadromacha agus loimprí mara imirceacha. Rinneadh an obair i leith na loimpre faoi thionscadal LIFE na Maoilchearna. Tugadh faoi shampláil um fhuaimíocht uisce maidir le sead Chill Airne agus leis an bpollán, ag obair leis an CTU de chuid IIÉ. Ag breathnú ar aghaidh, in 2013, beidh IIÉ ag cur a chuid tuairiscí stádais faoi Airteagal 17 don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus tosófar ar fheidhmiú céimneach an chéad chlár monatóireachta 6 bliana eile.

An Plean Náisiúnta Bainistíochta Eascann

Tá an Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann sa dara timthriall mhonatóireachta trí bliana (2012 – 2015). Is é an aidhm atá leis an gclár oibleagáidí na hÉireann (Rialachán Eascann an AE 11000/2007) a chomhlíonadh faoi na cuspóirí monatóireachta a leagtar amach sa phlean náisiúnta bainistíochta eascann. Is iad seo a leanas na cuspóirí sin:

- Meastachán a dhéanamh ar chéimshrian na hEascainne Gile (i gcomhar le Bord Soláthair an Leictreachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Foras na Mara)
- Meastachán a dhéanamh ar chéimshrian na heascainne gile go hindíreach ag baint úsáide as eascanna buí
- Monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag dúnadh iascaigh ar struchtúr stoc eascann bhuí
- Idirchalabráil le Sampláil faoin gCreat Uisce
- Comparáid a dhéanamh idir stoic eascann bhuí reatha agus na stoic stairiúla
- Sonraí bonnlíne a bhunú chun athruithe ar an stoc eascann le himeacht ama a rianú
- Measúnú a dhéanamh ar choisceas um choilíniú in aghaidh srutha: éifeachtaí imirce agus cáilíochta an uisce
- Leitheadúlacht seadán agus cáilíocht na n-eascann a chinneadh.

Cuireadh athbhreithniú ar an gcéad 3 bliana (2009 – 2012) den chlár monatóireachta faoi bhráid Choimisiún an AE i mí an Mheithimh 2012 mar chuid dár gceangaltais tuairiscithe.


Bhí an clár náisiúnta monatóireachta luathóige ar bun don tríú bliain in 2012. Is é an aidhm atá leis an gclár monatóireacht a dhéanamh ar an líon luathóg óg inghafa ag teacht go hÉirinn agus amshraith fhadtéarmach a chruthú chun athruithe ar an líon sin a rianú. Tugadh faoi mhonatóireacht luathóige ag sé shuíomh ar fud na tíre, agus chuir an aimsir a bhí níos fliche ná mar is gnách bac ar oibriúcháin ag 2 shuíomh (an Eidhneach agus an Mháighe), áit a raibh an t-uisce ar leibhéal tuile ar feadh an chuid is mó de shéasúr na luathóg. Go ginearálta tá an líon luathóg óg inghafa fós íseal, mar a bhí le deich mbliana anuas, agus is cosúil go bhfuil leibhéil éagsúla le fáil ag na suíomhanna éagsúla ar fud na tíre. D'fhonn léargas níos soiléire a fháil ar phátrúin maidir le líon na n-eascann óg ag filleadh ar Éirinn, moltar leanúint leis an monatóireacht ag na suíomhanna sin sna blianta atá romhainn.

Mar chuid den chlár monatóireachta eascann bhuí, rinneadh sampláil ar thrí loch (Loch Deirgeirt, Loch Uachtair agus Loch Mhucnú) le haghaidh eascann, ag baint úsáide as líonta fonsaí. Bhí na gabhálacha iasc go maith ar Loch Mhucnú agus ar Loch Deirgeirt ach

bhí siad íseal ar Loch Uachtair. Dheimhnigh na gabhálacha íseal i Loch Uachtair in 2012 toradh shuirbhé na bliana 2011, inar léiríodh leibhéal eascann níos ísle ná mar a ceapadh a bheadh ann. Bhí foireann an Chláir Monatóireachta Eascann ag obair i gcomhar le foireann na Creat-Treorach Uisce chun sampláil a dhéanamh i roinnt áiteanna tábhachtacha lena n-áirítear Loch Deirgeirt, Loch Cuilinn, Loch Arbhach agus Inbhear na Bóinne.

Tugadh faoi líontán fonsaí a úsáid freisin in inbhear Abhainn na Bearú chun líon na n-eascann a chur i gcomparáid le sonraí stairiúla. Cuireadh clibeanna fuaime ar dheich n-eascann in Abhainn na Bearú chun an raon baile a chinneadh. Léiríodh sa staidéar sin gur thug trí cinn de na 10 n-eascann a raibh clib orthu faoi imirce síos an abhainn le linn séasúr imirce na n-eascann gheal i mí Dheireadh Fómhair, thar thréimhse ama an-ghearr. Thaistil eascann amháin 26 km i 14 uair an chloig (Fíor 11). Tá aird dírithe ag an staidéar píolótach sin ar an ngá cuardach go gníomhach le haghaidh eascann a bhfuil clib orthu ag baint úsáide as brathadóir soghluaiste d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chríochachas na n-eascann in abhainnchóras na Bearú.

Tugadh faoin monatóireacht ar dhul suas na n-eascann gheal ar abhainnchóras Átha Féan, thíos an abhainn ó Loch Mhucnú, idir Lúnasa agus Samhain 2012. Cuireadh staidéar a lean ón staidéar athghabhála mairc ar bun i ndobharcheantair na Sionainne, na hÉirne agus Átha Féan agus cuireadh clibeanna ina raibh trasfhreagróir comhtháite éighníomhach ar gach eascann. Rinneadh toisí moirfeolaíocha (fad; meáchan; trastomhas súl; fad na heite brollaigh) chun an chéim shaoil a chinneadh agus meastachán a dhéanamh ar an aibiúchán. Gabhadh roinnt eascann chun breis anailíse dhéanamh sa tsaotharlann (leitheadúlacht seadán, aois, fás).



Fíor 11. Léarscáil ina sonraítear bealach imirce agus amanna imirce i gcás imirce na heascainne clibeáilte uimhir '16280' in Inbhear Abhainn na Bearú, Deireadh Fómhair 2012

Bainistiú Speiceas Ionrach Uisceach in Éirinn

Tá na speicis ionracha uisceacha ag teacht chun cinn mar chúis bhagarta níos mó ná riamh d'oileán na hÉireann agus tá a leitheadúlacht agus a dtionchar ag éirí níos soiléire. Is féidir leis na speicis neamhdhúchasacha sin damáiste suntasach a dhéanamh don chomhshaol nádúrtha uisceach agus bruachánach, agus don bhíothra dúchais chomh maith leis an ngeilleagar áitiúil agus an ngeilleagar náisiúnta. Toisc gur thír bheag ar imeall thiar na hEorpa is ea Éire, ní dhearnadh ionradh uirthi chomh minic is a bhí amhlaidh i gcás a lán tíortha eile ar mhórthír na hEorpa. Mar sin féin, tá damáiste tromchúiseach comhshaoil, sóisialta agus geilleagrach déanta ag na hionróirí uisceacha atá bunaithe. Ina theannta sin, tá ardú tagtha ar ráta rochtana na speiceas ionrach nua uisceach ardtosaíochta ar Éirinn le blianta beaga anuas, agus mar sin tá gá le hidirghabháil phráinneach, bhríomhar.

Tá IIÉ ar an bpríomhghníomhaireacht atá freagrach as rialú agus bainistiú speiceas bruachánach agus uisceach ionrach i bPoblacht na hÉireann. Le blianta beaga anuas, tá tús curtha ag IIÉ le réimse leathan tionscnamh bithshlándála atá dírithe ar chosc a chur ar thabhairt isteach agus ar scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí iasc inár sruthchúrsaí. Ar an tionscnamh is tábhachtaí díobh sin tá cruthú feasachta i measc príomhpháirtithe leasmhara agus i measc an phobail maidir leis na bagairtí

tromchúiseacha a bhaineann le speicis ionracha agus na bearta is féidir a ghlacadh chun stop a chur le scaipeadh na n-orgánach díobhálach sin. Tá an-tábhacht ag baint le hoideachas um speicis ionracha, agus tá éagsúlacht ábhar agus tionscnamh ullmhaithe ag IIÉ chun é sin a chur chun cinn. Ina theannta sin, tá sraith prótacal bithshlándála curtha le chéile ag IIÉ ina mionsonraítear na nósanna imeachta is ceart a leanúint chun trealamh samplála allamuigh, gléas slatiascaireachta, báid, agus fearas tumadóireacht scúba a ghlanadh agus a dhífhabhtú. Tá siad go léir ar fáil le híoslódáil ó www.fisheriesireland.ie. In 2012 cuireadh feidhmchlár saor in aisce um speicis ionracha, lena úsáid ar fhóin chliste, ar fáil ar eisiúint ghinearálta.



Fíor 12: Gabháil scáileáin ó fheidhmchlár IIÉ um speicis ionracha

An Bradán agus an Breac Geal


D'fhoill tacú le reachtaíocht um bainistiú bradán, déantar measúnuithe bliantúla ar bhonn náisiúnta ar líon na mbradán, lena n-áirítear leictriascaireacht ar fud dobharcheantair, measúnú ar dhul suas na mbradán ag suíomhanna ina bhfuil páirt-áiritheoir iasc agus bailiú sonraí bitheolaíocha ar phobail bradán fásta. Tugann na staidéir fheidhmeacha sin treoir don chlár bainistíochta bradán bliantúil.

Is é cuspóir an chlár leictriascaireachta ar fud dobharcheantair (*Catchment Wide Electrofishing* nó CWF) líon na mbradán óg i ndobharcheantar a chinneadh (mar tháscaire ar líon na mbradán fásta), i gcás nach bhfuil aon sonraí maidir le stádas bradán ar fáil. Má sháraíonn an líon a thaifeadtar tairseach atá forbartha ag an mBuanchoiste Eolaíochta le haghaidh Bradán (SSCS), tá meicníocht ag an lucht bainistíochta chun aibhneacha a oscailt i gcomhair slatiascaireacht ghabhála agus scaoilte. Cuireadh leictriascaireacht ar fud dobharcheantair i gcrích i 24 dobharcheantar in 2012 chun líonmhaireacht agus dáileadh na ngilidíní a mheas. Rinneadh sampláil ar 530 suíomh san iomlán. Sa chéad sé bliana den chlár (2007-2012), rinneadh 238 suirbhé dobharcheantar i 124 dobharcheantar. Is ionann é sin agus 4,958 suirbhé suímh aonair.

Ríomh an SSCS 17 ngilidín (meán dobharcheantair thar na mblianta ar fad a raibh sonraí suirbhé ar fáil ina leith) mar luach tairsí a d'fhéadfaí aibhneacha a oscailt le haghaidh slatiascaireacht ghabhála agus scaoilte dá sárófaí é, áit a bhfuil faisnéis teoranta nó neamhleor. Go ginearálta, réitigh an measúnú eolaíoch a rinne SSCS ar shroicheadh na Teorann Caomhantais bradán ó shonraí ghabhála slaite nó ó shonraí áiritheoirí go maith le torthaí na suirbhéanna leictriascaireachta ar fud dobharcheantair. I gcás cúig abhainn a réamh-mheasadh ina leith nach mbeadh barrachas bradán iontu in 2012 bunaithe ar an

aschur ó shamhail bradán SSCS, ach a taifeadadh meán-innéacs gílídíní ≥ 17 ina leith thar an tréimhse 2007-2012, moladh iad a oscailt ar bhonn gabhála agus scaoilte in 2013.

Baineann tábhachtach leis an leictriascaireacht ar fud dobharcheantair freisin maidir le mionsonraithe a chur ar fáil do bhainisteoirí maidir le dáileadh agus líonmhaireacht na ngílídíní. Is féidir go bhfuil baint ag an easpa gílídíní nó an dlús íseal gílídíní le saincheistanna cáilíochta uisce, bacainní, nó damáiste do ghnáthóga agus féadfar réimsí líonmhaireachta ísle a imscrúdú. Ba chóir na sonraí sin a úsáid chun díriú ar aon oibreacha feabhsúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.



Fíor 13. Torthaí um leictriascaireacht ar fud dobharcheantair maidir le dobharcheantair a ndearnadh suirbhé orthu in 2012 le stádas abhann i rith 2011.

Ina theannta sin, táthar ag tabhairt faoi thionscadal mór um an mbreac geal, Tionscadal Ceilteach an Bhric Ghil nó an *Celtic Sea Trout Project* (CSTP), atá cistithe ag INTERREG (*Innovation and Environmental Regions of Europe*), i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí taighde a bhfuil an chuid is mó díobh sa Bhreatain Bheag, chun faisnéis a sholáthar faoin mbreac geal i Muir Éireann. Tá staidéir á ndéanamh ar ghéineolaíocht agus micricheimic an bhric ghil chun uirlisí idirdhealaithe stoic a chur ar fáil. Tá sonraí bunlíne á mbailiú freisin ar aois agus fás, torthúlacht, cóimheas gnéasanna agus tréithe bitheolaíocha eile chun faisnéis a sholáthar maidir le bainistiú pobail breac geal. Tá úsáid


féideartha an bhric ghil mar tháscaire ar athrú aeráide á fiosrú freisin. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal stoic breac geal i Muir Éireann a thuiscint agus cur síos a dhéanamh orthu, d'fhonn feabhas a chur ar iascaigh breac geal agus cur lena rannchuid i leith cháilíocht na beatha, geilleagair tuaithe agus na bithéagsúlachta náisiúnta.

Lean slatiascairí ag cur isteach samplaí gainne ó aibhneacha tosaíochta a dhoirteann isteach i Muir Éireann don CSTP – bailíodh 4,552 tacar gainní san iomlán ó thosaigh an tionscadal. Rinneadh sampláil ar 1,311 iasc san iomlán thar chuid mhór de Mhuir Éireann le linn samplála trál mara a rinneadh in 2012. Tá saolréim, fás agus torthúlacht an bhric ghil ina ngnéithe tábhachtacha den anailís agus déanfar an tionscadal a chur i gcrích in 2013. Ní dhearnadh sampláil mhara don bhreac geal i Muir Éireann roimhe sin, agus mar sin beidh na torthaí ón tionscadal iomlán nua agus beidh bainistíocht fheabhsaithe ar stoic breac geal ina toradh orthu.

Leanadh ar aghaidh le sampláil an bhric ghil le haghaidh fíniú míolta mara amach ó bhord farraige an iarthair, atá ar bun ó 1991 i leith, in dhá cheann déag d'aibhneacha in 2012.

Tá clár clibeála um Thrasfhreagróir Comhtháite Éighníomhach (*Passive Integrated Transponder* nó P.I.T.) ar siúl fós ar Abhainn na Bóinne chun éifeachtacht áiritheora a mheas toisc nach ndéanann an t-áiritheoir ag cora an Chaisleáin Duibh comhaireamh ach ar chuid de na bradáin atá ag dul suas. Tagann cion neamhchinníochtaithe den dul suas bradán anuas gan áireamh thar an chuid 'oscailte' den chora sin. Rinne iascairí lín tarraingthe thraidisiúnta, faoi mhaoirseacht bhaill foirne de chuid IIÉ, bradán a shampláil sa chuid thaoidmhear den dobharcheantar in 2012 agus cuireadh clibeanna P.I.T. ar 235 iasc idir Iúil agus tús Meán Fómhair. Sa tréimhse go dtí mí na Nollag 2012, braitheadh 14 bradán ag dul trí na léitheoirí clibeanna PIT ag an gCaisleán Dubh. Gabhadh bradáin fhásta ar Abhainn na Níth in 2012 freisin agus cuireadh clibeanna PIT orthu mar chuid de thionscadal chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht áiritheoirí, ach chuir na drochthuilte isteach ar dheiseanna clibeála.

Bailíodh gainní bradán ón iascach tráchtála ar an Abhainn Mhór i gCúige Mumhan agus ó Abhainn na Siúire agus ó iascaigh slat ar an Abhainn Mhór (Conamara) agus Abha na Snadhma (Co. Chiarraí), agus rinneadh anailís orthu chun faisnéis saolréime a bhailiú.




Fíor 14: Íomhá de ghainne ó fhionnóg bric ghil 25.2 cm ó Abhainn na Deargaile. Bhí an t-iasc 3.0 + bliana d'aois

An Clár Comhshaoil um Fheabhsú Aibhneacha (EREP)

Cuireadh an chéad Chlár Comhshaoil um Fheabhsú Aibhneacha, a mhair 5 bliana, i gcrích ag deireadh 2012. Bhí dhá chuspóir ag an gclár comhoibritheach sin idir an Rannóg Seirbhísí Innealtóireachta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus IIÉ:

- Cláir oibreacha caipitiúla a chur i gcrích ar aibhneacha salmainide draenáilte chun cur le táirgeadh na n-iascach sin agus feabhas a chur ar bhitheagsúlacht comhshaoil chonair na habhann.
- Cleachtais nua cothabhála draenála a bhunú faoina mbeadh tionchar níos lú ag cothabháil draenála chaighdeánach ar bhiothra na gconairí abhann.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí cistiú ar fáil don chlár sin, agus dhear baill foirne de chuid IIÉ na cláir feabhsúcháin, rinne siad maoirseacht ar a gcur chun feidhme agus monatóireacht ar a n-éifeachtacht. Ina theannta sin, dhear foireann IIÉ oibríochtaí cothabhála atá 'níos fearr don chomhshaoil' agus reáchtáil siad cúrsaí oiliúna do phearsanra de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cur chun feidhme na gclár. Chuir baill foirne de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí i bhfeidhm gach ceann de na cláir sin. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár sin: cuireadh feabhas ar suas le 25km de chainéal salmainide in aghaidh na bliana i dtéarmaí oibreacha caipitiúla agus cóiríodh 75km de chainéal cothabháilte ar bhealach atá níos fearr don chomhshaoil.



Na Suíomhanna EREP ar fad. Sampla d'Oibreacha Caipitiúla a cuireadh i gcrích ar an Mhaing, Co. Chiarraí

Fíor 15. Léarscáil de shuíomhanna EREP agus sampla d'oibreacha Feabhsaithe Caipitiúil atá críochnaithe

Tacaíocht ó Uiscebhealaí Éireann

Tá IIÉ faoi chonradh ag Uiscebhealaí Éireann chun bainistiú iascach, bainistiú plandaí uisceacha agus monatóireacht um an Chreat-Treoir Uisce (CTU) a sholáthar ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór, ar Loingseoireacht na Bearú agus ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Léiríonn an clár oibleagáidí reachtúla Uiscebhealaí

Éireann agus cuspóir na heagraíochta sin maidir le gnáthóg ardcháilíochta uiscebhealaí a sholáthar ar féidir le héagsúlacht leathan de ghrúpaí úsáideoirí leas a bhaint aisti.

Rinneadh measúnú ar stoic éisc ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus ar chodanna d'Uiscebhealach na Bearú agus den Chanáil Ríoga agus den Chanáil Mhór in 2012. Róiste is mó a bhí le sonrú sna pobail, a bhí sláintiúil den chuid ba mhó. Cúis suntais arbh ea na stoic bhreátha cúramán, speiceas slatiascaireachta a bhfuil tóir air, a taifeadadh ar shuíomhanna éagsúla ar an gCanáil Mhór. Cuireadh oibríochtaí tarrthála éisc ar bun sula ndearnadh gnáthobair agus obair éigeandála in uiscebhealaí a raibh gá le dí-uisciú iontu. Chomh maith le cosaint dhíreach a thabhairt do scoileanna éisc cónaitheacha, cuireann na teagmhais sin ar chumas baill foirne de chuid IIÉ scrúdú a dhéanamh ar uiscebhealaí draenáilte go bhfeicfidh siad an bhfuil speicis plandaí agus ainmhithe ionracha iontu.

Chun críocha monatóireachta ar chomhlíonadh na CTU, bailíodh samplaí uisce ó 11 Dobharlach Shaorga sa Chanáil Ríoga agus sa Chanáil Mhór agus in Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Rinneadh sampláil ar dhaichead a ceathair suíomh ceithre huair in 2012. Bhain gach ceann de na 11 Dobharlach Shaorga amach stádas 'Dea-Acmhainn Éiceolaíoch' i dtaobh na gcritéar fisicheimiceach don CTU.

Bhí IIÉ san airdeall freisin maidir le roinnt sruthanna friothálacha chuig na canálacha in 2012. Is féidir leis na sruthanna friothálacha sin a bheith ina bhfoinse éillithe agus tá monatóireacht orthu ina huirlis thábhachtach maidir le foinsí truaillithe sna príomhchainéil a aithint. Taifeadadh líon ard bachaillín drólannach faeach i ndraein linteireach ag doirteadh isteach sa Chanáil Ríoga ag Cuan Chill Choca i mí Lúnasa 2012. Rinneadh Comhairle Contae Chill Dara obair dheisiúcháin i mí Dheireadh Fómhair agus, cé go raibh feabhas tríd is tríd ar cháilíocht an uisce, d'fhan an líon bachaillín drólannach faeach ard go maith sa draein le linn suirbhéanna a lean ón gceann sin. Beidh IIÉ ar leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chúrsaí ag Cill Choca in 2013.

Rinneadh suirbhéanna um bainistiú plandaí uisceacha ar feadh fad iomlán na Canála Ríoga agus na Canála Móire. Cabhraíonn na suirbhéanna sin le bainistiú réasúnach a dhéanamh ar phobail plandaí a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar úsáid taitneamhachta, agus cumasaítear leo scrúduithe ar scála leathan ar dháileadh agus stádas speiceas ionrach éagsúil. Rinneadh suirbhéanna maidir le *Corbicula fluminea* ar an chuid thiar den Chanáil Mhór agus ag ionaid slatiascaireachta ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Go dtí seo, níor taifeadadh go bhfuarthas *Corbicula fluminea* sna huiscí sin. Cuireadh cláir rialaithe le haghaidh speicis éagsúla plandaí ionracha uisceacha agus bruachánacha ar bun i gcomhar le foireann IIÉ um speicis ionracha. I rith na bliana, leanadh leis an monatóireacht ar an gcuid sin den Chanáil Mhór inar tosaíodh ag rialú an phlanda ionraigh, an crasal Nua-Shéalannach (*Crassula helmsii*) i rith gheimhridh 2011/12. Cé go raibh roinnt an-bheag plandaí crasail nua le feiceáil ag deireadh na bliana 2012, tá sé measta gur baineadh thart ar 99% den bhithmhais plandaí bhunaidh as an limistéar a cóireáladh. Chomh maith leis na cláir mhonatóireachta agus rialaithe um speicis ionracha, bhunaigh IIÉ prótacal bithshlándála ar bhonn píolótach do chomórtais slatiascaireachta ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne i rith an Chomórtais Slatiascaireachta 'Péirí Domhanda' a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair 2012.



Fíor 16. Baill foirne de chuid IIÉ le Cúramáin a gabhadh le linn suirbhé leictriascaireachta ar an gCanáil Mhór, in aice le Caladh na Sionainne

Seirbhísí Saotharlainne

Cuireann Saotharlann IIÉ seirbhís náisiúnta tástála agus tacaíochta comhshaoil ar fáil do bhaill foirne réigiúnacha de chuid IIÉ agus do chliaint sheachtracha, amhail Uiscebhealaí Éireann. Ina theannta sin, déanann an tsaotharlann anailísí reachtúla ar cheadúnais doirte feirmeacha éisc IIÉ. Le linn 2012, rinneadh anailís ar 2,954 sampla uisce.

Chuir foireann saotharlainne IIÉ tús arís le hanailís riandúile agus iad ag baint úsáide as mais-speictriméadar plasma cúpláilte go hionduchtach (ICP-MS) le linn 2012. Coimisiúnaíodh córas eisídiúchán léasair, cúpláilte leis an ICP-MS, freisin i rith na bliana agus anois cuireann an ionstraim sin ar chumas bhaill foirne taighde agus forbartha IIÉ anailís a dhéanamh ar mhicricheimic ábhair sholadaigh amhail struchtúir chnámhacha éisc (gainní agus otailítí) agus idirdhealú a dhéanamh idir athruithe comhshaoil ar fud an saolré éisc. Cuireadh tús le treoirthionscadail chun scrúdú a dhéanamh ar mhicricheimic ghainní agus otailítí an bhric dhoinn i ndobharcheantar Loch Measca agus ar mhicricheimic ghainní agus otailítí an doingin in inbhir na hÉireann gar do dheireadh 2012.

Taighde um an Doingeán

Speiceas slatiascaireachta mara spóirt thar a bheith tábhachtach agus luachmhar in Éirinn is ea an doingeán. Mar gheall ar an laghdú mór ar stoic doingeán in Éirinn i lár na 1970í, tháinig meath mór ar an acmhainn cháiliúil slatiascaireachta doingeán agus deireadh leis an iascaireacht tráchtála, chun stoic a chaomhnú tríd an Ordú Doingeán (Stoic a Chaomhnú), 1990. Ó shin i leith, tá dearcadh i leith an doingin mar speiceas slatiascaireachta amháin, agus déantar bainistiú sriantach air.

Is é an doingeán an t-aon speiceas muirí amháin a bhainistítear i gcomhair na slatiascaireachta agus tá IIÉ ag obair leis an doingeán ó na 1970idí, nuair a thug Kennedy agus Fitzmaurice (1972) faoi roinnt oibre bunlíne tábhachtaí ar a éiceolaíocht. Aithníonn IIÉ luach reatha agus luach féideartha an doingin agus in 2012 d'ullmhaigh Grúpa um Beartas Doingin, a thionóil IIÉ, dréachtdoiciméad maidir le beartas náisiúnta um an doingeán. Díródh sa bheartas ar chaomhnú agus chosaint an doingin agus a ghnáthóige uiscí, agus luach sóisialta agus eacnamaíochta inbhuanaithe fadtéarmach á sholáthar do na páirtithe leasmhara go léir ag an am céanna. Beidh an beartas ina thaca d'fhorbairt na hacmhainne agus do threo chlár oibre IIÉ um an doingeán sa todhchaí.



Fíor 17. Doingeán á scaoileadh (an grianghraf a bhuíochas le Henry Gilbey)

Bhí roinnt nithe éagsúla i gceist leis an obair doingin in 2012. Cuireadh suirbhé teoranta ar ghabhálacha doingeán i gcrích in 2012 chun cuidiú le freastal ar cheangaltais tuairiscithe na hÉireann faoi Chreat an AE um Bailiú Sonraí, lena n-áirithítear go mbailítear sonraí imleora ar stoic éisc agus a n-iascach chun tacú le monatóireacht eolaíoch agus measúnú stoic. Dhírigh an staidéar sin aird ar chineál gabhála agus scaoilte na n-iascach in Éirinn agus ar an bhfíric gur beag é líon na ndoingeán arna gcoinneáil ag slatiascairí.

In 2012, chuir IIÉ feabhas ar a chlár taighde um an doingeán. Cuireadh tús le staidéar píolótach ar mhicricheimic ghainní agus otailítí doingeán chun imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le huirlisí den sórt sin a fhorbairt chun staidéar a dhéanamh ar phatrúin imirce na ndoingeán agus b'fhéidir le haghaidh idirdhealú stoc. Rinneadh cartlann na ngainní doingeán de chuid IIÉ a chomhdhlúthú agus cuireadh samplaí doingeán i gcrích i suíomhanna éagsúla. Cuireadh tús leis an bpleanáil do dhianstaidéar 3-5 bliana ar an doingeán.

Taighde um an Liús in Éirinn

Speiceas tábhachtach slatiascaireachta is ea an liús (*Esox lucius* L.), agus is speiceas é nach ndearnadh staidéar cuimsitheach air in ainneoin go bhfuil sé le fáil i bhformhór na gcóras fionnuisce in Éirinn. I gcomhar le Cónaidhm Chlubanna Slatiascaireachta Liús na hÉireann, tá cistiú PhD á soláthar ag IIÉ le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, i ndáil le taighde a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de bhitheolaíocht an liúis in Éirinn. Ar an gcéad dul síos, tá imscrúdú cumhachtach á dhéanamh ar aiste bia an liúis trí anailís iseatóip chobhsaí agus anailís ar ábhar boilg, agus comparáid a dhéanamh idir torthaí a bhaineann le cineálacha gnáthóige (aibhneacha, lochanna agus canálacha) chun éifeachtaí ar mhoirfeolaíocht agus ar riocht fiseolaíochta araon a chinneadh. Cuirfidh an staidéar i láthair freisin an chéad imscrúdú géiniteach ar phobal ar fud na hÉireann ag úsáid marcóirí micreasatailíte le nádúr na nascachta pobail i liúis na hÉireann a léiriú, mar aon leis an ngaol atá acu le pobail de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. Go dtí seo, rinneadh samplaí a bhailiú ó 24 ionad ar fud na hÉireann, chomh maith le 4 ionad sa Bhreatain, agus 5 phobal de chuid na hEorpa. Tá gach eolas bonnlíne bailithe, tá na samplaí iseatóip chobhsaí próiseáilte agus tá siad á gcur faoi anailís faoi láthair. Tá anailís ar ábhar boilg, anailís ar dhul in aois gainní, agus anailís mhorfaiméadrach ar siúl freisin. Soláthróidh an taighde sin sonraí eimpíreacha chun bainistiú an liúis in Éirinn a threorú.

In 2011, bunaíodh Grúpa um Athbhreithniú Beartas Liúis IIÉ, a bhí comhdhéanta de bhaill foirne de chuid IIÉ agus daoine ábhartha ó Chónaidhm na hÉireann um Shlatiascairí Liús (IFPAC) agus ón gCumann Náisiúnta Ionadaithe Slatiascaireachta (NARA), chun beartas a fhorbairt lena gcinnteofaí go ndéanfaí an liús agus a ghnáthóg uisceach a chaomhnú agus a chosaint, agus cuidiú freisin le luach eacnamaíoch agus sóisialta inmharthana fadtéarmach a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile. Tá an beartas i bhfoirm dhréachta faoi láthair.



Fíor 18. Sampláil taighde ar an Liús ar Loch Slevin sa Mhuileann gCearr agus liús atá ullmhaithe le haghaidh anailís mhorfaiméadrach

Atlas um Éisc Eiseamail

Comhlacht deonach, a dhéanann ionadaíocht ar gach leas slatiascaireachta (garbhiascaireacht, géimiascaireacht agus duánacht mhara) in Éirinn, is ea Coiste na hÉireann um Éisc Eiseamail (ISFC), arb é a phríomhfheidhm gabháil iasc mór (.i. éisc eiseamal) a thógtar ar an tslat agus an dorú in uiscí na hÉireann a fhíorú, a thaifeadh agus a phoibliú.

Soláthraíonn tuarascálacha bliantúla ISFC faisnéis luachmhar do shlatiascairí agus iad ag pleanáil turais slatiascaireachta, go háirithe iad siúd a bhfuil 'iasc eiseamail' á lorg acu.

Go hachomair, soláthraíonn seirbhís an ISFC:

- Comhthiomsú cruinn ar shonraí éisc eiseamail
- Ábhar tagartha fíoraithe
- Tacaíocht don turasóireacht slatiascaireachta (Éire & Tuaisceart Éireann)
- Cur chun cinn na slatiascaireachta agus ábhar poiblíochta ina leith
- Faisnéis den scoth le haghaidh an té a bhfuil éisc eiseamail á lorg aige nó aici
- Díriú airde ar na háiteanna is fearr ina bhfuil éisc eiseamail le fáil
- Díriú airde ar na háiteanna ina bhfuil éisc eiseamail neamhghnácha
- Dreacht maidir le cuairteanna athfhillteacha turasóireachta ar Éirinn, agus dreacht do shlatiascairí Éireannacha cuairt a thabhairt ar ionaid in Éirinn trí scéimeanna gradaim bunaithe ar ghabháil charnach (dámhachtain 10 n-eiseamal, dámhachtain 50 eiseamal srl)
- Gradaim speisialta ina leith seo a leanas: iascaire óg, iascaire thar lear, dámhachtain 'an t-iasc is fearr i rith saoil'
- Sonraí maidir le heiseamail agus taifid réigiúnacha
- Bailiú ábhair bhitheolaíochta
- Pointe fócasach i ndáil le gabhálacha neamhghnácha.

Le tacaíocht ó IIÉ, áit a bhfuil oifig an ISFC lonnaithe, cuireadh i gcrích digitíú na dtaifead páipéir go léir i leith éisc eiseamail arna ngabháil agus na léarscáileanna GIS a

bhaineann leo in 2012 chun atlas um éisc eiseamal a ullmhú. Rinneadh gach suíomh gabhála a aithint agus a thaifeadadh agus tá léarscáileanna á n-ullmhú le haghaidh foilsithe ar an nGréasán in 2013.

Feirm Éisc IIÉ

Is é an aidhm atá le clár IIÉ um bainistiú stoic éisc ná pobail éisc a athchur sna hiascaigh a raibh tionchar ag truailliú, slad ar éisc agus teagmhais eile orthu. Baineadh úsáid as an mbainistiú stoic éisc freisin chun feabhas a chur ar stádas slatiascaireachta iascaigh. Tógtar an breac donn agus an breac dea-dhathach i bhfeirmeacha éisc IIÉ chun iad a sholáthar do chustaiméirí agus lochanna seachtracha arna mbainistiú ag IIÉ.

In 2012, lean IIÉ lena chlár atá dírithe ar a chuid feirmeacha éisc a nuachóiriú, le huasghrádú na saoráidí i Ros Cré agus sa Mhuileann gCearr araon. Cuireadh córas nua monatóireachta ocsaigin i ngníomh, lena gcumasaítear rialú níos mó ar dhálaí a mbíonn tionchar acu ar stoic éisc ar an láthair, agus lena bhfeabhsaítear táirgeadh iasc.

Lean IIÉ lena bheartas maidir leis na héisc arna dtáirgeadh a aistriú ó stoic dhioplóideacha go dtí stoic thrioplóideacha, agus is trioplóideach a bhí 70% de na héisc a stocáladh amach in 2012. Táthar ag súil go mbainfear leibhéal 85% amach in 2013, agus gur trioplóideach a bheidh na stoic ar fad a tháirgfear in 2014.

Leanadh le hathdhearadh na linnte éisc i Ros Cré, agus le feabhsú na bithshlándála ar an láthair, agus lena chinntiú go raibh gach stoc éisc coimeádta go hiomlán i linnte agus rásbhealaí slána.

Lean IIÉ ag cinntiú go bhfuil na héisc a stocáiltear amach as a chuid feirmeacha, dá chuid custaiméirí tráchtála agus go himmheánach laistigh de IIÉ araon, ar an gcaighdeán is airde agus den mhéid is mó, agus fuarthas aiseolas dearfach ó roinnt dá chuid custaiméirí.



Fíor 19. Breac donn trioplóideach óg, feirm éisc Ros Cré

Forbairt Gnó

Forbairt Gnó – Buneolas

Tá an Rannóg Forbartha Gnó de chuid Iascach Intíre Éireann (IIÉ) freagrach as roinnt clár a reáchtáil ar bhonn bliantúil. Tá an sainaidhm ag na cláir sin cumas na hearnála iascaigh intíre a fhorbairt, trí líon na slatiascairí áitiúla agus líon na slatiascairí turasóireachta a mhéadú, páirtithe leasmhara a chumasú agus toradh níos fearr a ghiniúint d'Éirinn. Ba bhliain rathúil í 2012 sa Rannóg i dtéarmaí sheachadadh na gclár éagsúil atá leagtha amach sa Phlean Gnó dá cuid. Leis na cláir sin, éascaítear seachadadh ag foireann IIÉ agus páirtithe leasmhara ar bhealach comhtháite agus dírithe, lena gcuirtear sineirgíochtaí ar fáil ar fud na dtionscnamh éagsúil, rud a thacaíonn le gnó na n-iascach intíre agus leis an acmhainn duánachta mara.

Thug an tAire Fergus O'Dowd, Aire Stáit ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, tacaíocht agus spreagadh iontach dúinn in 2012 trí fhreastal ar roinnt imeachtaí a bhí á reáchtáil ag IIÉ, ag cónaidhmeanna, clubanna agus eagraíochtaí slatiascaireachta eile, agus dul i mbun rannpháirtíochta lenár bpáirtithe leasmhara, ar ann do go leor díobh.

Le linn 2012 bhuail Bord IIÉ freisin leis an Aire Michael Ring, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus le hionadaithe ó Fháilte Éireann chun margaíocht an táirge slatiascaireachta a phlé agus chun a chinntiú go bhfuil béim chuí ar shlatiascaireacht turasóireachta sna pleananna atá ag an dá ghníomhaireacht turasóireachta, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann. Leanann IIÉ ar aghaidh ag obair leis an dá ghníomhaireacht sin faoi Straitéis chomhaontaithe do Thurasóireacht Slatiascaireachta na hÉireann, lena gcuimsítear poiblíocht, margaíocht, agus cur chun cinn na slatiascaireachta in Éirinn ag IIÉ agus Fáilte Éireann.

Tá sé mar aidhm ag IIÉ cur le líon na slatiascairí a bhíonn ag iascaireacht in Éirinn. Níl eolas cruinn bunlíne i ndáil le líon na slatiascairí áineasa ar fáil, áfach. Go luath sa bhliain 2012, choimisiúnaigh IIÉ Tourism Development International (TDI) le suirbhé a dhéanamh ar an tslatiascaireacht áineasa in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar an easpa eolais sin. Soláthróidh an staidéar tábhachtach sin meastachán ar líon iomlán na slatiascairí baile agus coigríocha, déanfar aicmiú ar shlatiascairí de réir an speicis a bhíonn tóir acu air, déanfar meastachán ar chaiteachas ag slatiascairí agus ar luach na slatiascaireachta d'Éirinn, cuirfear léargas ar fáil ar chúis spreagtha, dhearcadh agus thuairimí na slatiascairí, molfar tionscnaimh chun feabhas a chur ar chaighdeán na slatiascaireachta agus déanfar tagarmharcáil ar an eispéireas slatiascaireachta in Éirinn i gcoinne cinn scríbe is iomaitheoirí. I rith 2012, thug TDI faoina gcuid taighde trí dhá chéim de shuirbhé teaghlaigh le Millward Browne Lansdowne (MBL) trí shuirbhéanna náisiúnta ar shlatiascairí a chur ar bun ag 50 ionad slatiascaireachta agus trí shuirbhé ar an earnáil trádála slatiascaireachta agus ar pháirtithe leasmhara. Cheap TDI MBL le tabhairt faoin chuid an tsuirbhé teaghlaigh den taighde. Cuimsíodh dhá chéim sa chuid sin agus bhí siad ar siúl i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair. Táthar ag súil le torthaí an tsuirbhé in earrach na bliana 2013 agus beidh na torthaí sin ina dtreoir maidir le pleananna margaíochta agus pleananna forbartha slatiascaireachta IIÉ sa todhchaí.



Fíor 20. John Quinlan, treoir slatiascaireachta agus soláthraí cóiríochta, ag cur agallaimh ar a chuid aíonna mar chuid den suirbhé soch-eacnamaíoch ar shlatiascairí

Toisc go bhfuil IIÉ ina ghníomhaireacht réasúnta nua go fóill, tá athbhrandáil fós á déanamh air agus in 2012 cuireadh tús le tionscadal dar luach €102,000 ar fud na tíre chun sean-chomharthaíocht nó comharthaíocht atá as dáta ar Iascaigh Stáit agus ag áiseanna IIÉ a ionadú, agus chun comharthaíocht nua a sholáthar nuair is gá. I gcás beagnach na gcomharthaí ar fad atá ann cheana, níor mhór nuashonrú a dhéanamh orthu chun Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Rinneadh éagsúlacht mhór comharthaí lena n-áirítear cláir faisnéise, comharthaí méar eolais agus comharthaí tógála a dearadh, a tháirgeadh agus a shuiteáil.

Tá mionsonraí ar phríomhghníomhaíochtaí an chlár Forbartha Gnó in 2012 le fáil faoi na príomhtheidil cláir sa tuarascáil seo.

Oideachas agus Feasacht

Tá IIÉ tiomanta do roinnt clár oideachais agus feasachta a dhíríonn ar oideachas agus ar scaipeadh faisnéise maidir le hacmhainn na n-iascach intíre, le gnáthóga iascaigh, le saincheistean caomhnaithe, le hiascaigh bradán thráchtála agus le spórt na slatiascaireachta.

'Something Fishy'

Tá an clár rathúil *Something Fishy* ar bun anois le 9 mbliana anuas, agus tá sé á reáchtáil ag IIÉ i gcomhpháirt le hIonad Oideachais na Carraige Duibhe, a dhéanann comhordú ar an gclár le hionaid oideachais eile ar fud na tíre. Tá sé dírithe ar rang 5 agus rang 6 sna bunscoileanna, agus is é cuspóir an chlár múineadh do dhaltaí faoi cháilíocht an uisce, faoi éisc agus faoin gcomhshaol d'fhonn a gcuid spéise a mhúscailt sa tslatiascaireacht. Ghlac naoi n-ionad oideachais páirt sa chlár in 2012. Ba é 'speicis ionracha' téama an tionscadail ranga don bhliain acadúil 2011/2012.

Tá ró-éileamh ar *Something Fishy* go fóill toisc go dtacaíonn a chuspóirí foghlama leis an gcuraclam bunscoile, agus thairis sin soláthraítear leis deis foghlama praiticiúla, ar uathúil í, trí thurais allamuigh go dtí lochanna agus aibhneacha áitiúla nó trí umair éisc a thabhairt isteach sna seomraí ranga.

San iomlán, ghlac 2,200 dalta ó 126 scoil páirt sa tionscadal in 2012, lena n-áirítear roinnt Gaelscoileanna. Ba í Scoil Náisiúnta Bhaile Ghearáid, i gCo. Loch Garman, buaiteoir foriomlán an chomórtais in 2012 leis an ndlúthdhiosca neamhghnách a chuir sí i láthair, 'Fishylympics'. Rinneadh trácht sa léiriúchán sin do speicis ionracha, do phearsantachtaí aithnidiúla, agus do na Cluichí Oilimpeacha a bhí i mbéal an phobail ag an am sin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.somethingfishy.ie



Fíor 21. Daltaí i Scoil Náisiúnta Dhumhaigh Bhig i gCo. Dhún na nGall agus daltaí i Scoil Náisiúnta Ayr Hill i gCo. Dhún na nGall ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí *Something Fishy*

Seachtain Feasachta na nIascach

Imeacht bliantúil is ea Seachtain Feasachta na nIascach a bhíonn ar siúl ar fud na tíre, arna óstáil ag IIÉ, le linn mhí na Bealtaine. Tá sé mar aidhm léi daoine fásta agus leanaí a d'fhéadfadh nach raibh siad ag iascaireacht riamh a spreagadh chun tabhairt faoi chaitheamh aimsire nua, a bheith ag obair le clubanna agus le heagraíochtaí slatiascaireachta chun gach cineál slatiascaireachta a chur chun cinn, agus an ról atá ag an tseirbhís iascaigh maidir le cosaint agus caomhnú acmhainní iascaigh iontacha na hÉireann a chur chun cinn. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.faw.ie

I measc na n-imeachtaí a cuireadh chun cinn mar chuid de Sheachtain Feasachta na nIascach 2012 bhí 6 *Balsam Bash*, áit ar bhailigh grúpaí daoine le chéile chun lus na pléisce a phiocadh ó bhruachanna abhann chun fáil réidh leis agus gnáthóga iascach a chaomhnú, 21 turas duánachta mara, 17 dturas slatiascaireachta breac, 10 dturas garbhiascaireachta, 4 thuras slatiascaireachta liús agus 4 thuras slatiascaireachta bradán. Ina theannta sin reáchtáladh 4 imeacht a bhí dírithe go sonrach ar shlatiascairí faoi mhíchumas. Cuireadh roinnt cainteanna, imeachtaí scoile, laethanta oscailte agus laethanta spraoi teaghlaigh ar siúl freisin. Le linn na seachtaine, ghlac níos mó ná 1,700 duine páirt sna himeachtaí ar fud na tíre.



Fíor 22. An tAire Fergus O'Dowd agus é ag freastal ar *Balsam Bash* ar an Dothra, áit ar fhoghlaim na rannpháirtithe faoi speicis ionracha agus faoin mbithshlándáil, agus foireann teagaisc IIÉ ag múineadh flaidireachta ag imeacht de chuid Sheachtain Feasachta na nIascach ar an Leamhain, Co. Chiarraí

Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (DAI)

D'éirigh go geal le Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (DAI), clár for-rochtana óige IIÉ i mBaile Átha Cliath, arís eile in 2012. Ghlac 598 duine óga páirt i gcúrsaí samhraidh slatiascaireachta 3 lá Thionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath. Chuir craobhacha na n-óg de roinnt mhaith clubanna slatiascaireachta cúnamh ar fáil do dhéagóirí ar bhonn rialta.

I measc éachtaí suntasacha na bliana 2012, bhí seastán agus limistéar teaghlaigh DAI ag an seó Náisiúnta Slatiascaireachta i Sord ón 11 go dtí an 12 Feabhra agus baint na bhfiailí ionracha '*Lagrosiphon major*' i linn Darndál, Belcamp, Baile Átha Cliath 17. Spreag an dá imeacht sin suim mhór agus aiseolas an-dearfach.

Slatiascaireacht na nÓg

I mí Lúnasa 2012, d'óstáil IIÉ ceardlann i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath chun an Slatiascaireacht na nÓg a phlé. Ina measc siúd a d'fhreastail ar an gceardlann, bhí ionadaithe ó Chónaidhmeanna Slatiascaireachta na hÉireann, Comhpháirtíochtaí Spóirt, Aonad an Chláir Comhphobail de chuid Sheirbhís Ceartas Óige na hÉireann, Oiliúint Éireann, Cumann na dTeagascóirí Géimiascaireachta Gairmiúla (APGAI) in Éirinn, agus Ionad Oideachais na Carraige Duibhe. Mheas an cheardlann an togra um an tSlatiascaireacht i gcomhair Forbairt Óige (AFYD) in Éirinn.

Reáchtáil Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann (ACI), le cúnamh ó IIÉ, clár píolótach AFYD in Éirinn le Pobalscoil Naomh Pól i bPort Láirge in earrach na bliana 2012 agus bhronn an tAire Fergus O'Dowd teastais ar na rannpháirtithe ag Mount Juliet le linn imeachta de chuid Sheachtain Feasachta na nIascach i mí na Bealtaine.



Fíor 23. Bhronn an tAire Fergus O'Dowd teastais maidir le cur i gcrích clár píolótach um an tSlatiascaireacht i gcomhair Forbairt Óige (AFYD) in Éirinn ar dhaltaí ó Phobalscoil Naomh Pól i mí na Bealtaine

Margú agus Cur Chun Cinn

Clár na dTaispeántas Slatiascaireachta

In 2012 ghlac IIÉ páirt i sraith seónna trádála agus taispeántas um chur chun cinn ar fud na hÉireann agus na hEorpa. Is é cuspóir na seónna sin an tslatiascaireacht a chur chun

cinn in Éirinn, cur leis an líon slatiascairí a thugann cuairt ar Éirinn chun dul ag iascaireacht, agus tacú leis an tionscal maidir leis féin a chur chun cinn. D'fhreastail foireann IIÉ ar sheónna sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe, sa Bheilg agus san Ísiltír in 2012 chomh maith le 3 sheó in Éirinn.

Ailt agus Fógraíocht

Le linn 2012, tugadh faoi chláir bholscaireachta faoinar tugadh 29 cuairt thacaithe ar Éirinn ó iriseoirí slatiascaireachta ón bhFrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Iorua agus an Iodáil. Tá toradh na gcuariteanna sin le feiceáil cheana féin in a lán irisí, blaganna agus suíomhanna Gréasáin a léitear go forleathan. Beidh an chuid is mó de na hait a scríobhadh le linn 2012 le feiceáil i bhfoilseacháin in 2013. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh go leor de na hait a scríobhadh in 2011 i gcló in 2012 agus tá níos mó le teacht in 2013. San iomlán, foilsíodh 52 alt de bharr 23 cuairt thacaithe, chomh maith le 4 alt a scríobh lucht IIÉ féin, i bhfoilseacháin choigríche in 2012. Tá luach fógraíochta measta €493,000 ag na hait sin. Tá 16 alt suíomh Gréasáin agus gné 'YouTube' eile postáilte ag iriseoirí ar tacaíodh lena gcuid turas go hÉirinn, nach bhfuil san áireamh sa luacháil sin.

I rith na bliana foilsíodh roinnt alt agus fógraí traidisiúnta in irisí slatiascaireachta agus i nuachtáin na hearnála. Ina theannta sin, thug IIÉ cúnamh d'Fháilte Éireann maidir leis an gcóipscríbhneoireacht i gcomhair sraith ailt fógraíochta, ar éirigh go maith leo, a foilsíodh i *Trout and Salmon*, príomhíris ghéimiascaireachta.

Ábhar Bholscaireachta

Is deimhin gur gá ábhair bholscaireachta ar ardchaighdeán a tháirgeadh ar fud raon meán lena n-áirítear suíomhanna Gréasáin, DVDanna, ríomh-bhróisiúir, tuarascálacha agus feidhmchláir mhóibíleacha d'fhonn dul san iomaíocht le tíortha eile a bhfuil táirge um thurasóireacht slatiascaireachta á thairiscint acu. Déanann IIÉ iarracht i gcónaí feabhas a chur ar chaighdeán na n-ábhar ó thaobh faisnéise agus a gcuma araon. In 2012 foilsíodh roinnt treoracha slatiascaireachta nua lena n-áirítear:

- *Mayo Game Angling Guide*
- *Sligo Game Angling Guide*
- *Boyne Valley Angling Guide*
- *Lough O'Flynn & River Suck Angling Guide*
- *South West Angling Guide.*

Ina dteannta sin, tháirg IIÉ roinnt taispeántas sealadach agus meirgí lena n-úsáid ag seónna agus imeachtaí bholscaireachta. Úsáideadh na brandaí 'Angling in Ireland', 'Angeln in Irland' agus 'Pêche en Irlande' chun an tslatiascaireacht a chur chun cinn ar fud na hEorpa agus na Stáit Aontaithe. Go leor de chomhpháirtithe trádála IIÉ ar soláthraithe slatiascaireachta iad, rinne siad córas brandála IIÉ maidir le slatiascaireacht na hÉireann a chuimsiú ina gcuid gníomhaíochtaí féin.

Chomh maith leis sin, tháirg IIÉ nithe brandáilte chomh maith le fógraín, comharthaíocht agus póstaer éagsúla chun feasacht a ardú i leith IIÉ, Slatiascaireacht Ghabhála agus Scaoilte, agus Speicis Ionracha, agus chun cur le feasacht i ndáil le ról na heagraíochta.

Scannánú

Mar chuid de na gníomhaíochtaí ar thug IIÉ fúthu d'fhonn slatiascaireacht na hÉireann a chur chun cinn do réimse daoine chomh leathan agus ab fhéidir agus feabhas a chur ar ár bpróifíl ag seónna slatiascaireachta, coimisiúnaíodh roinnt gearrscannán in 2012. Ullmhaíodh 8 scannán in a raibh trácht ar na táirgí slatiascaireachta éagsúla agus ar ghníomhaíochtaí corparáideacha IIÉ. Beidh na scannáin um shlatiascaireacht breac agus liús ar fáil le haghaidh seónna go luath in 2013, agus beidh fáil ar na scannáin um

shlatiascaireacht doingean, duánacht mhara, slatiascaireacht mhara agus garbhiascaireacht, mar aon leis na scannáin chorparáideacha, níos déanaí in earrach na bliana 2013. Beidh na scannáin á ndáileadh go forleathan ar ardáin mheán sóisialta, 'YouTube', suíomhanna Gréasáin slatiascaireachta agus ag seónna trádála.



Fíor 24. Scannánú ar ghabhálacha slatiascaireachta ag Loch na Ceathrún Móire

Bainistiú Bradán


An Ciste Caomhnaithe Bradán

Bunaíodh an Ciste Caomhnaithe Bradán (SCF) in 2006 chun cistiú a sholáthar le haghaidh athshlánú na n-aibhneacha bradán in Éirinn, agus tosaíocht á tabhairt d'aibhneacha atá i limistéir chaomhantais speisialta (SAC) agus nach bhfuil ag freastal ar a gcuid Teorainneacha Caomhantais (CL). Tagann na cistí ó dhíol na gceadúnas bradán slatiascaireachta agus tráchtála, arb ionann é agus rannchuid mhór ó shealbhóirí ceadúnais maidir le caomhnú an bhradáin fhiáin. Déantar an t-ioncam a ghintear ón gCiste a ath-infheistiú chun téarnamh ár stoic bradán agus ár ngnáthóga a chur chun cinn, agus aird ar fhéidearthacht na dtionscadal, infhaighteacht an chistithe agus luach ar airgead. Chuir an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha de chúram ar IIÉ an cistiú a chomhordú, agus tá sé de chúram ar na Ceantair Abhantraí agus na clubanna agus na cónaidhmeanna slatiascaireachta tionscadail fhormheasta a chur i bhfeidhm.

Tá an Ciste á bhainistiú ag coiste atá comhdhéanta de bhainisteoirí iascach, eolaithe, agus ionadaithe slatiascaireachta, a dhéanann measúnú ar iarratais ar thionscadail a fuarthas ó iarratasóirí cáilitheacha agus a dhéanann moltaí ina leith. Déantar measúnú agus scóráil ar thionscadail bunaithe ar stádas na habhann um Theorainn Chaomhantais, a cáilíocht uisce (Q-luach) agus na tairbhí is mó a d'fhéadfadh a bheith ag gach tionscadal i leith na habhann.

I gcomhair na bliana 2012, rinneadh 38 tionscadal faoin gCiste, de luach €683,000, a fhortheas nó a fhortheas go sealadach. Áirítear leis na tionscadail sin, inter alia, feabhsuithe ar bhealaí éisc, feabhsú sceite, oibreacha insrutha, cosaint bhrúacha abhann, fálú, feabhsú an chrios bhrúachánaigh agus staidéir náisiúnta i dtreo caomhnú bradán. Leithdháileadh cistiú do na tionscadail ó ioncam a gineadh agus a bailíodh ar feadh 2011 ó dhíolachán slatiascaireachta agus ó dhíolachán na gceadúnas tráchtála. Bailíodh €520,000 ag deireadh na bliana 2012 agus beifear á leithdháileadh do

thionscadail incháilithe oiriúnacha um chaomhnú bradán in 2013 i gcomhair oibreacha a dhéanfar in 2013/2014.



Fíor 25. Cistí a leithdháileadh do Thionscadail um Chaomhnú Bradán in 2012

As na 38 tionscadal a formheasadh nó a formheasadh go sealadach le haghaidh cistithe in 2012, leithdháileadh cistiú €200,000 san iomlán do 25 tionscadal, agus níor leithdháileadh níos mó ná €10,000 d'aon tionscadal ar leith. Tá sonraí na dtionscadal a cistíodh go dtí seo chomh maith le hoibreacha a rinneadh ar fáil ar shuíomh Gréasáin IIÉ (www.fisheriesireland.ie).

An Scéim Chlibeála Bradán agus Breac Geal

Is iad príomhaidhmeanna na Scéime Clibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal bealach a sholáthar chun staitisticí cruinne um ghabháil ainmniúil a bhailiú mar aon le meastacháin ar shaothrú stoc bradán agus breac geal, chun straitéisí bainistíochta is fearr a fhorbairt agus chun a chinntiú go ndéantar na speicis sin a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta, ar bhonn abhantraí, ar bhonn ceantar iascaigh agus ar bhonn abhann.

Foráiltear leis na rialacháin nach mór do gach iascaire clib chódaithe a ghreamú le gach bradán (nó gach breac geal os cionn 40 cm) a ghabhann siad agus a choinníonn siad. Ní mór iontráil sa turasleabhar a dhéanamh ansin ag tabhairt sonraí maidir le gach iasc a ghabhtar. Ní mór na turasleabhair agus na clibeanna neamhúsáidte ar fad a chur ar ais chuig oifigí CA mar atá leagtha amach sna Rialacháin um an Scéim Chlibeála Bradán agus Breac Geal.

Cuireann baill foirne de chuid IIÉ na sonraí sin isteach i mbunachar sonraí náisiúnta, agus, ina dhiaidh sin, déantar na sonraí a bhailíochtú agus a thiomsú agus déantar anailís orthu chun an Tuarascáil bhliantúil Staitisticí um an mBradán Fiáin agus an Breac Geal a tháirgeadh. Sna tuarascálacha sin, cuirtear faisnéis luachmhar ar fáil do bhainisteoirí iascach, d'eolaithe, do lucht déanta beartas agus do reachtóirí, agus cuidíonn siad maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm beartas agus straitéisí i ndáil le stoic bradán agus breac gheal a chaomhnú in Éirinn. Is féidir an tuarascáil is déanaí (2001-2011) a íoslódáil ón suíomh Gréasáin, www.fisheriesireland.ie.

In 2012, bunaithe ar chomhairle eolaíoch, mhol an lucht bainistíochta dúnadh na hiascaireachta bradán agus breac geal i 61 abhainn¹ agus oscailt 86 abhainn² (lena n-áirítear roghanna gabhála agus scaoilte). Bhí córas clibeanna geolbhaigh donna i bhfeidhm in aibhneacha roghnaithe, nuair a measadh go raibh sé riachtanach chun a áirithiú nach sárófaí cuótaí slatiascaireachta bradán abhainn-bhunaithe.

Gabháil Bradán

Léirítear i Staitisticí na bliana 2012 um an mBradán Fiáin agus an Breac Geal gurb ionann líon iomlán na mbradán a gabhadh ar gach modh (lena n-áirítear gabháil agus scaoileadh) agus 44,497 bradán agus 2,822 breac geal (os cionn 40cm) faoi seach, lena léirítear laghdú 1.05% ar an ngabháil iomlán bradán a taifeadadh in 2011 (44,967) agus méadú 0.82% ar iomlán na gabhála breac geal a taifeadadh in 2011 (2,799). Bliain dhúshlánach arb ea 2012 do shlatiascairí agus d'iascairí tráchtála araon, bliain ina raibh na dálaí iascaireachta dúshlánach, leibhéil an uisce ard, agus báirí iasc ar neamhréir ag tréimhsí tábhachtacha iascaireachta.

B'ionann gabháil tráchtála na bliana 2012 agus 10,319 bradán agus 34 breac geal (os cionn 40 cm), arb ionann é agus 56% den Ghabháil Iomlán is Incheadaithe de 18,376 iasc a leithdháileadh don earnáil iascaireachta tráchtála. Fuarthas na gabhálacha is mó bradán tráchtála in 2012 i gContae Chiarraí ar Abhainn na Féile le 1,509 bradán (14.6% den ghabháil tráchtála), i gContae Chorcaí ar Abhainn na Laoi le 1,407 bradán (13.6% den ghabháil tráchtála), i gContae Chiarraí ar an Leamhain le 1,343 bradán (13% den ghabháil tráchtála), agus i gCo. Chorcaí ar an Abhainn Mhór le 1,013 bradán (9.8% den ghabháil tráchtála).

B'ionann gabháil slatiascaireachta na bliana 2012 agus 34,178 bradán agus 2,788 breac geal (os cionn 40cm). As an 34,178 bradán a gabhadh ag slatiascairí, saothraíodh 22,287 díobh agus scaoileadh le 11,891 díobh ina dhiaidh sin. Ghabh iascairí tráchtála 23% den ghabháil in 2012, i gcomparáid le 27% in 2011 agus ghabh slatiascairí áineasa 77% in 2012 i gcomparáid le 73% in 2011.

Tábla 1. Sonraí de ghabháil bradán 2012 ar gach modh i gcomparáid le figiúirí 2011

Gabháil Bradán	2011	2012
Gabháil Slatiascaireachta agus Tráchtála Iomlán an ghabháil bradán Slatiascaireachta agus Tráchtála	44,967	44,497
Gabháil Tráchtála Iomlán an ghabháil bradán Tráchtála	11,973	10,319
Gabháil Slatiascaireachta Iomlán na mbradán a saothraíodh trí shlatiascaireacht Iomlán na mbradán a gabhadh agus a scaoileadh leo	20,306 12,688	22,287 11,891
Iomlán an ghabháil Bradán Slatiascaireachta	32,994	34,178

Díolachán Ceadúnas & Aischur Turasleabhar

Díoladh 19,588 ceadúnas slaite bradán le slatiascairí ó chaoga ceathair tír éagsúla, arb ionann é agus laghdú 1.56% ar dhíolachán le hais na bliana 2011. Díoladh formhór na

¹ Fodhlí um chaomhnú an bhradáin agus an bhric ghil uimh. 308/309/311/893/-2011, 895-2012

² Fodhlí um chaomhnú an bhradáin agus an bhric ghil uimh. 310/885/886/889/890/891/892/894-2011, 896/898-2012

gceadúnas (66%) le daoine a raibh cónaí orthu in Éirinn, 12% le daoine a raibh cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus díoladh 9% eile de na ceadúnais slatiascaireachta le daoine a raibh cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe. Tháinig líon suntasach slatiascairí ón bhFrainc (4%) agus ón nGearmáin (3%) freisin. Sheol slatiascairí ar ais 14,597 turasleabhar in 2012, agus b'ionann an ráta náisiúnta aiscurtha agus 75%, suas ó 72% ar aischur na dturasleabhar in 2011. Léirítear i dTábla 2 na staitisticí achoimre ar líon iomlán na gceadúnas slaithe a díoladh in 2001-2012 agus líon agus céatadán na dturasleabhar a chuir slatiascairí bradán ar ais.

Tábla 2. Díolachán na gceadúnas slatiascaireachta bradán agus breac geal agus aischur turasleabhar in 2001 – 2012

Bliain	Díolachán Ceadúnas	Aischur Turasleabhar	% Aischurtha
2001	32,814	14,238	43%
2002	35,024	18,116	52%
2003	31,809	18,088	57%
2004	30,807	17,955	58%
2005	28,738	17,682	62%
2006	27,341	18,554	68%
2007	19,986	12,962	65%
2008	20,061	13,917	69%
2009	18,314	12,890	70 %
2010	17,983	12,813	71%
2011	19,899	14,414	72%
2012	19,588	14,597	75%

Tábla 3. Díolachán na gCeadúnas in 2012 de réir cineál ceadúnais agus de réir costais

Cineál an Cheadúnais	Bliantúil A	Dúiche B	Ógánach P	21 Lá R	1 Lá S	Limistéar an Fheabhail W	Áitiúil Speisialta x	Iomlán Slatiascaireachta
Costas	€100	€56	€10	€40	€20	€80	€24	
Líon a díoladh	3,512	7,256	1,476	4,189	2,202	598	355	19,588
Luach iomlán na ndíolachán €	351,200	406,336	14,760	167,560	44,040	47,840	8,520	€1,040,256

Fodhlíthe

Bhain na príomh-Fhodhlíthe a tugadh isteach do shéasúr 2012 le Caomhnú stoic Bradán agus Breac Geal. Cuireadh fodhlíthe i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil araon chun teorainneacha mála a éascú maidir le slatiascaireacht bradán agus breac geal (Fodhlíthe Uimhreacha 885 & 887 de 2011), oscailt iascach ar bhonn gabhála agus scaoilte (Fodhlíthe Uimhreacha 310/886/889/890/891/892/894 de 2011, 896/898 de 2012), agus dúnadh iascach áirithe nuair a mheasadh go raibh sé sin riachtanach chun cosaint leordhóthanach a thabhairt do stoic bradán agus breac gheal (Fodhlíthe Uimhreacha 308/309/311/893 de 2011, 895 de 2012).

Cuireadh srianta breise i bhfeidhm maidir le gach modh slatiascaireachta ar iascaigh dhúnta áirithe agus ar iascaigh ghabhála agus scaoilte um chosc ar úsáid duán, seachas cinn aonair nach friofaí iad, agus ar úsáid phéisteanna mar bhaoite sa tslatiascaireacht nuair a measadh go raibh sé riachtanach bearta cosanta breise a chur i bhfeidhm maidir le stoic bradán agus breac geal (Fodhlí Slatiascaireachta Uimh. 897, 2012)

Leis an bhFodhlí um Chaomhnú Iascaireachta Eascann, Uimh. 312 de 2012, cuireadh cosc ar iascaireacht i gcomhair eascann agus cuireadh cosc ar eascanna arna ngabhadh in abhainn sa Stát a bheith i seilbh duine nó iad a dhíol.

Leagadh amach iascaireacht tráchtála bradán agus breac geal, agus cuireadh síos ar na haibhneacha ina bhfuil iascaireacht tráchtála ceadaithe chomh maith leis an séasúr oscailte agus an séasúr dúnta sna Fodhlíthe éagsúla (Fodhlí 899 agus Fodhlí 900 de 2012).

Mhol IIÉ na Fodhlíthe thuas, bunaithe ar chomhairle um an bhainistíocht is fearr, ar chomhairle eolaíoch, agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara, agus ansin cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha iad lena mbreithniú. Tar éis don Aire iad a fhorghabháil agus a shíniú, cuireann baill foirne allamuigh IIÉ na Fodhlíthe sin i bhfeidhm. Tá liosta de na Fodhlíthe ábhartha a achtaíodh le haghaidh 2012 ar fáil in Aquisín 16.

Bainistiú Iascaigh Stáit

Ceadúnú Iascaigh Stáit

Le linn shéasúir 2012, bhí 79 iascach faoi cheadúnas le 46 club/eagraíocht slatiascaireachta, ónar gineadh os cionn €43,000 i dtáillí ceadúnais. Fógraíodh iascaigh a bhí faoi réir tairiscintí do shéasúr 2013 ar líne agus chuathas i dteagmháil leis na clubanna a raibh seilbh acu orthu chun an próiseas tairisceana a chur in iúl dóibh. D'eisigh IIÉ ceadúnais fhadtéarmacha do roinnt clubanna faoi réir ag comhaontú bainistíochta agus ag plean fadtéarmach um fhorbairt iascach a bheith comhaontaithe leis na clubanna. Dáileadh faisnéis ar speicis ionracha ar chlubanna mar limistéar féideartha a d'fhéadfadh clubanna aghaidh a thabhairt air mar chuid de phlean fadtéarmach um fhorbairt iascach. Faoi mhí na Nollag, bhí tairiscintí curtha isteach ag an gcuid is mó de na clubanna ina ndearnadh ceadúnais ní b'fhadtéarmaí a lorg.

Forbairt Iascach

I nDún na nGall, tá IIÉ ag obair le slatiascairí an Chraoslaigh maidir le pleananna chun rochtain ar roinnt de na lochanna Stáit beaga iargúlta a chur chun cinn agus a fheabhsú. I Sligeach, chabhraigh IIÉ le Slatiascairí Shligigh maidir le gearradh fiaí ar Loch Ghleann an Chairthe i mí Iúil. Sholáthair IIÉ lannaí 'V' gearrtha speisialaithe agus bád agus liagóir chun cuidiú leis na hoibreacha. Sholáthair an club an saothar chun na fiaí a bhailiú agus a dhiúscairt nuair a bhí siad gearrtha. Rinne an Dr Joe Caffrey ó IIÉ maoirseacht ar an gearradh agus thuairisc sé gur éirigh leis.

Bronnadh cistiú ar cheithre chlub a bhainistíonn iascaigh de chuid an Stáit tríd an gCiste Caomhnaithe Bradán (SCF) chun oibreacha forbartha a dhéanamh in 2012. Fuair Club Slatiascaireachta Chill Bhríde cistiú €10,000 ón SCF chun leanúint le hoibreacha ar tosaíodh orthu in 2011 ar phríomhchainéal na hAbhann Duibhe i gCeanannas. Fuair Cumann Slatiascairí Mhainistir na Féile cistiú €9,873 don obair feabhsúcháin ar an bhFéil agus an Úllach. Fuair Cumann Slatiascaireachta Chroithlí cistiú €9,700 ón SCF chun oibreacha forbartha a dhéanamh ar Abhainn Chroithlí i nDún na nGall. I gCill Chainnigh, fuair Cumann Slatiascairí Bhaile Mhic Andáin cistiú €10,000 ón SCF i ndáil le hobair athshlánaithe ar Abhainn na Feoire.

Rinneadh taighde um theideal chun cúnamh a thabhairt maidir le bunú Meabhrán Tuisceana ar an bpobal maidir le forbairt na slatiascaireachta mar chaitheamh aimsire ar Loch an Chaoil, Acaill. Baineadh cearta iascaireachta éagtha ó fhóiliúnna in aon cheann déag de chásanna agus fuarthas naoi n-iarraitas eile i ndáil le taighde um theidil agus rinneadh imscrúdú orthu. Chuir IIÉ aighneacht faoi bhráid Chlárlann na Talún maidir leis an gcéad chlárú ar thailte in aice le hAbhainn Abhóca i gCo. Chill Mhantáin.

Ceadanna le haghaidh iascach faoi bhainistíocht IIÉ

Rinneadh athbhrandáil le lógó IIÉ ar na ceadanna le haghaidh iascach atá faoi úinéireacht an Stáit agus cónascadh go leor díobh chun laghdú a dhéanamh ar líon foriomlán na gcineálacha ceadanna atá ar fáil. Is féidir na ceadanna nua A5 a fhilleadh in dhá leath ionas go n-oirfidís do phóca slatiascaire. Coimisiúnaíodh clúdaigh phlaisteacha freisin, le haghaidh ceadanna a choinneáil iontu agus iad a chosaint. Tá siad trédhearcach ar thaobh amháin agus bán ar cúl agus tá lógó, suíomh Gréasáin agus uimhir theileafóin bheolíne IIÉ orthu, agus dearadh iad i gcomhair gach ceada seachas na ceadanna lae. Chuir an pobal slatiascaireachta fáilte roimh na ceadanna agus na clúdaigh phlaisteacha araon.

Forbairt Gnó agus Ríomhghnó

Suíomhanna Gréasáin agus na Meáin Shóisialta

Rinneadh athdhearadh ó bhonn ar shuíomh Gréasáin IIÉ um fhaisnéis slatiascaireachta www.fishinginireland.info in 2012. Tá feidhmiúlacht curtha leis an suíomh nua trína mbeidh úsáideoirí in ann ceadanna le haghaidh iascaigh roghnaithe IIÉ a cheannach mar aon le léarscáileanna, leabhair agus acmhainní eile a bheadh úsáideach do shlatiascairí. Beidh an suíomh nua á sheoladh go luath in 2013.

Tá ról tábhachtach ag fishinginireland.info maidir le slatiascairí intíre agus slatiascairí turasóireachta a chur i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse san earnáil slatiascaireachta, agus in 2012 rinneadh os cionn 80,000 atreorú go dtí suíomhanna Gréasáin soláthraithe seirbhíse.

Na Meáin Shóisialta

Tá na meáin shóisialta an-úsáideach d'IIÉ maidir le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara. Déantar tuairiscí slatiascaireachta a phostáil ar an mblag ar www.fishinginireland.info agus seoltar iad chuig ár lucht leanúna ar Twitter. Tríd an meán sin, rinneadh nasc leis an amhránaí pop Hannah Berney agus leis an hiopnóisí Keith Barry. Le breis is 2,000 'Is maith liom' ar Facebook in 2012, d'fhéadfadh sé go bhfaca suas le 750,000 duine poist slatiascaireachta agus fógraí eile de chuid IIÉ. Chonaic suas le 13,477 daoine aonair na poist aonair.

Beolíne Theileafóin IIÉ 1890 34 74 24

Feidhmíonn IIÉ Beolíne 24 Uair ar 1890 34 74 24 trínar féidir le daoine atá buartha faoi theagmhais truaillithe, faoi phóitseáil agus faoi speicis ionracha na rudaí sin a thuairisciú. I rith 2012, fuarthas 478 glao ar an mBeolíne (méadú 3% ar na 464 glao a fuarthas in 2011). Ba chun eachtra neamhdhleathach (220) a thuairisciú ba mhinice a cuireadh glaoch ar an uimhir bheolíne. Bhain 133 glao le teagmhais truaillithe, tuairiscíodh i 7 nglao go raibh speiceas ionrach i láthair agus bhí ceisteanna ginearálta i gceist le 118 glao.

Éascú na bPáirtithe Leasmhara agus Comhoibriú

I measc na ngníomhaíochtaí éascaithe i gcomhair páirtithe leasmhara le linn 2012, bhí cruinnithe le cónaidhmeanna slatiascaireachta d'fhonn a chinntiú go raibh IIÉ ar an eolas faoi ábhair inní a bhí ag slatiascairí, oiliúint a sholáthar maidir le lorg cistiúcháin, oibreacha forbartha, feasacht faoi speicis ionracha agus cur chun cinn na slatiascaireachta. Ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara slatiascaireachta agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile amhail Gníomhaireacht na Lochanna agus Uiscebhealaí Éireann, chuir IIÉ leis an bhfeasacht faoin tslatiascaireacht le linn Sheachtain Feasachta na nIascach agus tríd an scéim urraíochta, agus tugadh tacaíocht shuntasach ar leith do Chraobh Péirí Domhanda na Lochanna agus na nUiscebhealaí Intíre.

D'óstáil IIÉ ceardlann chun cistiú forbartha slatiascaireachta a phlé, ar fhreastail ionadaithe ó gach cónaidhm slatiascaireachta uirthi. Thacaigh Líonra Forbartha Leader na hÉireann leis an gceardlann.

Tríd an gCreat Náisiúnta Áineasa Lasmuigh, rinne IIÉ naisc láidre le hOifig na gCosán Náisiúnta in 2012. Bhí ionchur suntasach ó IIÉ sa treoirdá cuid i leith cosán, *Trails Guide*, a sheol Michael Ring, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spóirt, i mí Feabhra. Rinneadh forbairt rian slatiascaireachta maidir le lochanna sléibhe na Ceachan agus na Cruaiche Goirme a phlé agus tá cúnamh tairgthe ag Oifig na gCosán Náisiúnta ina leith. Reáchtáil Oifig na gCosán Náisiúnta cúrsa forbartha cosán den scoth d'fhoireann IIÉ go sonrach i mí na Samhna 2012.

Ghlac IIÉ ballraíocht i *Leave no Trace* (LNT) in 2012. Is maith mar a luíonn prionsabail LNT le prionsabail IIÉ agus tríd an mballraíocht cuideofar linn slatiascairí a spreagadh chun a bheith níos freagraí i leith an chomhshaoil.

Slatiascaireacht Dhún na nGall

I mí na Bealtaine 2011 thionscain IIÉ treoirthionscadal a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar eagrú tháirge turasóireachta slatiascaireachta Dhún na nGall agus ar an margaíocht ina leith. Áiríodh leis an dul chun cinn in 2012 bunú comhaontas páirtithe leasmhara slatiascaireachta ar a dtugtar an *Donegal Angling Tourism Alliance* (DATA nó Comhaontas na Slatiascaireachta Turasóireachta i nDún na nGall). Le cúnamh IIÉ, tá straitéis ghnó agus mhargaíochta forbartha ag DATA chun a bheith ag obair leis an tionscal turasóireachta agus le gníomhaireachtaí forbartha ábhartha. D'éirigh le DATA cistiú LEADER (Liason Entre Actions pour le Développement d'IEconomie Rurale, Clár Forbartha Tuaithe) a fháil agus oibreoidh an cumann anois chun forbairt a dhéanamh ar an mbranda *Donegal Angling Holidays* i gcomhar le IIÉ agus leis na gníomhaireachtaí turasóireachta.

Urraíocht

In 2010 agus 2011, d'fhorbair IIÉ scéim phíolótach urraíochta trínar tugadh cuireadh do dhaoine aonair, clubanna, cónaidhmeanna, sealbhóirí ceadúnais tráchtála bradán srl urraíocht a lorg le haghaidh imeachtaí a dhíreodh aird ar acmhainn na n-iascach intíre, ar an tslatiascaireacht áineasa agus ar obair IIÉ. Feidhmíodh an clár urraíochta iomlán in

2012, agus fuarthas 88 iarratas ar thacaíocht i ndáil le himeachtaí, comórtais, foirne, foilseacháin agus trealamh. Tacaíodh le 55 iarratasóir lena n-áirítear 7 gCónaidhm Náisiúnta Slatiascaireachta agus 13 Chlub Slatiascaireachta. Ar an faighteoirí eile bhí tionscadail athstiúrtha óige, tionscnaimh shlatiascaireachta do dhaoine faoi mhíchumas agus Coiste Éisc Eiseamail na hÉireann.

Clúdaíodh raon leathan gníomhaíochtaí sna himeachtaí agus bhí siad ar siúl ar fud na tíre. Bhain siad le gach disciplín slatiascaireachta le béim ar leith ar shlatiascairí sóisearacha.

Acmhainní Daonna

Acmhainní Daonna – Buneolas

Is é cuspóir foriomlán na Rannóige Acmhainní Daonna mar atá leagtha amach i bPlean Gnó 2012 Iascach Intíre Éireann sraith chuimsitheach de sheirbhísí dea-chleachtais só-úsáidte Acmhainní Daonna a sholáthar d'Iascach Intíre Éireann (IIÉ), a chuireann ar a chumas freastal ar éilimh a Phlean Straitéisigh, ar chlaohlú an Rialtais ar an earnáil phoiblí, ar théarmaí Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, ar an bPlean um Théarnamh Náisiúnta agus ar na Pleananna um Athchóiriú na hEarnála Poiblí.

Is é Kieran Murphy atá i gceannas ar an Rannóg, agus faigheann sé cúnamh ó Oibríochtaí Acmhainní Daonna agus na bainisteoirí Foghlama agus Forbartha. Tháinig méadú suntasach ar fhreagrachtaí na Rannóige in 2012 nuair a tugadh freagracht di as an sainchúram náisiúnta sláinte agus sábháilteachta. Ón 1 Márta 2012, thosaigh an feidhmeannas sláinte agus sábháilteachta ag tuairisciú do Kieran Murphy.

In 2012, dhírigh an Rannóg Acmhainní Daonna ar sheachadadh sna príomhréimsí seo a leanas: forbairt eagrúcháin trí struchtúr oibríochtúil athbhreithnithe a dhearadh a luíonn leis na srianta foirne atá sainordaithe faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta, agus soláthar acmhainní daonna, sláinte agus sábháilteachta, agus tacaíochtaí foghlama agus forbartha i gcomhair na heagraíochta. Bhí an Rannóg freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí IIÉ faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003) agus faoi chlár grinnfhiosrúcháin na nGardaí, agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.

Bliain dhúshlánach a chaith an Rannóg arís eile in 2012, agus í ag obair i gcomhréir leis na srianta a fhorchuirtear leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta athbhreithnithe, leis na héilimh leanúnacha a bhaineann le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh, leis an bPlean um Théarnamh Náisiúnta agus leis an bPlean um Athchóiriú na hEarnála Poiblí. Bhain IIÉ amach a spriocanna agus chomhlíon sé na ceanglais a bhaineann leis na cláir sin arís in 2012 agus caidreamh cobhsaí le fostaithe á chothabháil aige.

Cúrsaí Foirne

Le linn 2012, laghdaíodh an leibhéal foirne foriomlán in IIÉ ó 341.25 ball foirne ar an 31 Nollaig 2011 go dtí 323.1 ball foirne ar an 31 Nollaig 2012. Tharla céatadán suntasach den laghdú sin mar gheall ar 13 bhall foirne ag dul ar scor i mí Feabhra 2012 faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009. Tharla an chuid eile den laghdú mar thoradh ar iomlaoid nádúrtha foirne agus roinnt conarthaí téarma seasta a bheith imithe in éag.

Bhí lánchosc an Rialtais ar earcaíocht san earnáil phoiblí fós i bhfeidhm i rith na bliana 2012. Mar a tharla in 2011, ní raibh IIÉ in ann tabhairt faoi aon earcaíocht sheachtrach seachas tríocha dó ball foirne cosanta séasúrach a cheapadh. Fuarthas cead maidir leis na ceapacháin sin ar feadh tréimhse cheithre mhí agus rinne an Rannóg Acmhainní Daonna an earcaíocht go lárnach, trí chomórtas oscailte. Tá líon na mball foirne in IIÉ le haghaidh 2012 ar fáil in Aguisín 24.

Oiliúint agus Forbairt

Rinneadh Plean Oiliúna Náisiúnta bliantúil IIÉ a sheachadadh ar feadh 2012 agus díródh den chuid ba mhó ar oiliúint na foirne allamuigh i gcomhréir leis an bplean straitéiseach

fadtéarmach don tréimhse 2012 go 2015. Soláthraíonn an plan sceideal oiliúna bunaithe ar riachtanais oibríochtúla agus feidhmiúla IIÉ agus folaíonn sé:

- Modúil oiliúna oibríochtúla lárnacha, amhail Scéim Foirne IIÉ, Oiliúint Ionduchtúcháin, Díl Iascaigh, Réiteach Coinbhleachta, Oiliúint Sainfhinne
- Sláinte & Sábháilteacht, Comhlíonadh Corparáideach, agus scileanna a bhaineann le ról ar leith cosúil le hOibríochtaí Bád Righin Inséidte, Oiliúint um Theacht Slán, agus sábh slabhrach agus innealra eile a úsáid
- Tionscnaimh Rialtais agus Tionscnaimh Ghó amhail oiliúint Bainistíochta Feidhmíochta, Feasacht ar Mhíchumas, Feasacht um Chosaint Leanaí etc.
- Forbairt Bainistíochta.

Tugadh isteach dhá chlár nua scileanna lárnacha in 2012. Chuir pearsanra Choláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór an oiliúint sa chéad chlár, Bainistiú Coimhlinte agus Nósanna Imeachta Cúirte, ar fáil do bhaill foirne allamuigh go léir IIÉ i ndiaidh tréimhse dhearaidh agus forbartha leis an gcoláiste.

Bhí an dara clár, Oiliúint Tarrthála Swiftwater, forbartha agus curtha in oiriúint ag an soláthraí chun freastal ar riachtanais fhoireann IIÉ.

Tríd is tríd, cuireadh 26 clár oiliúna ar leith ar fáil d'fhoireann IIÉ in 2012, thar 1,896 lá oiliúna, arb ionann é agus 6 lá ar an meán in aghaidh an fhostaí. B'ionann an costas oiliúna do 2012 agus 2% den phárolla. Mar gheall ar chaighdeán na hoiliúna a soláthraíodh, áfach, cuireadh ar chumas fhoireann IIÉ a bheith ag obair ar shlí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí i dtreo spriocanna na heagraíochta a bhaint amach agus seirbhís níos gairmiúla, atá níos dírithe ar chustaiméirí, a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara. Tá sonraí iomlána na gclár a seachadadh leagtha amach in Aguisín 25.

Caidreamh le Fostaithe

Rinneadh caidreamh tionscail cobhsaí a chothabháil i rith 2012 in ainneoin na ndálaí deacra leanúnacha ina bhfuil IIÉ ag oibriú. Coinníodh línte maithe cumarsáide maidir le saincheistean tábachtacha leis an bhfoireann agus le ceardchumann. Cuireadh Lá Corparáideach na foirne 2012 ar bun, a bhí ceaptha chun an fhoireann a thabhairt cothrom le dáta ar chúrsaí ghnó agus nithe gaolmhara, agus soláthraíodh leis sin, mar aon le foilsíú leanúnach nuachtlitir foirne IIÉ, ardán ar a dtógfar an leathnú leanúnach ar chumarsáid inmheánach.

Tugadh saincheist an éide chomhordaithe, a ceapadh chun cur le muinín an phobail in IIÉ agus an mhuinín sin a chothabháil, chun críche agus chuidigh an éide go mór maidir le hionmhá ghairmiúil na heagraíochta a bhunú agus a fheabhsú.

Go dtí gur bunaíodh IIÉ i mí Iúil na bliana 2010, rialaíodh bainistiú cúrsaí foirne, lena n-áirítear an neamhláithreachas, ar bhonn réigiúnach. Tar éis gur bunaíodh IIÉ, chuir an Rannóg Acmhainní Daonna tús le próiseas leanúnach i ndáil le córais bhainistíochta Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm agus a lárnú. Mar chuid lárnach den phróiseas sin, ghlac an Rannóg freagracht as bainistiú comhordaithe na neamhláithreachta fadtéarmaí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Baineann fíorthábhacht le sláinte agus sábháilteacht na foirne d'IIÉ agus seo a leanas achoimre ar na príomh-éachtaí sa réimse sin in 2012.

Bunaíodh an Coiste Sábháilteachta Náisiúnta i Meán Fómhair 2011 i gcomhréir le hAlt 26 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Go luath in 2012, cuireadh oiliúint fhoirmiúil ar na hionadaithe sábháilteachta náisiúnta i leith a gcuid ról. Ó

shin i leith, tá an coiste tagtha chun cinn mar chuid lárnach den bhainistíocht sábháilteachta laistigh den eagraíocht. Tá sé réamhghníomhach maidir le dul i gcomhairle leis an mbainistíocht ar ábhair mar threalamh cosanta pearsanta, lámhleabhar sábháilteachta na bhfostaithe, éide oibre, oiliúint agus measúnuithe riosca. Ina theannta sin, d'fhorbair an Coiste nós imeachta maidir le hobair aonair agus córas páirtíochta a comhaontaíodh in 2012; déanfar iad a fheidhmiú go céimneach sa chéad ráithe de 2013.

Cuireadh lámhleabhar sábháilteachta foirne ar fáil i gcomhairle leis an gCoiste Sábháilteachta Náisiúnta agus eisíodh é don fhoireann go léir. Doiciméad tagartha éasca i gcomhair na foirne is ea é, ina ndírítear ar na saincheistanna sábháilteachta is suntasaí a d'fhéadadh bagairt orthu ina gcuid oibríochtaí laethúla.

In 2012, rinneadh iarracht shuntasach feabhas a chur ar chosaint sábháilteachta i gcás baill foirne a bhíonn ag obair ar an uisce nó in aice leis. Tugadh isteach dlúthfheistí snámhachta pearsanta 150N nua don fhoireann ábhartha. Eisíodh feistí snámhachta pearsanta comhbhuachachta 375N nua do bhaill foirne a ghlacann páirt in oibríochtaí ar an bhfarraige. Cuireadh oiliúint ar 116 ball foirne san iomlán in úsáid shábháilte an trealamh sin. Ina theannta sin, chuir IIÉ tús le clár oiliúna Tarrthála Swiftwater don fhoireann in 2012.

Leanadh ar aghaidh le measúnuithe riosca sábháilteachta maidir le hionaid réadmhaoine agus bunáiteanna oibríochta IIÉ mar chuid lárnach den chlár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta in 2012 agus cuireadh 30 measúnú den sórt sin i gcrích in 2012 mar chuid den chlár leanúnach sin.

Thacaigh IIÉ le tionscnaimh agus imeachtaí sábháilteachta a bhí eagraithe ag Rannóg na dTionscal Tuaithe de chuid na hInstitiúide um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde. Bhí baint ag an bhFeidhmeannach Sláinte agus Sábháilteachta, atá ina chathaoirleach ar an Rannóg sin faoi láthair, le heagrú na n-imeachtaí sábháilteachta. Bhí siad ar oscailt don phobal agus do dhaoine gairmiúla i réimse na sábháilteachta araon. Airítear leis na hábhair a clúdaíodh in 2012 sábháilteacht arm tine, sábháilteacht ar bhóithre agus rialacha um tharraingt leantóra, mar aon leis an tsábháilteacht in earnáil mhianadóireachta na hÉireann.

Staitisticí um Thuairisciú Teagmhas 2012

Tuairiscíodh 25 teagmhas d'Fheidhmeannach Sláinte & Sábháilteachta IIÉ in 2012, agus tuairiscíodh 7 gcinn díobh sin don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Bhí líon na n-eachtraí a tuairiscíodh i ngach suíomh idir 1 agus 7. Thuairiscigh IIÉ Bhéal an Átha agus na Gaillimhe an líon teagmhas ba mhó. Agus an líon foirne sa suíomh sin san áireamh, áfach, níl an ráta teagmhas tuairiscithe ach díreach os cionn 1% níos airde ná meán náisiúnta IIÉ.

Saoráil Faisnéise

Fuarthas seacht n-iarratas Saorála Faisnéise (SF) in 2012, ceann amháin ó iriseoir, ceann amháin ó ghrúpa gnó/leasa, ceann amháin ó bhall foirne agus ceithre chinn ón bpobal i gcoitinne. As na seacht n-iarratas, bhain ceann amháin le faisnéis phearsanta, bhí cúig chinn acu neamhphearsanta agus bhí ceann amháin inar lorgaíodh raon faisnéise idir phearsanta agus neamhphearsanta araon.

As an iomlán a fuarthas, ceadaíodh ceithre chinn, páirtcheadaíodh dhá cheann, agus rinneadh ceann amháin a aistarraingt agus a láimhseáil taobh amuigh den phróiseas um Shaoráil Faisnéise. Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar cheann amháin de na hiarratais a bhí páirtcheadaithe.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Is é an Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha sa Rannóg Acmhainní Daonna an sínitheoir údaráithe laistigh de IIÉ chun críocha Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus próiseálann an bainisteoir sin na hiarratais go léir a fhaightear um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Baineann sé sin le riachtanais IIÉ maidir lena fhoireann agus le hiarratais ó bhaill den phobal i ndáil le hiarratais aonair ar cheapachán mar Mhaoir Uisce Phríobháideacha faoi Alt 294. Rinneadh próiseáil ar 80 iarratas in 2012.

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tá luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Iascach Intíre Éireann i gcomhréir leis an scála um Rúnaí Cúnta, atá idir €134,523 agus €153,885.

Airgeadas & TFC

Airgeadas & TFC – Buneolas

Leagtar de chúram ar an Rannóg Airgeadais & Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide de chuid Iascach Intíre Éireann (IIÉ) sraith chuimsitheach de chórais airgeadais agus TFC a sholáthar atá oiriúnaithe agus solúbtha go leor chun freastal ar éilimh athraitheacha IIÉ agus atá láidir go leor freisin chun na caighdeáin is airde a chomhlíonadh maidir le rialachas corparáideach.

Tá áthas ar an Rannóg Airgeadais & TFC a thuairisciú gur seachadadh go rathúil i gcoinne na spriocanna a leagadh amach i bPleananna Gnó 2012 IIÉ. In 2012, chomh maith le taifid airgeadais chuí a choinneáil i gcomhair IIÉ, chomhlíon an Rannóg na spriocdhátaí tuairiscithe rialachais reachtúil agus chorporáidigh i gcás na Ráiteas Airgeadais agus na Tuarascála Bliantúla araon. Ina theannta sin, chuir an Rannóg comhairle airgeadais thráthúil chun críocha cinnteoireachta straitéiseach ar fáil do lucht bainistíochta agus Bhoird IIÉ agus bhí sí gníomhach i ngnéithe dlíthiúla agus costais a raibh gá leo i ndáil leis an bpróiseas um sholáthar a dhéanamh ar áitribh nua i mBaile Átha Cliath agus i nDún na nGall.

Cuireadh feabhas ar leagan amach na gcuntas bainistíochta arna gcur faoi bhráid an Bhoird in 2012, trí fhaisnéis níos gonta a sholáthar chun feabhas a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an Bhoird.

I measc na bpríomh-éachtaí sonracha, bhí feidhmiú céimneach an chórais leictreonaigh um orduithe ceannaigh do gach Rannóg sa cheanncheathrú, rialú an bhuiséid a dhílárú go dtí na Rannóga, suiteáil na seirbhíse SharePoint/inlín chun éifeachtúlachtaí agus cumarsáid a fheabhsú ar fud na heagraíochta, athbhreithniú ar rátaí baincéireachta, agus aistriú phríomhghnóthaí baincéireachta IIÉ go dtí Banc na hÉireann tar éis próiseas tairisceana iomaíche go luath in 2012. Ina theannta sin, chloí gach éileamh um thionscadal AE leis na spriocdhátaí tuairiscithe diana. Freagraíodh gach Ceist Pharlaiminte faoi na spriocdhátaí a iarradh. In 2012, rinneadh athbhreithniú ar réimse na Sócmhainní Seasta agus réimse na Frithchalaoise mar chuid den chlár iniúchóireachta inmheánaí.

Le roinnt blianta anuas, tá an fheidhm airgeadais á hathstruchtúrú ar an leibhéal náisiúnta chun freastal ar na riachtanais a thagann de bharr bunú IIÉ. Ghlac gan ball foirne airgeadais le freagrachtaí breise mar chúiteamh ar shrianta foirne mar gheall ar an tionchar a bhí ag an lánchosc earcaíochta.

Tá mionsonraí ar phríomhghníomhaíochtaí na Rannóige in 2012 faoi na príomh-cheannteidil clár atá leagtha amach thíos.

Bainistíocht Airgeadais

Buiséid agus cuntais Bhainistíochta

In 2012 ullmhaíodh buiséid mhionsonraithe Rannóige agus rinneadh iad a chomhdhlúthú isteach i mbuiséad IIÉ deiridh ar fhorghnó an Bord agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí é. Cuireadh cuntais bhainistíochta faoi bhráid an Bhoird agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí ar bhonn míosúil mar aon le tráchttaireacht ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid. Athraíodh formáidí tuairiscithe i rith na bliana chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht na faisnéise airgeadais arna cur i láthair an Bhoird chun críocha cinnteoireachta.

Ráitis Airgeadais

Cuireadh Cuntais Airgeadais IIÉ i leith na bliana 2012 faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha faoin 28 Feabhra 2013 agus faoi bhráid an Aire agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 31 Márta 2013, lenar comhlíonadh go hiomlán na hoibleagáidí reachtúla.

Feidhmiú céimneach an Chórais Leictreonaigh um Orduithe Ceannaigh

Trí chur i bhfeidhm an chórais leictreonaigh um orduithe ceannaigh laistigh de gach Rannóg san oifig i Sord, cuireadh feabhas ar rialachas corparáideach sna nósanna imeachta um sholáthar laistigh de IIÉ.

Párolla agus pinsean

Feidhmíodh an fheidhm phárolla go héifeachtach le linn 2012. Rinneadh pinsin agus aiscí a ríomh i gcás 13 bhall foirne a chuaigh ar scor ar an 29 Feabhra 2012, agus iad ag baint leasa as na téarmaí fabhracha a bhí ar fáil faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009.

Tionscadail agus tuarascálacha airgeadais neamh-chaighdeánacha

Cuireadh isteach gach éileamh i ndáil le tionscadail a bhí urraithe ag an AE laistigh de na spriocdhátaí, agus ba iad seo a leanas na príomhthionscadail: Tionscadal Ceilteach an Bhric Ghil (CSTP), arna chistiú trí chlár na Nuálaíochta agus Réigiúin Chomhshaoil chlár na hEorpa (INTEREG), an tionscadal um Rialú Speiceas Uisceach Ionrach in Éirinn (CAISIE, arna chistiú tríd an gclár AE LIFE +), agus an Tionscadal um speicis neamhdhúchasacha ionracha tosaíochta a rialú agus an bhithéagsúlacht dhúchasach a athshlánú (CIRB, arna chistiú trí INTERREG). Rinneadh iniúcháirí de chuid an AE iniúchadh cuimsitheach ar an CSTP agus thug iniúcháirí cuairt ar na tionscadail eile a bhí á bhfeidhmiú i rith na bliana chomh maith. Cuireadh tuarascálacha agus costálacha eile *ad hoc* i gcrích le linn na bliana i réimsí cosúil le réadmhaoin, feirmeoireacht éisc, ceadanna, cóiríocht agus soláthar foirne.

Bainistíocht agus Úsáid Sócmhainní

Clár Riosca

Mar thoradh ar fhorbairt a rinneadh ar Chlár Riosca IIÉ in 2012, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na saincheistanna suntasacha a théann i bhfeidhm ar IIÉ agus ar a chuid sócmhainní. Sannadh freagracht maidir le gach réimse suntasach do bhainisteoir sinsearach laistigh de IIÉ. Ullmhaíodh scóir riosca i ndáil le gach ceann de na rioscaí a aithníodh sa chlár riosca agus rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú orthu siúd lena bhformheas ag an mBord.

Iniúchadh ar Shócmhainní Seasta

Rinneadh iniúchadh fairsing ar shócmhainní seasta in 2012. Mar chuid de sin, tugadh cuairt ar gach suíomh de chuid IIÉ agus meitseáladh na sócmhainní fisiceacha leis an gclár sócmhainní seasta, cuireadh clib ar gach sócmhainn agus tógadh grianghraf di nuair ba chuí sin a dhéanamh. Tá gach ceann de shócmhainní lárnacha IIÉ taifeadta ar bhunachar sonraí proforma amháin um chlárú sócmhainní.

Soláthar

Caitheadh €617k san iomlán ar cheannach sócmhainní in 2012. Cuireadh nósanna imeachta soláthair daingne i bhfeidhm agus i líon suntasach cásanna ceannaíodh sócmhainní ar chreataí arna mbunú ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair nó tríd an tairseach eTenders. Sócmhainní nár ceannaíodh trí na próisis sin, bhain siad le cásanna sonracha um riachtanais oiriúnaithe nó riachtanais force majeure. Tá luach ar airgead ina ghné dhílis de chultúr na heagraíochta agus tá sé fós á chothabháil ag an lucht bainistíochta.

Pleanáil Airgeadais

Bainistíocht Airgeadais agus Chisteáin

Chomhlíon an Rannóg Airgeadais, le cabhair ónár máthair-Roinn, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha, na riachtanais cistiúcháin straitéiseacha agus oibríochta araon in 2012. Bhí ceannach áitribh nua i mBaile Átha Cliath ina phríomhchuspóir straitéiseach do 2012. Cé nár síníodh na conarthaí deiridh i rith 2012, bhí na cistí faighte, agus tarraingíodh anuas iad in 2013 nuair a thug IIÉ an cheannach chun críche.

Tháinig méadú 33.73% ar an toradh ó chistí atá ar thaiscí le hais 2011; bhí aistriú gnóthaí baincéireachta go dtí Banc na hÉireann ina phríomhchúis leis sin, mar aon le huasmhéadú a dhéanamh ar an toradh ar na táirgí éagsúla a bhí ar fáil acu agus cur i bhfeidhm cláir ghníomhaigh um bainistiú cisteáin.

Cistiú le haghaidh 2012

In 2012 fuair IIÉ deontas Stáitchiste €25.448 milliún ar leithdháileadh €17.665 milliún de do phá, a chosain €19.6 san iomlán. Ghin IIÉ €5.3 milliún ó fhoinsí eile in 2012 chomh maith. Rinneadh é sin a ath-infheistiú i mbainistíocht, caomhnú agus cosaint acmhainne na n-iascach intíre.

Gineadh €0.55 milliún breise ón gCiste Caomhnaithe Bradán in 2012. Íocfar an ciste sin amach in 2013 le haghaidh athinfheistíochta i gcaomhnú agus athshlánú iascaigh/gnáthóga bradán agus breac geal. Cuirfear cuid de na cistí ar fáil do chlubanna agus cónaidhmeanna slatiascaireachta agus d'eagraíochtaí den chineál céanna.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (TFC)

SharePoint/ Inlín

Suiteáladh ailtireacht freastalaithe um óstáil Ghréasáin inlín chun an bonn a sholáthar le haghaidh forbairt a dhéanamh ar inlín IIÉ, atá bunaithe ar SharePoint. Leis an inlín, soláthrófar modh níos sábháilte agus níos éifeachtaí do IIÉ chun faisnéis agus sonraí a chomhroinnt laistigh de theorainneacha a líonra sonraí lárnach.

Córais Faisnéise Geografaí (GIS) Láimhe

Baineadh triail as foirmeacha bailithe sonraí allamuigh ar tháibléid a ndearnadh níos láidre iad d'fhonn bailiú sonraí a shruthlíniú agus a chaighdeánú, agus cumasú spásúil a dhéanamh ar phróisis IIÉ anois agus sa todhchaí, go háirithe maidir le hoibríochtaí allamuigh. Tá sé beartaithe go ndéanfar an tionscadal GIS Móibíleach sin a chomhtháthú le córas stórála sonraí digiteacha slána, a bheidh níos láraithe. Áirítear leis na foirmeacha tosaithe a forbraíodh i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, *Compass Informatics* agus *Geofield*, suirbhé leictriascaireachta, líon claiseanna, bacainní agus suirbhé ar lochanna. Feabhsófar na foirmeacha chun aiseolas praiticiúil ó chomhghleacaithe a chur san

áireamh agus déanfar moltaí a mheas ó rannóga éagsúla de chuid IIÉ ar phróisis eile a d'fhéadfadh leas a bhaint as úsáid na bhfoirmeacha táibléid sin, amhail suirbhéanna comhshaoil nó struchtúir agus seastáin.

Roghnaíodh roinnt gléasanna GIS láimhe chun triail a bhaint as feidhmchlár móibíleach allamuigh um ghabháil sonraí. Gné amháin den triail arb ea an ceanglas sonraí allamuigh arna ngabháil le déanaí a uaslódáil ar ais go dtí an bunachar sonraí beo atá suite i lárionad sonraí IIÉ. Cinneadh teicneolaíocht mhóibíleach 3G a úsáid, trína bhféadfaí nasc díreach a bhunú leis an lárionad sonraí gan aon bhaol don tslándáil agus na sonraí faoi bhealach. Déanfar tástáil bhreise ar an bhfeidhmchlár ar feadh 2013.

Monatóireacht Líonra

Déantar monatóireacht leanúnach anois ar gach gné de nascacht líonra idir gach suíomh dúiche. Is féidir aon chur isteach féideartha ar nasc sonraí a aithint go luath, rud a fhágann go mbíonn an t-am ag foirne tacaíochta imscrúdú a dhéanamh ar shaincheistanna líonra níos leithne a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Soláthraítear fabhtcheartú líonra réamhghabhálach leis an monatóireacht sin.

Scagadh Ábhar Idirlín

Déanfar an trácht brabhsála Idirlín a scagadh anois maidir le cumarsáid isteach agus cumarsáid amach araon. Leis an modh scagtha sin, cuirtear tuilleadh feabhais ar shlándáil imlíne an líonra, agus cuirtear timpeallacht cuardaigh Idirlín shábháilte ar fáil d'úsáideoirí IIÉ trí mhonatóireacht níos mionsonraithe a dhéanamh ar thrácht Gréasáin agus trí sheiceáil le haghaidh cód mailíseach suímh Gréasáin.

Tacaíocht Dúiche TFC

Cuireadh tacaíocht TFC ar ardchaighdeán ar fáil go leanúnach d'oifigí na gCeantar Abhantraí chomh maith leis an gceannoifig i Sord i rith na bliana. Chuir an rannóg TFC roinnt tionscadal *ad hoc* i gcrích. Bunaíodh áis nua ticéadaithe don deasc chabhrach go luath in 2012, agus ardaíodh agus réitíodh níos mó ná 350 saincheist i rith na bliana.

Suiteáladh ríomhchlár nua monatóireachta bonneagar TF agus chabhraigh sé sin i ndáil le haga neamhfhónaimh nialasach a bhaint amach in 2012 ar bhonn réamhghabhálach.

Rialachas Corparáideach

In 2012 d'fhorbair an Rannóg na dréachtbheartais seo a leanas:

- Dréacht-Chlár Riosca IIÉ
- Dréacht-Lámhleabhar um Nósanna Imeachta Airgeadais IIÉ.

Cuireadh tús le hobair ar Chlár Sócmhainní Seasta IIÉ a chuíchóiriú agus a thabhairt cothrom le dáta.

Cuireadh dréacht-Tuarascáil Bhliantúil 2011 faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha faoin spriocdháta reachtúil.

Tionóladh ceithre chruinniú den choiste iniúchóireachta in 2012.

I rith 2012 chomhordaigh IIÉ freagraí ar 91 ceist Pharlaiminte.

Iniúchadh Inmheánach

Chuir na hiniúcháirí inmheánacha, RSM McClure Watters, dhá iniúchadh inmheánacha i gcrích in 2012; Athbhreithniú ar Shócmhainní Seasta, faoinar scrúdaíodh an Clár Sócmhainní Seasta reatha agus an dréacht-Bheartas um Shócmhainní Seasta, agus Athbhreithniú Frithchalaoise faoina ndearnadh scrúdú ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i ndáil le sealúchais airgid, soláthar, stoic agus soláthairtí, ioncam agus urghabhálacha.

Rinne IIÉ iarracht cloí leis an Acht um Íocaíochtaí Prasa agus is féidir tuairisc ar dhul chun cinn a fháil ar an suíomh Gréasáin agus in Aguisín 26 de na hAguisíní a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táthar ag súil dul chun cinn breise a dhéanamh sa réimse sin in 2013.

Iascach Intíre Éireann

Dréacht-Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2012

IASCACH INTÍRE ÉIREANN					
DRÉACHTCHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON TRÉIMHSE 12 MHÍ DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012					
	Nótaí	2012		2011	
		€	€	€	€
Ioncam					
Cistiú Stáit agus Cistiú ón AE					
Deontais oibríochta		24,918,580		24,946,450	
Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean	12c	3,289,961	28,208,541	3,953,587	28,900,037
Ioncam eile	2b		5,305,324		5,163,341
Aistriú ó / (go dtí) Cuntas Caipitil	10		1,067,121		967,111
			34,580,986		35,030,489
Caiteachas					
Riarachán	3		4,825,126		4,818,088
Oibriúcháin	4		27,543,422		28,147,660
			32,368,548		32,965,748
Barrachas / (Easnamh) amháin an 1 Eanáir			4,042,166		1,977,424
Barrachas / (Easnamh) ag deireadh na tréimhse			2,212,438		2,064,742
			6,254,604		4,042,166
RÁITEAS UM GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLITEANAS AITHEANTA IOMLÁN DON TRÉIMHSE 12 MHÍ DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012					
		2012		2011	
		€		€	
(Easnamh)/barrachas don tréimhse		2,212,438		(1,907,730)	
Caillteanas / (gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanas sceim pinsin		705,000		3,592,000	
Athruithe ar an mbonn tuisceana faoi luach reatha dhliteanas na scéime pinsin		13,967,000		(996,000)	
Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach ar dhliteanas phír	12b	14,672,000		2,596,000	
Coigeartú ar Chistiú Pinsin iarchurtha		(14,672,000)		(2,596,000)	
(Caillteanas)/gnóthachan Aitheanta Iomlán don Tréimhse		2,212,438		(1,907,730)	
Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntaisíochta agus Nóifí go dtí 17 ina gcuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo					
Priomhfheidhmeannach			Dáta		
Comhalta Boid			Dáta		

Iasc anadromach Iasc a bheirtear in uisce úr agus a chaitheann an chuid is mó dá shaol san fharraige agus a fhilleann ar an uisce úr chun sceitheadh. Samplaí coitianta díobh is ea an bradán, an smealt, an tsead, an doingean riabhach, agus an bradán fearna. Déanann iasc catadromach a mhalairt: bíonn cónaí air in uisce úr agus téann sé go dtí uisce sáile chun sceitheadh. Tá formhór na n-eascanna catadromach.

Bundú Struchtúr chun an t-uisce a chosc ó theacht isteach

Cora Crump Go ginearálta, cora atá deartha le fána ar leith chun freastal ar áiritheoir iasc

DCENR Department of Communications, Energy and Natural Resources / An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náúúrtha

DoF Department of Finance / An Roinn Airgeadais

Leictre-Iascaireacht Úsáid a bhaint as frithghníomhú iasc i leith réimsí leictreachais in uisce chun gabháil éisc a éascú

FI Fáilte Ireland / Fáilte Éireann

Áiritheoirí Iasc Gléas leictreonach a úsáidtear chun an líon iasc imirce a chinneadh thar shuíomh ar leith. (Féach Logie, Páirtscrúdú agus Vaki, Áiritheoirí)

ÚÁ Údarás Áitiúil

Áiritheoir Logie Áiritheoir iasc friotachais a chuirtear trasna cora chun éisc atá ag dul in aghaidh an tsrutha nó le sruth a áireamh.

MI Marine Institute / Foras na Mara

NPWS National Parks and Wildlife Service / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

OPW Office of Public Works / Oifig na nOibreacha Poiblí

Otailití – tugtar 'clocha cluaise' orthu de ghnáth, agus is struchtúir chrua de charbónáit chailciam iad atá suite díreach taobh thiar den inchinn in éisc cnámhacha. Léirítear in íomhánna X-ghathaithe de bhreac geal ballach suíomh agus treoshuíomh na n-otailití.

Páirt-áiritheoir Áiritheoir iasc nach gclúdaítear leis ach cuid de leithead na hAbhann, nó nach ndéanann comhaireamh ach ar chuid den bháire iasc.

Iascaigh 'Cuir agus Tóg' Iascaigh ina gcuirtear stoc de bhric ghorlainne ar mhéid inghabhála chun slatiascaireacht áineasa a chruthú.

Clib PIT Is ionann clib um Thrasfhreagróir Comhtháite Éighníomhach (PIT) agus clib sreanga ionchódaithe atá ceangailte ar an iasc, agus is féidir í a léamh go cianda le léitheoir clibe PIT atá bunaithe ar theicneolaíocht um minicíocht raidió.

Clais Nead sceite arna dhéanamh ag an iasc, go háirithe bradán nó breac.

CA Ceantar Abhantraí.

Snámh An chuid de shruth ina mbíonn éisc le fáil.

Buan-Choiste Eolaíoch um Bradán Is é a chuspóir comhairle neamhspleách eolaíoch a chur ar IIÉ maidir le hEascanna agus Bradán.

TI Tourism Ireland/Turasóireacht Éireann


Áiritheoir Vaki Áiritheoir iasc infiridhearg a úsáidtear in áiteanna caola ar nós bealach éisc chun bradáin agus bric gheala a áireamh.

CTU Water Framework Directive / An Chreat-treoir Uisce.

WI Waterways Ireland / Uiscebhealaí Éireann.

Aguisíní

Aguisín 1. Príomh-oifigí Iascach Intíre Éireann agus Léarscáil na gCeantar Abhantraí



Aguisín 2: Sceideal na Áiritheoirí Iasc a bhí á bhfeidhmiú ag IIÉ in 2012

Sceideal na Áiritheoirí Iasc a bhí á bhfeidhmiú ag IIÉ in 2012			
Abhainn	Dúiche	Cineál Áiritheora	Áiritheoir Iomlán / Páirt-Áiritheoir
Abhainn Bhun Abhann	Baile na Cille	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Ghlinne	Baile na Cille	Vaki agus ceamara	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Chuil Finn	Baile na Cille	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Damhrois	Baile na Cille	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Fhéil	Luimneach	Logie	Páirt-Áiritheoir
An Mháighe	Luimneach	Logie	Páirt-Áiritheoir (á Uasghrádú go dtí Ceann Iomlán)
An Mhaoilchearn	Luimneach	Logie	Páirt-Áiritheoir (á Uasghrádú go dtí Ceann Iomlán)
An tSláine	Loch Garman	Logie	Páirt-Áiritheoir
An Bhóinn	Droichead Átha	Vaki	Páirt-Áiritheoir
An Iascaigh	Béal Átha Seanaidh	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Eidhnigh	Béal Átha Seanaidh	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Mhuinchinn (Ceathrú Mhór Leacan)	Baingear	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Mhuaidh	Béal an Átha	Logie agus dhá Vaki	Páirt-Áiritheoir
An Abhainn Mhór	Baingear	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Bhaile Easa Dara	Sligeach	Vaki	Áiritheoir Iomlán
An Abhainn Dubh	Baingear	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn na hOirimhe	Baile na Cille	Vaki	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Chasla	Conamara	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Abhainn Mhór (Baile na hInse)	Conamara	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Eidhneach	Conamara	Logie	Páirt-Áiritheoir
Abhainn/Loch na Coiribe	Gaillimh	Logie	Páirt-Áiritheoir
Abhainn Átha Féan	Dún Dealgan	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Níth	Dún Dealgan	Vaki	Áiritheoir Iomlán
An Dóinn	Ciarraí	Logie	Áiritheoir Iomlán
An Mhaing	Ciarraí	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abha an Choireáin	Ciarraí	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn na Bandan	Corcaigh	Logie	Páirt-Áiritheoir
Abhainn Dhún Coillín	Gaillimh	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Bhoth Loiscthe	Gaillimh	Logie	Áiritheoir Iomlán
Abhainn Ghabhla	Conamara	Vaki	Áiritheoir Iomlán
An Gharbhóg	Sligeach	Vaki	Páirt-Áiritheoir

Aguisín 3: Iomlán na nDaonuaireanta Patróil le haghaidh 2012

*Athraitheas inchomparáide mar gheall ar chuid mhaith níos lú lochanna i réigiún CAOD.

Sainmhínítear 'patróil' mar na daonuaireanta arna gcaitheamh ón uair a fhágtar an bhunáit go dtí go bhfilltear uirthi agus tagraítear leis do phatróil arna ndéanamh ag baill foirne IIÉ ag lochanna, aibhneacha, uisce cósta agus dobharlaigh inbhir.

Daonuaireanta Patróil			
Ceantar Abhantraí	Iomlán na nDaonuaireanta Locha 2012	Iomlán na nDaonuaireanta maidir le Patróil Abhann 2012	Iomlán na nDaonuaireanta Cósta/Inbhir 2012
CAO	8,720	15,963	1,217
CAOD	72*	16,690	3,961
CAID	5,506	16,575	1,436
CAAS	4,436	18,327	4,671
CAI	4,536	26,877	4,897
CAIT	5,343	21,066	1,071
Iomlán	28,613	115,498	17,253

Aguisín 4: Líon na bPatróil de réir Modhanna Éagsúla (*R3, R4 2012)

*Méadrach nua atá i gceist a tugadh isteach mar chuid den Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2012. Dá bhrí sin, tiomsaíodh sonraí le haghaidh an mhéadraigh thar an tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin.

Líon na bPatróil de réir Modhanna Éagsúla							
Ceantar Abhantraí	Patróil Rothair	Patróil Chuadroth air	Patróil i gCadhc	Patróil Feithicle	Patróil Árthaigh Uisce Phearsanta	Patróil Bháid	Iomlán CA
CAO	108	0	21	4,325	0	36	4,490
CAOD	0	6	0	721	0	25	752
CAID	6	0	13	3,044	13	28	3,104
CAAS	0	0	0	1,113	0	154	1,267
CAI	0	0	2	5,117	0	246	5,365
CAIT	0	27	0	1,064	0	48	1,139
Iomlán	114	33	36	15,384	13	537	16,117

Aguisín 5. Measúnuithe Comhshaoil in 2012

Ceantar Abhantraí	Líon na dTograí Pleanála agus Ceadúnaithe a ndearnadh measúnú orthu in 2012	Líon na dTograí Foraoiseachta a ndearnadh measúnú orthu in 2012
CAO	374	64
CAOD	376	170
CAID	371	239
CAAS	348	108
CAI	516	161
CAIT	201	67
Iomláin	2,186	809

Aguisín 6: Líon na gCigireachtaí Comhshaoil in 2012

* De bharr raon feidhme leathan oibre IIÉ agus cineál uathúil gach CA, is féidir réimse leathan a bheith ag cigireachtaí comhshaoil ó thaobh castachta, agus baineann leibhéil éagsúla riachtanais imscrúdaithe leo. Tuairiscíonn na CA ar Chigireachtaí Comhshaoil a mheastar gur 'amharc-chigireachtaí' iad, agus freisin ar chásanna níos casta ina bhfuil leibhéal níos airde anailíse/cigireachta de dhíth.

*Cigireachtaí Comhshaoil	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Cigireachtaí Feirme	262	564	118	706	92	315	2,057
Áitreabh Tionsclaíoch	137	148	28	61	37	365	776
Ionaid Chóireála Fuíolluisce & Uisce	441	123	128	135	111	450	1,388
Oibreacha Innealtóireachta Sibhialta	271	479	130	68	170	519	1,637
Suíomhanna Foraoiseachta	55	108	69	35	229	77	573
Suíomhanna Tionsclaíocha	254	148	69	28	87	90	676
Iomlán CA	1,420	1,570	542	1,033	726	1,816	7,107

Aguisín 7. Líon na gCigireachtaí ar Shealbhóirí Ceada agus Ceadúnais (R3, R4 2012)

*Seo méadrach nua a tugadh isteach i mí Iúil 2012. Dá bhrí sin, tiomsaíodh sonraí le haghaidh an mhéadraigh sin thar an tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin.

** Is figiúr measta é seo.

*Cigireachtaí ar Shealbhóirí Ceada agus Ceadúnais i R3 agus R4 de 2012	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Sealbhóirí Ceadúnas Tráchtála Bradán agus Breac Geal	0	92	160	95	240	43	630
Sealbhóirí Ceadúnas Áineasa Bradán agus Breac Geal	315	73	750	840	2,760	248	4,986
Cigireachtaí ar Shlatiascairí Neamh-Cheadúnaithe (Slatiascairí Breac, Garbhiasc agus Mara)	455	538	520	2,411	1,378	**400	5,302

Aguisín 8. Ionchúisimh agus Fíneálacha ar an Láthair 2012

Ionchúisimh agus Fíneálacha ar an Láthair	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Líon na nIonchúiseamh	11	7	24	11	13	32	98
Líon na gCásanna sa Chúirt	11	5	10	10	25	28	89
Cásanna a ndearnadh Achomharc ina leith	1	2	5	0	2	0	10
Líon na bhFíneálacha ar an Láthair a Eisíodh	56	22	107	107	35	61	388
Líon na bhFíneálacha a Íocadh	33	17	79	62	19	31	241
Fíneálacha ar an Láthair in 2012	€4,950	€2,550	€11,950	€8,925	€2,850	€4,650	€35,875

Aguisín 9. Oibreacha um Fhorbairt na Slatiascaireachta 2012

Oibreacha um Fhorbairt na Slatiascaireachta	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Líon na dTionscadal um Fheabhas ar Shaoráidí Slatiascaireachta	8	1	0	14	4	12	39
Infheistíocht um Fheabhas ar Shaoráidí Slatiascaireachta € (Seachas Tionscadail um Chaomhnú Bradán)	€13,500	€2,000	€350.00	€161,780	€6,400	€15,000	€199,030
Líon na Strapaí, na nDroichead Coisithe, agus na nArdán a ndearnadh Ionadú orthu	32	1	3	7	25	219	287
Líon na Spásanna Iascaireachta Breise a Cruthaíodh	40	0	0	15	1	812	868
Líon na nGarbhiasc a Aistríodh laistigh den Réigiún	300	0	0	526	276	49	1,151

Aguisín 10. Tuarascáil sé mhí ar Athshlánú Aibhneacha/Sruthanna (R3, R4 2012)

*Seo méadrach nua a tugadh isteach i mí Iúil 2012. Dá bhrí sin, tiomsaíodh sonraí le haghaidh an mhéadraigh sin thar an tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin.

*Tagraíonn Suíomhanna Abhann a Forbraíodh do shuíomhanna nach ndearnadh aon obair orthu roimhe sin.

**Tagraíonn Abhainn/Sruth a nDearnadh Cothabháil Air nó Uirthi do shuíomhanna ina ndéantar obair leanúnach chun a chinntiú go ndéantar cáilíocht na habhann nó an tsrutháin a chothabháil ar ardchaighdeán.

*** Tagraíonn Athshlánú Srutha do shuíomhanna a ndearnadh obair athshlánaithe orthu tar éis damáiste nó meath suntasach.

Athshlánú Aibhneacha/Sruthanna	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Líon na Suíomhanna Abhann a nDearnadh Forbairt Orthu*	5	5	2	10	31	63	116
Fad na nAibhneacha/Sruthanna a nDearnadh Cothabháil Orthu ** (méadair)	460	0	4.2	850	32,696	25,370	59,380.2
Fad Srutha Athshlánaithe *** (méadair)	97	3,000	500	7,610	5,027	3,778	20,012

Aguisín 11. Litreacha Rabhaidh um Chaomhnú Comhshaoil a Eisíodh in 2012 i leith nithe comhshaoil

Caomhnú Comhshaoil	Líon na Litreacha Rabhaidh a Eisíodh
CAO	22
CAOD	272
CAID	135
CAAS	23
CAI	20
CAIT	103
Iomlán	575

Aguisín 12: Tuarascáil ar Rialú Truaillithe agus ar Cháilíocht Uisce 2012

Rialú Truaillithe agus Cáilíocht Uisce	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAITD	Iomlán
Slad ar Éisc a Tuairiscíodh	4	1	2	1	1	1	10
Slad ar Éisc de bharr Cleachtais Talmhaíochta	0	0	0	0	0	0	0
Slad ar Éisc de bharr Oibríochtaí Tionscail	0	0	2	0	0	0	2
Slad ar Éisc de bharr Oibreacha Bardasacha	0	0	0	1	0	0	1
Eile	4	1	0	0	1	1	7
Líon na Samplaí Uisce a Bailíodh	91	135	80	2,234	301	538	3,379

Aguisín 13. Suirbhéanna Forbartha Iascach a rinneadh in 2012

Suirbhéanna Forbartha Iascach	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomláin
Líon na Suirbhéanna Riosca ar Shrutháin Bheaga	0	2	0	0	6	0	8
Líon na Suirbhéanna Leictriascaireachta	70	25	24	33	124	21	297
Líon na Suirbhéanna Ginearálta ar Iascaigh	15	7	5	23	15	18	83

Aguisín 14. Tuairiscí do Bheolíne Cosanta Iascach 24 Uaire IIÉ in 2012

Líon na dTeagmhas a Tuairiscíodh do Bheolíne Cosanta Iascach 24 Uaire IIÉ Teil. 1890 34 74 24	
Cineál Teagmhais	Líon
Líon na gCásanna Iascaireachta Neamhdhleathaí a Tuairiscíodh	220
Líon na gCásanna Truailithe a Tuairiscíodh	133
Líon na gCásanna um Speicis Ionracha a Tuairiscíodh	7
Eile	118
Líon iomlán na nGlaonna	478

Aguisín 15: Tionscadail arna gCistiú faoi Láthair

Aguisín 16. Fodhlíthe agus Ionstraimí Reachtúla (I.R.) 2012 a achtaíodh in 2011 do shéasúr

Teideal an Tionscadail nó an tSuirbhé	Stiúrthóir an Tionscadail	Buiséad Iomlán €	Fad	Foinse an Chistiúcháin
Tionscadal um Chaomhnú Acmhainní Uisceacha an Atlantaigh (AARC)	Paddy Gargan	€3.87	3 Bliana	ERDF, IIÉ, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) & Foras na Mara
Tionscadal LIFE na Maoilchearna, Tionscadal LIFE+ an AE	Ruairí Ó Conchúir	€1.74	5 Bliana	IIÉ, Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Contae Luimnigh, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas
Bainistiú Speiceas Ionrach Uisceach in Éirinn (CAISIE)	Joe Caffrey	€1.5	4 Bliana	Life+ an AE agus & an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
Tionscadal Ceilteach an Bhric Ghil (CSTP)	Paddy Gargan & Willie Roche	€466,000	3 Bliana	Cistiú inmheánach IIÉ agus INTERREG IVa na hÉireann agus na Breataine Bige
Monatóireacht Faireachais ar Stoic Éisc i Lochanna, Aibhneacha agus Uiscí Idirthréimhseacha, faoin gCreat-Treoir Uisce	Fiona Kelly	€366,000	Ar siúl go leanúnach	IIÉ
Clár Comhshaoil um Fheabhsú Aibhneacha (EREP)	Martin O'Grady, Jimmy King	€305,000	Ar siúl go leanúnach	Oifig na nOibreacha Poiblí
Tionscadal Uiscebhealaí Éireann	Joe Caffrey	€235,000	Ar siúl go leanúnach	Uiscebhealaí Éireann
Treoir maidir le Gnáthóga	James King	€200,000	Ar siúl go leanúnach	IIÉ
Plean Náisiúnta Bainistíochta Eascann	Paddy Gargan	€188,766	Ar siúl go leanúnach	IIÉ
Tionscadal ar Shroicheadh na Teorann Caomhantais Bradán	Paddy Gargan	€120,224	Ar siúl go leanúnach	Ciste Stampa Caomhnaithe
Taighde Eascann EELIAD	Paddy Gargan	€115,544	4 Bliana	AE
Taighde um an Liús	Joe Caffrey	€96,000	3 Bliana	IIÉ & IFPAC
Suirbhéanna ar Stoic Éisc ar Loch na Coiribe	Martin O'Grady	€50,000	Ar siúl go leanúnach	IIÉ
Clár Taighde & Monatóireachta um an Doingean	William Roche	€23,000	Ar siúl go leanúnach	Cistiú inmheánach IIÉ agus Creat an AE um Bailiú Sonraí

2012 agus ar achtaíodh iad laistigh de shéasúr 2012

Fodhlí Uimh.	Fodhlíthe a achtaíodh in 2011 do shéasúr 2012
308 de 2011	Séasúr Coiscthe Abhainn na Daoile Cheantar Bhéal an Átha
309 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Aibhneacha Dúnta)
310 de 2011	Séasúr Choiscthe Cheantar Lios Mór um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal
311 de 2011	Toirmeasc ar Dhuánacht le Slat agus Dorú ar Abhainn an Toir
885 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Teorainneacha Mála)
886 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Gabháil agus Scaoileadh)
887 de 2011	Caomhnú Breac Geal, Fodhlí Uimh. 887, 2011
889 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Siúire)
890 de 2011	Abhainnchóras Abhóca (Gabháil agus Scaoileadh)
891 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Bandan)
892 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Daraí Duibhe)
893 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Sláine)
894 de 2011	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn Na Sionainne) (Gabháil agus Scaoileadh)
Fodhlí Uimh.	Fodhlíthe a achtaíodh in 2012
312 de 2012	Fodhlí um Chaomhnú Iascaireachta Eascann
895 de 2012	Ceantar Bhéal an Átha (toirmeasc ar dhuánacht le slat agus dorú)
896 de 2012	Caomhnú bradán agus breac geal (An Fheoir)
897 de 2012	Fodhlí Duánachta
898 de 2012	Caomhnú bradán agus breac geal (Abhainn na Sláine)
899 de 2012	Caomhnú Bradán agus Breac Geal: Líonta tarraingthe agus smeachlíonta
900 de 2012	Caomhnú Bradán agus Breac (Síneadh ar Shéasúr na líonta tarraingthe)
Ionstraimí Reachtúla (I.R.)	
I.R. Uimh. 705 de 2011	Rialacháin na Scéime Clibeála Bradán agus Breac Geal (Uimh. 2) 2011
I.R. Uimh. 706 de 2011	Rialacháin um Iascaigh Intíre (Fógra Muirear Seasta) (Uimh. 2) 2011
I.R. Uimh. 89 de 2012	Acta Dorú um Rialú Iascaireachta Bradán 2012

Aguisín 17. Díolachán Ceadúnas um Shlatiascaireacht Bradán agus Breac Geal agus Aischur Turasleabhar 2012

Ceantar Abhantraí	Ceadúnais Slatiascaireachta Bradán & Breac Geal a Díoladh	Turasleabhair Bhradán & Bhreac Geal a Cuireadh ar Ais	*% Aischur Turasleabhar
CAO	1,079	1,001	93%
CAOD	1,549	1,242	80%
CAID	4,479	3,491	78%
CAAS	1,242	1,037	84%
CAI	7,936	5,559	74%
CAIT	3,303	2,267	68%
Iomlán	19,588	14,597	74.52%

Aguisín 18. Díolachán Ceadúnas um Shlatiascaireacht Bradán agus Breac Geal i ngach CA 2012

Catagóir an Cheadúnais	Bliantúil A	Dúiche B	Ógánach P	21 Lá R	1 Lá S	An Fheabhail Sínithe W	Áitiúil Speisialta X	Iomlán don Réigiún
CAO	546	363	56	78	32	4	0	1,079
CAOD	358	962	247	474	432	475	355	3,303
CAID	261	743	111	66	59	2	0	1,242
CAAS	379	873	114	143	40	0	0	1,549
CAI	1563	3704	781	2770	1214	107	0	10,139
CAIT	405	611	167	658	425	10	0	2,276
Iomlán	3,512	7,256	1,476	4,189	2,202	598	355	19,588

Aguisín 19. Tuairisc um Cheadúnais Iascaireachta agus Iascaigh faoi Bhainistíocht CA 2012

Ceadúnais Slatiascaireachta Slaite a eisíodh		CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
An Bradán agus an Breac Geal		1,079	1,549	4,479	1,242	7,936	3,303	19,588
Ceadúnais Tráchtála a eisíodh								
Bradán								
Líon Tarraingthe	Líon	0	0	42	0	19	13	74
Líon Tarraingthe CFO	Líon	0	0	0	50	0	0	50
Líon Tarraingthe Speisialta Áitiúil	Líon	0	0	0	0	23	8	31
Smeachlíon	Líon	0	87	7	0	0	0	94
Eile	Líon	0	0	1	0	0	0	1
Iomláin	Líon	0	87	50	50	42	21	250
Déileálaithe Bradán / Breac	Líon	53	24	36	15	31	13	172
Déileálaithe Moileasc	Líon	63	22	28	28	17	6	164
Iascaigh faoi Bhainistíocht IIÉ								
Iascaigh Bhainistithe	Líon	1	0	16	18	13	7	55
Ioncam	€	€1,200	0	€122,133	€94,483	€322,444	€41,441	€581,701

Aguisín 20. Tionscadail faoin gCiste Caomhnaithe Bradán 2012 ar bhonn na gcistí a íocadh amach

- (1) – bailíodh an chomhpháirt chaomhantais in 2011, leithdháileadh cistí in 2012
 (2) – Áirítear leis na tionscadail seo cinn ar leithdháileadh cistí dóibh idir 2009 agus 2012
 (3) – Bunaithe ar thionscadail a cuireadh i gcrích in 2012, leithdháileadh cistí ar na tionscadail seo thar na tréimhse 2009-2012
 (4) – Iomlán an chúnaimh deontais a íocadh amach in 2012 do thionscadail ar leithdháileadh cistiú dóibh idir 2009 agus 2012.

Tionscadail faoin gCiste Caomhnaithe Bradán (SCF)	Náisiúnta Tionscadail	CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Líon na dtionscadal SCF ar leithdháileadh cistí orthu in 2012 ón chomhpháirt chaomhantais den cheadúnas (1)	2	8	8	2	11	4	2	37
Líon na dtionscadal SCF a cuireadh i gcrích in 2012 (2)	4	3	3	0	7	3	2	22
Luach iomlán na dTionscadal a cuireadh i gcrích nó a ndearnadh iarratas ina leith € (3)	€439,818	€24,946	€29,704	€0	€255,157	€93,724	€111,772	€955,121
Luach airgeadaíochta an chúnaimh a cuireadh ar fáil € (4)	€368,876	€23,128	€29,473	€0	€50,265	€75,888	€111,772	€659,402
Luach na cabhrach a cuireadh ar fáil mar chéatadán de chostas iomlán na n-oibreacha	84%	93%	99%	0%	20%	81%	100%	69%

Aguisín 21. Gabhálacha Tráchtála Bradán agus Breac Geal de réir abhann ó Thuairiscí Turasleabhar 2012

Ceantar Iascaigh	Inneall / Cineál	Abhainn	Líon na mBradán a Gabhadh	Líon na mBreac Geal a Gabhadh	Iomlán An Ghabháil Bradán & Breac Geal a Tuairiscíodh
Port Láirge	Smeachlíon	Abhainn na Feoire	759	4	763
	Smeachlíon	Abhainn na Siúire	622	2	624
Lios Mór	Smeachlíon	An Dubhabhainn (Mumhan)	894	0	894
	Líon Tarraingthe	An Dubhabhainn (Mumhan)	119	1	120
Corcaigh	Líon Tarraingthe	An Laoi Íochtarach	1,407	9	1,416
		Abhainn na Bandan	64	0	64
		An Aighlinn	118	1	119
Ciarraí	Líon Tarraingthe	An Leamhain (Lena n-áirítear Abha Oileán Úcaire)	1,343	5	1,348
		An Ruachtach	18	0	18
		An Abhainn Mhór (Cé Bhréanainn)	124	0	124
		Abhainn na hUíne	27	1	28
		Loch na dTrí gCaol	844	3	847
Luimneach	Líon Tarraingthe CFO	An Casán / An Fhéil	1,509	0	1,509
Baile na Cille	Líon Tarraingthe	An Caoláire Rua	369	0	369
		Abhainn Damhrois	38	0	38
		Abhainn Chuil Finn	7	0	7
		Abhainn Ghlinne (An Clochán)	35	0	35
Baingear	Líon Tarraingthe	An Abhainn Mhór	371	0	371
		An Abhainn Dubh	445	8	453
		Comh-inbhear	274	0	274
		Abhainn Ghleann na Muaidhe	24	0	24
		Abhainn na Daraí Duibhe	12	0	12
Béal Átha Seanaidh	Líon Tarraingthe	An Eidhnigh	202	0	202
Leitir Ceanainn	Líon Tarraingthe Speisialta Áitiúil	Abhainn Fhia / Abhainn tSocair / Luacharois Mór	548	0	548
	Líon Tarraingthe	Abhainn Ghaoth Beara	146	0	146
Iomlán			10,319	34	10,353

Aguisín 22. Stocáil Éisc IIÉ 2012

Gaillimh * Tagraíonn 49,949 do ghealóga bradán a tháirgtear ag Gorlann Chonga arna stocáil amach mar chuid den chlár turgnamhach rainseoireachta.

Béal an Átha ** Tagraíonn 15,000 do ghilidíní breac donn fiáin a tháirgtear agus a scaoiltear i ndobharcheantar Loch Arbhach.

Stocáil Éisc Fhiáine ag IIÉ		CAO	CAOD	CAID	CAAS	CAI	CAIT	Iomlán
Bradáin Stocáilte	Líon	0	0	0	0	*49,949	0	49,949
Garbhéisc a Aistríodh	Líon	300	0	0	526	431	0	1,257
Breac Donn Fiáin – Gilidíní	Líon	0	0	0	0	**15,000	0	15,000
Iomlán		300	0	0	526	65,380	0	66,206
Stocáil Éisc Thógtha le IIÉ								
Bric Dhonna Óga	Líon	0	0	0	150,000	0	0	150,000
Breac Donn 1 Bhliain d'aois	Líon	0	0	0	400	0	0	400
Breac Donn 2 Bhliain d'aois	Líon	1,500	0	3,050	16,950	4,650	0	24,650
Breac Dea-dhathach 1 Bhliain d'aois	Líon	1,500	0	34,350	8,900	1,000	0	44,250
Breac Dea-dhathach 2 Bhliain d'aois	Líon	0	0	1,150	0	400	0	1,550
Iomlán		3,000	0	38,550	176,250	6,050	0	220,850

Aguisín 23. Clibeáil agus Athghabháil Speiceas Mara. Figiúirí go dtí Nollaig 2012

	Líon Clibeáilte go dtí Nollaig 2012	Líon Athghafa go dtí Nollaig 2012	% Aischiú	Laethanta Saoirse	Fad Clúdaithe (km)	Líon Clibeáilte in 2012
Siorc Gorm	19,208	858	4.47%	0-6502	0-6800	244
Craosaire	171	8	4.68%	71-3947	142-3860	8
Siorc Súisteála	1	0	0.00%	n/b	n/b	0
Gearrthóir	7,355	486	6.61%	28-6587	0-3496	290
Láimhíneach	1,028	190	18.48%	0-4526	0-1152	0
Sciata	1,335	184	13.78%	0-3257	0-432	13
Sciata Socfhada	3	0	0.00%	n/b	n/b	0
Sciata Bán	21	1	4.76%	975	4.8	0
Rotha Fhionn	735	124	16.87%	26-1871	0-128	1
Roc Dústríoctha	1,116	55	4.93%	0-2676	0-96	6
Rotha Gharbh	10,315	316	3.06%	0-2190	0-180	77
Roc Mionsúileach	280	13	4.64%	13-1398	0-32	6
Roc Mìn	394	13	3.30%	294-1373	0-115.2	0
Roc na Súl Dubh	9	0	0.00%	n/b		0
Fíogach Gobach	435	2	0.46%	280-521	1400	36
Doingean	1,805	56	3.10%	0-1373	0-140.8	0
Milléad Liath	311	5	1.61%	0-275	0-320	0
Leith	287	30	10.45%	0-738	0-5.6	0
Roc an Gha Nimhe	43	0	0.00%	n/b	n/b	0
Fíogach Mór	142	6	4.23%	103-1499	0-249.6	7
Daba	43	2	4.65%	378	3.2	0
Scoirneach	179	4	1.82%	1775	760	48
Leathóg	5	1	20.00%	70	0	0
Tuinnín Gorm	11	0	0.00%	n/b	n/b	0
Fíogaigh Dubh	8	0	0.00%	n/b	n/b	0
Iomlán	45,281	2,211				736
Líon Iomlán na nIasc a Clibeáladh go dtí seo: 43,572						



**Inland Fisheries Ireland
3044 Lake Drive,
Citywest Business Campus,
Citywest,
Dublin 24,
Ireland.**

Tel: +353 1 8842 600

**Web: www.fisheriesireland.ie
Email: info@fisheriesireland.ie**